




**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**  
**LAOIS COUNTY COUNCIL**



**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022**  
**ANNUAL REPORT 2022**

# TEACHTAIREACT COMHPHÁIRTEACH ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Thomasina Connell

Cathaoirleach



John Mulholland

Príomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2022 a chur i láthair, ina leagtar amach an réimse leathan seirbhísí a chuir Comhairle Contae Laoise ar fáil i rith na bliana mar aon le mionsonraí an iliomad tionscadal bonneagair arna gcur chun cinn ag an gComhairle.

Bíonn Comhairle Contae Laoise ag freagairt i gcónaí don líon mór dúshlán i ndáil le seirbhísí fíor-riachtanacha a chur ar fáil don phobal. Ag tús na bliana 2022, níor thuigear go mbeadh easáitíú ar cheann de na scálaí is mó ó bhí an dara Cogadh Domhanda ann mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Bunaíodh Foireann thiomanta Freagartha don Úcráin laistigh den Chomhairle chun na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn. Ag deireadh na bliana 2022, bhí 789 saoránach Úcránach easáitithe ina gcónaí i Laois. Leanfaidh an Chomhairle ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí agus ag tacú leis an iarracht freagartha daonnúla isteach sa bhliain 2023 agus chomh fada agus a mheasann an Rialtas go bhfuil gá leis.

Tá sé mar ardtosaíocht ag Comhairle Contae Laoise tithíocht shóisialta a sholáthar chun an fás atá ag teacht ar an éileamh ar tithíocht shóisialta a riar. Le straitéis cúig bliana faoin bplean ‘Tithíocht do Chách’, gealltar go ndéanfar 534 teach sóisialta agus inacmhainne a sholáthar faoin mbliain 2026. Soláthraíodh 229 díobh sa bhliain 2022. Tá an Chomhairle deimhneach go ndéanfar os cionn 300 aonad a sheachadadh sa bhliain 2023. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag forchéimniú sheachadadh roinnt tithe faoin tionscnamh tithíochta inacmhainne. Tá forbairt láithreáin seirbhísithe le haghaidh féin-tógáil ar shuíomhanna éagsúla ar fud an chontae fós mar thosaíocht ag an gComhairle freisin. Faoi clár Éifeachtúla Fuinnimh/Iarfheistithe Lár Tíre, thug an Chomhairle faoi oibreacha ar 185 ionad réadmhaoine ar an iomlán ar fud an chontae, rud a bhfuil éifeachtúlachtaí méadaithe fuinnimh ann dá thoradh air.

Ghlac an Chomhairle an Plean Forbartha Contae 2021-2027 i mí Eanáir 2022. Is é sin an doiciméad beartais is suntasaí chun tacú le dearcadh straitéiseach na Comhairle maidir le fás an Chontae. Cuireadh tús le Pleananna Limistéir Áitiúil le haghaidh limistéir Phort Laoise agus Cheatharlach/na Gráige sa bhliain 2022.

Leanadh le leathnú na Páirce Fiontraíochta Náisiúnta J17 i bPort Laoise nuair a díoladh láithreáin do dhá ghnólacht nua agus iad ag cur le líon na n-oibreoirí atá lonnaithe sa pháirc mhór fiontraíochta cheana féin. I rith na bliana 2022, chuir an Oifig Fiontair Áitiúil cúnamh leanúnach deontais ar fáil do ghnólachtaí incháilithe i Laois chun íoc as costais a bhaineann le gnólacht nuathionscanta, pleananna um ghnó a leathnú a chur le chéile, agus dul isteach i margáí nua agus tuilleadh post a chruthú. Faomhadh €319,515 de chúnamh deontais le bronnadh ar 14 ghnólacht i Laois sa bhliain 2022 agus an fhéidearthacht ann chun 51 post lánaimseartha eile a chruthú as seo.

Ceapadh Mainistir Laoise mar an mBaile Beag is Slachtmhaire arís sa bhliain 2022 agus bhuaigh sí bonn óir. Tugadh ardmholadh chomh maith do Dharú sa chatagóir náisiúnta “Daoine Óga” agus bronnadh Gradam Iarrachta ar Chúil an tSúdaire mar aitheantas ar an méadú céatadán is airde ná an bhliain roimpe. Bronnadh bonn airgid ar Phort Laoise a bhí i gcatagóir na mbailte leis na daonraí is airde.

I gcaitheamh na bliana 2022, chuir an Chomhairle roinnt mhaith gníomhartha praiticiúla ón Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019-2024 agus d'oibrigh sí i gcomhar le páirtithe leasmhara maidir le cabhrú le Contae Laoise chun dul in oiriúint don athrú aeráide agus é a mhaolú. Tuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil 2021 an SEAI ar Éifeachtúlacht Fhuinnimh de chuid na hEarnála Poiblí, go ndearna Comhairle Contae Laoise coigilt de 59% roimh dheireadh na bliana 2021 i gcoinne na sprice de 33% faoin mbliain 2020 agus 51% faoin mbliain 2050, agus is é seo méid is airde a bhain aon Údarás Áitiúil amach in Éirinn.

Táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach sa bhliain 2023. Táimid muiníneach as ár gcumas chun na dúshláin a bhainistiú agus chun forbairt an Chontae a fhorchéimniú chun leas na nglúnta atá ann anois agus atá le teacht.

Tá súil againn go mbainfidh tú ard Eolas agus suim as an Tuarascáil Bhliantúil seo.

# ÁBHAR

Ráiteas Misin	4
Comhaltaí Chomhairle Contae Laoise	5
Gnóthaí Corparáideacha, AD, TF, Pobal, Leabharlanna agus Gníomhú ar son na hAeráide	6
Freagairt Dhaonnúil do dhídeanaithe atá ag teitheadh ó choinbhleacht na hÚcráine	42
Tionscadail um Bonneagar, Seirbhísí Uisce, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála agus Tionscadail Speisialta	44
Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil	69
Airgeadas, Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht	89
My Pay	104
Aguisíní	105
Conas dul i dTeagmháil linn	110

# RÁITEAS MISIN

*“Is í an Chomhairle a bheidh i gceannas ar fhorbairt inbhuanaithe gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus pobail ár gContae agus déanfaidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar ar na pobail a bhfreastalaímid orthu”*

## Sainordú

Is í Comhairle Contae Laoise an príomhúdarás i gContae Laoise a thoghtar go daonlathach, a chuireann raon leathan agus ilchineálach seirbhísí a imríonn tionchar ar ghníomhaíochtaí geilleagracha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionscail, turasóireachta agus cultúrtha an chontae. Áirítear leis na seirbhísí sin tithe, bóithre, forbairt pleanála agus gheilleagrach, bainistiú dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí áineasa, leabharlanna, forbairt chultúrtha agus pobail a chur ar fáil agus a chothabháil, lena n-áirítear an spórt agus áineasa. Feidhmíonn Comhairle Contae Laoise mar ghníomhairí chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Freastalaíonn fórsa mór oibre ar an gComhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlí, riaracháin, airgeadais agus allamuigh.

## Comhaltas sa Chomhairle

Tá 19 Comhalta Tofa ag Comhairle Contae Laoise– sé chomhalta an Cheantair Bhardasaigh ó Cheantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí – Mhóinteach Mílíc agus Ceantar Bardasach na Gráige-Chúil an tSúdaire agus seacht gcomhalta ó Cheantar Bardasach Phort Laoise.



Na Comhaltaí Tofa i dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh ag CGB Chomhairle Contae Laoise i mí an Mheithimh 2019

## Cruinnithe na Comhairle

Reáchtáladh Cruinnithe na Comhairle a reáchtáladh sa bhliain 2022 ar an Luan deireanach de gach mí i Seomra na Comhairle leis an rogha teacht isteach trí mheán cianda. Reáchtáladh cúig chruinniú déag sa bhliain 2022 gan aon chruinniú i mí Lúnasa.

## Grúpa um Beartas Corparáideach

Tá an Grúpa um Beartas Corparáideach ceaptha chun cur leis an sainordú daonlathach agus le ról ceaptha beartais na gcomhaltaí tofa. Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach agus cuimsítear leis Cathaoirleach na Comhairle mar aon le ceithre Chathaoirleach na gCoistí um Beartas Straitéiseach agus go dtí mí an Mheitheamh 2022 Cathaoirleach Cheantar Bardasach na Gráige/Cúil an tSúdaire. Is é príomhfheidhm an Ghrúpa um Beartas Corparáideach obair na gCoistí um Beartas Straitéiseach a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina ndéanfar cinntí beartais a mbeidh tionchar acu ar an gComhairle ina hiomláine a chomhaontú lena seoladh chuig an gComhairle ina hiomláine le cinneadh a fháil ina leith. Chruinnigh an Grúpa um Beartas Corparáideach faoi 12 sa bhliain 2022.

## Ceantair Bhardasacha

Is iad seo a leanas na mionsonraí a bhaineann le líon na gCruinnithe Ceantar Bardasach a reáchtáladh sa bhliain 2022:

Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí/Móinteach Mílíc -12 cruinniú

Ceantar Bardasach na Gráige-Chúil an tSúdaire—11 cruinniú

Ceantar Bardasach Phort Laoise—12 cruinniú

# COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE LAOISE

## BAILL DE CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC



Patrick Bracken (F.F.)



John King (F.G.)



Oliver Clooney (Neamh-Pháirtí)



Conor Bergin (F.G.)



Seamus McDonald (F.F.)



James Kelly (Neamh-Pháirtí)

## BAILL CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE



Barry Walsh (F.G.)



John Joe Fennelly (F.F.)



William Aird (F.G.)



Noel Tuohy (Páirtí an Lucht Oibre)



Catherine Fitzgerald (F.F.)



Caroline Dwane Stanley (S.f.)



Thomasina Connell (F.G.)

## BAILL CHEANTAR BARDASACH-CHÚIL AN tSÚDAIRE/ NA GRÁIGE



P J Kelly (F.G.)



Aisling Moran (F.G.)



Pádraig Fleming (F.F.)



Ben Brennan (Neamh-Pháirtí)



Aidan Mullins (S.F.)



Paschal McEvoy (F.F.)

D'éirigh an Comhairleoir Mary Sweeney as Comhairle Contae Laoise le héifeacht ón 31 Nollaig 2021 i ndiaidh 22 bliain de sheirbhís phoiblí, le Comhairle Baile Port Laoise agus mar Chomhairleoir Contae do Cheantar Bardasach Phort Laoise araon. Bhí an Comhairleoir Sweeney ina Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Laoise freisin. Bhí sí tiomanta dá ról mar ionadaí don phobal agus bhí ardmheas uirthi. Bhí an Comhairleoir Sweeney ina ball foirne de sheirbhís Leabharlann Chontae Laoise. Ghuigh na Comhaltaí Tofa, mar aon leis an mBainistíocht agus an Fhoireann, gach rath ar an gComhairleoir Sweeney agus í ag dul ar scor.



Mary Sweeney (F.G.)

## GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

### Plean Corparáideach

Glac Comhaltaí na Comhairle Plean Corparáideach Chomhairle Contae Laoise 2019 –2024 i mí na Samhna 2019. Leis an bPlean Corparáideach, cuirtear creat ar fáil do chur chun feidhme straitéis le haghaidh fhorbairt an chontae don tréimhse 2019-2024 agus ullmhaíodh é i ndiaidh comhairliúchán le fostaithe, le hionadaithe tofa, leis an bpobal, le leasanna deonacha agus an chomhshaoil, le páirtithe leasmhara seachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile a oibríonn ar an leibhéal áitiúil.

### Cairt do Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chomhairle Contae Laoise do Chustaiméirí na bealaí ina bhféachfaidh an Chomhairle le déileáil lena cuid custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeánt i ngach Oifig poiblí de chuid na Comhairle agus ar ár suíomh gréasáin ag [www.laois.ie](http://www.laois.ie). Áirítear sa Chairt seo tiomantas don chomhionannas i soláthar seirbhísí agus aitheantas ar ilchineálacht an phobail a fhreastalaímid air. Áirítear sa Chairt freisin Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí ar féidir le héinne nach bhfuil sásta le cáilíocht na seirbhíse a fuarthas leas a bhaint as.

### Buaicphointí

- 20 Márta 2022—Searmanas Cuimhneacháin agus Machnaimh chun cuimhneamh orthu siúd a fuair bás le linn na paindéime agus chun ómós a léiriú orthu siúd a chur leis an dúshlán a shárú.
- 28 Aibreán 2022— Fáiltiú Cathartha in ómós Gary O'Reilly
- 12 Bealtaine 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Nicole Turner
- 27 Bealtaine 2022—Fáiltiú an Chathaoirligh in ómós Chumann na Laoiseach, Baile Átha Cliath
- 29 Iúil 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Mike Dunphy
- 18 Lúnasa 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Fhoireann Sacar Cailíní Faoi 14 Port Laoise AFC
- 19 Meán Fómhair 2022— Fáilte Oifigiúil in ómós na hEagraíochta Domhanda Treabhdóireachta agus an Chumann Náisiúnta Treabhdóireachta
- 3 Samhain 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Scuid Camógaíochta Faoi 16 Laoise
- 10 Samhain 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Zach Tuohy
- 25 Samhain 2022— Fáiltiú Cathartha in ómós Pheil na mBan Laoise
- 1 Nollaig 2022—Fáiltiú Cathartha in ómós Martin McDonald

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

### GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, AD, TF, POBAL, LEABHARLANNA & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE



Grúpa ag an bhFáilteú Cathartha in ómós Mike Dunphy ar an 29 Iúil 2022



Bronnadh ar Anna May McHugh ag an bhFáilteú Cathartha ar an 19 Meán Fómhair 2022



Bronnadh ar Zach Tuohy ag an bhFáilteú Cathartha ar an 10 Samhain 2022



Bronnadh ar Fhoireann Camógaíochta Faoi 16 Laoise ag an bhFáilteú Cathartha ar an 3 Samhain 2022

#### Plean Bliantúil Seachadta Seirbhísí

Ghlac na Comhaltaí an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse don bhliain 2023 ag a gcuinniú Comhairle a réachtáladh ar an 12 Nollaig 2022. Déanfar cur chun feidhme an Phlean a athbheithniú sa bhliain 2023 mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean 2024. Cuirfear san áireamh freisin feidhmíocht na Comhairle a mhéid a bhaineann le táscairí feidhmíochta mar a shonraíonn an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht.

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, AD, TF, POBAL, LEABHARLANNA & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

### Comhpháirtíocht

Bhí na baill seo a leanas ina mbaill de Coiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre ar an 31 Nollaig 2022

#### Ainmnithe Bainistíochta

Angela McEvoy  
Carmel McNicholl  
Adrian Barrett  
Bernie Foran  
Susan Grant

#### Ainmnithe Ceardchumann

Anne Marie Maher  
Rosa Bray  
Deirdre Alexander  
Tom O'Carroll  
Edmond Kenny

Chruinnigh an Choiste Comhpháirtíochta uair amháin le linn na bliana 2022.

### Scéim na Gaeilge

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Laoise agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2009. Is féidir an scéim a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin, [www.laois.ie](http://www.laois.ie). Leanfar leis an obair maidir le scéim nua a ullmhú. Aithníonn Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí a roghnú gnó a dhéanamh linn ina rogha teanga agus éascaítear na déileálacha sin chomh fada agus is indéanta, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Más mian leat dul i dteagmháil leis a gComhairle trí mheán na Gaeilge, seol ríomhphost chuig [gaeilge@laoiscoco.ie](mailto:gaeilge@laoiscoco.ie).

### Saoráil Faisnéise (F.O.I.)

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Tugadh isteach leis an Acht sin athruithe suntasacha don réimeas um Shaoráil Faisnéise lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2003 agus lena leathnaítear raon feidhme F.O.I chuig roinnt comhlachtaí eile. Rinne sé an rialachán a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a nuashonrú freisin.

### Iarratais a fuarthas sa bhliain 2022

Iarratais ar láimh an 31 Nollaig 2021:	2
Iarratais a fuarthas sa bhliain 2022:	70
Cinntí a rinneadh le linn na bliana 2022 (lena n-áirítear 14 iarratas scortha):	63
Iarratais nár Leanadh leo:	14
Iarratais a ndéileáiltear leo lasmuigh de FOI:	0
Iarratais ar láimh an 31 Nollaig 2022:	7

### Cineál Iarratas

Pearsanta:	25
Neamh-Phearsanta:	45
Measctha:	0

### Achomhairc

Rinneadh 1 achomharc chun an Choimisinéara Faisnéise sa bhliain 2022.



## Tuarascáil Bhliantúil 2022

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, AD, TF, POBAL, LEABHARLANNA & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

### Foinsí na n-Iarratas

An Pobal i gCoitinne, Aturnaetha, agus Eile	45
Iriseoirí:	25

### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta

Leagtar amach in Alt 126c den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 feidhmeanna an Choimisiúin um Fhormhaoirsiú agus Iníúcháireacht, lena n-áirítear scrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i ndáil le dhá tháscaire is daichead.

D'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iníúcháireacht an tuarascáil i ndáil leis an mbliain 2021 i mí na Samhna 2022. Áirítear feidhmíocht Chomhairle Contae Laoise i ngach réimse sa bhliain 2021 sa tuarascáil i ngach mí ábhartha.

### Clár Rollach na dTogthóirí ag an 22 Feabhra 2023

<u>Dáilcheantar</u>	<u>Togthóirí Uachtaráin</u>	<u>Togthóirí Dála</u>
Laois—Uíbh Fhailí	52,375	53,154
Cill Dara Theas	5,832	5,933
<u>Togchearantar Pharlaimint na hEorpa</u>	<u>Togthóirí na hEorpa</u>	<u>Togthóirí Féideartha na hEorpa</u>
Theas	58,939	841
<u>Togchearantair Áitiúla</u>	<u>Líon na dTogthóirí</u>	
Buiríos Mór Osraí-Móinteach Mílic	20,200	
An Ghráig-Cúil an tSúdaire	20,300	
Port Laoise	21,587	
<u>Post-Vótálaithe agus Vótálaithe Speisialta</u>		
Gardaí	Laois –Uíbh Fhailí	1
	Cill Dara Theas	0
Óglaigh na hÉireann	Laois –Uíbh Fhailí	183
	Cill Dara Theas	41
Taidhleoirí	Laois –Uíbh Fhailí	7
	Cill Dara Theas	0
Daoine Faoi Mhíchumas Fisiceach	Laois-Uíbh Fhailí	9
	Cill Dara Theas	0
Gairm	Laois –Uíbh Fhailí	1
	Cill Dara Theas	0
Vótálaithe Anaithnide	Laois –Uíbh Fhailí	0
	Cill Dara Theas	0
Vótálaithe Speisialta	Laois-Uíbh Fhailí	12
	Cill Dara Theas	0

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, AD, TF, POBAL, LEABHARLANNA & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

### ACMHAINNÍ DAONNA


#### Staidreamh Earcaíochta

Tá 530 duine ar an iomlán (lena n-áirítear comhraitheoirí dóiteáin coimeáda) fostaithe ag Comhairle Contae Laoise amhail an 31 Nollaig 2022.

Reáchtáil an Chomhairle 31 comórtas i gcaitheamh na bliana 2022. Reáchtáladh an chuid is mó de na hagallaimh ag Halla an Chontae.

#### Soláthar Rathúil

Ó mhí Eanáir 2022, rinneadh na haschuir seo a leanas a sholáthar dár gComhairle



#### Tionscnaimh maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil

Sa bhliain 2022, rinneadh an tionscnamh oifigiúil maidir le hobair chumaiscthe a leathadh amach go rathúil, inar tugadh cuireadh d'fhostaithe iarratas a dhéanamh ar chianobair ón mbaile.

Leanadh leis na tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil, lena náirítear Sos Gairme, Comhroinnt Oibre, agus Bliain Oibre Níos Gaire.

#### Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta

Tagann na táscairí feidhmíochta sa doiciméad seo ó Thuarascáil Uimh. 50 ón gCoimisiún um Fhormhaoirsiú agus Iníúchóireacht, arna foilsiú i mí na Samhna 2022 ag baint úsáid as sonraí suas le 31.12.21, mar gheall gurb é sin an tacar sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil.

I ndáil leis an táscaire feidhmíochta náisiúnta maidir le líon na laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinneas deimhnithe agus neamhdheimhnithe, tá feidhm ag an staidreamh seo a leanas:

Líon Iomlán na foirne Coibhéis Lánaimseartha (CL) in LA (bunaithe ar shonraí chomh fada le 31/12/2021)	Deimhnithe	Neamhdheimhnithe
449.26	2.50%	0.22%

Tá sprioc náisiúnta maidir le neamhláithreachtaí de dheasca tinneas deimhnithe nó neamhdheimhnithe socraithe ag 3.5%.

#### Caidreamh Tionscail

Lean Comhairle Contae Laoise de bheith ag cothabháil caidreamh maith tionscail i rith na bliana 2022. Níor tháinig aon mhór-aighneas chun cinn. Oibríonn an Chomhairle de réir na gComhaontuithe maidir le Seirbhís Poiblí i gcomhairle le hAontais ábhartha. Cuireadh arduithe pá idirbheartaithe, siardhátaithe go mí Feabhra 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022, i bhfeidhm i dteannta athshlánú na seachtaine oibre 35 uair an chloig.

### Oiliúint agus Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Contae Laoise tiomanta d'oiliúint agus d'fhorbairt ár bhfostaithe uile i gcomhthéacs spriocanna agus chuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus i gcomhthéacs fhorbairt scileanna na bhfostaithe. Tá an Chomhairle tiomanta d'fheabhas leanúnach i seachadadh seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an clár oiliúna bliantúil bunaithe go príomha ar na riachtanais oiliúna a shainaitnítear trí Phleananna Forbartha Foirne agus trí Phleananna Forbartha Pearsanta mar chuid de phróiseas an Chórais Bainistithe Forbartha Feidhmíochta. Ionchorpraítear sa Chlár freisin ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta, cláir Náisiúnta FETAC, cláir foghlama oscailte tríú leibhéal agus seimineáir/ceardlanna a bhaineann le gnó, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.

Sa bhliain 2022, rinneadh réimse cláir oiliúna a sheachadadh lena n-áiríodh an méid seo a leanas –

- Safepass
- Láimhsiú Sábháilte
- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil ag Oibreacha Bóthair
- Dromchla agus Deisiúcháin Bóthair
- Oscailt Bóthair agus Bóthar a Chur Ar Ais
- Iniúchadh agus Cinnireacht TTM
- Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiomána
- Sábháilteacht Dréimire
- Oiliúint ar Shábh Shlabhrach
- Oibríochtaí Gléasra Cóireála Fuíolluisce
- Oiliúint Gairme Garchabhrach le haghaidh fostaithe allamuigh
- Oiliúint Bainistithe Taifid
- Soláthar Poiblí Glas

### Clár Foghlaim Oscailte

Déanfaidh Comhairle Contae Laoise a dícheall, faoi réir acmhainní atá ar fáil, chun tacú le fostaithe ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí foghlama oscailte atá ábhartha i ndáil le forbairt gnó na Comhairle agus ról agus freagrachtaí an fhostaí araon, agus a chuireann leis an méid sin. I measc roinnt de na cláir foghlama oscailte a éascaíodh le linn na bliana 2022, bhí:

- Teastas i mBonnoiliúint RGCS
- Teastas na hInstitiúide Chairte um Fhorbairt Pearsanra i mBainistiú Daoine
- Teastas/Diplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil
- Teastas IPASS i dTeicnící Párolla

### An Comhionannas agus Tacú leis an Ilchineálacht

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a thugann aird ar an ngá chun deireadh a chur le hidirdhealú, chun an comhionannas a chur chun cinn agus chun cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as a seirbhísí a chosaint.

I mí na Samhna 2022, foilsíodh an Tuarascáil maidir leis an mBearna Fáil idir na hInscní ar ár suíomh gréasáin ag <https://laois.ie/wp-content/uploads/Gender-Pay-Gap-Report-2022.pdf>

Tiomsaíodh an tuarascáil bunaithe ar shonraí ar fáil suas leis an 30 Meitheamh 2022.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

CEANNASAÍ NA gCÓRAS FAISNÉISE

Pat Grassick

Déanann an Roinn Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) bainistiú ar bhonneagar , córais bogearraí agus suíomh gréasáin TFC na Comhairle. Áirítear leis sin an freastalaí Datacenter, ríomhairí deisce agus pearsanta, gutháin phóca agus trealamh cumarsáide líonra gan sreang nó le sreang i Halla an Chontae, in Oifigí an Limistéir, i Leabharlanna, agus ag suíomhanna eile na Comhairle ar fud an chontae.




Cuireann an Roinn tacaíocht theicniúil ar fáil do na rannóga uile na Comhairle agus do chomhaltaí Chomhairle Contae Laoise agus tá sí freagrach as córais TFC na Comhairle a chur chun feidhme, a chothabháil, a fhorbairt agus a chosaint. Rinne an fhoireann tacaíochta TFC níos mó ná 9,500 glao tacaíochta teicniúil a láimhseáil sa bhliain 2022, méadú seasta in aghaidh na bliana fad is a mbíonn digitiú na seirbhíse ag teacht chun cinn ar fud na heagraíochta. Léiríonn an méid sin freisin an timpeallacht hibrideach agus luach na tacaíochta TFC i ndáil le seachadadh seirbhísí ag an gComhairle.

Tá an Roinn TFC tiomanta freisin do bheartas fheabhas leanúnach na seirbhísí TFC, laistigh den Chomhairle féin agus don phobal a bhaineann leas as seirbhísí na Comhairle araon, ag díriú níos mó agus níos mó ar sheirbhísí ar líne do shaoránaigh Chontae Laoise.

Seomra na Comhairle

Leathadh amach córas Comhdhála Closamhairc i Seomra na Comhairle chun cruinnithe hibrideacha a éascú agus chun cáilíocht fhoriomlán na fuaime agus taithe fhoriomlán an chruinnithe a fheabhsú. Cuirtear an teicneolaíocht is fearr do sheomraí cruinnithe fíorúla a chur ar fáil don Chomhairle agus do na comhaltaí tofa leis sin ó thaobh comhlíonadh a ndualgas thar ceann shaoránaigh Chontae Laoise.



Slándáil TFC

Ardaíodh próifíl na Cibearshlándála le Comhairle Contae Laoise le hearcú Oifigeach Slándála Faisnéise. Rinneadh cibearthástáil inmheánach agus sheachtrach chun leochaileachtaí féideartha i mbonneagar TF na Comhairle a sheiceáil. Cuireadh córas faireacháin slándála (SIEM) i bhfeidhm chun an ghníomhaíocht ar an gcóras TF a chur le chéile agus chun aon ghníomhaíocht mhailíseach a d'fhéadfadh tarlú a shainithint.

Sa bhliain 2022, lean an Roinn lenár dtiomantas do chumarsáid oscailte agus chomhoibrítheach leis an bpobal slándála, lena ndéantar naisc leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC), le Grúpa náisiúnta Oifigeach Slándála na nÚdarás Áitiúil, le grúpa réigiúnach na n-oifigeach slándála agus le piaraí eile.

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

### GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA, AD, TF, POBAL, LEABHARLANNA & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Rinne an Roinn an Chomhairle a thomhais in aghaidh 2 chaighdeán – Rialuithe CIS (130 beart) agus Bunchaighdeáin Chibearshlándála na hEarnála Poiblí de chuid an NCSC (104 beart) chun bearnaí a shainaithint; agus déanann an Roinn a dícheall feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh ar staid shlándála na Comhairle. Déanann an Roinn feachtais feasachta foirne rialta freisin ar na bagairtí atá ann i dtírdhreach digiteach a bhíonn ag méadú i gcónaí.

#### Cumarsáid TFC

Sa bhliain 2022, chuir Comhairle Contae Laoise réiteach néalbhunaithe, Microsoft Teams, in ionad an chórais oidhreachta fóin. Leis seo, cuirtear córais fóin úrscothach ar fáil agus déantar ár dteagmháil le saoránaigh a fheabhsú tuilleadh. Leis an ardán cumarsáide aontaithe, cuirtear ar chumas na foirne glaonna ‘a fhreagairt ó aon áit’ agus cuirtear deireadh leis an dolúbthacht a bhaineann leis an seanchóras fóin.

#### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021

Líon iomlán amhairc leathanaigh shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2020 per capita	Líon iomlán leantóirí chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil ag deireadh 2020, per capita	Costas Foriomlán an tSoláthair TCF in aghaidh an WTE	Costas Foriomlán TCF mar chion den Chaiteachas Cánach
7.70	0.69	€4,361.91	2.32

AN COISTE UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE & BEARTAS STRAITÉISEACH POBAIL

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Donal Brennan

ARDOIFIGEACH FEIDHMEANNACH:

Pamela Tynan

<u>Comhaltaí</u>	<u>Earnála</u>
An Comhairleoir John King	Ruth Sullivan (PPN, Pobal/Deonach)
An Comhairleoir Pádraig Fleming (Cathaoirleach)	Bobby Delaney (PPN, An Comhshaol)
An Comhairleoir P.J Kelly	Donald Scully (Piléar na Feirmeoireachta Talmhaíochta)
An Comhairleoir James Kelly	Michael Gorman (PPN, Ionchuimsiú Sóisialta)
An Comhairleoir Oliver Clooney	Ann Fingleton (PPN Gnó/Tráchtála)

Coiste Forbartha Áitiúil Laoise (LCDC)

Bunaíodh **Coiste Forbartha Áitiúil Laoise** i mí Mheán Fómhair 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus straitéiseach i leith Forbairt Áitiúil agus Pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a fheabhsú. Tacaíonn Roinn Phobail Chomhairle Contae Laoise leis an LCDC agus déanann sí formhaoirseacht ar an méid seo a leanas:



- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP). Lean LCDC Laoise lena formhaoirsiú ar an gClár SICAP 2018-2023 agus rinne sí an buiséad bliantúil de €694,860 don bhliain 2022 a riar. Is í Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise feidhmeoir an chonartha.
- Cuspóirí pobail sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Straitéis Forbartha Áitiúil Laoise arna oibriú faoin gClár LEADER 2014 – 2020 agus faoin gClár Idirthréimhseach 2021/2022, i gcomhpháirt leis an údarás áitiúil (comhpháirtí airgeadais) agus an chuideachta forbartha áitiúil (comhpháirtí cur chun feidhme).
- An Clár LEADER 2014–2020 – tháinig an clár seo chun críche ar an 31 Márta 2021 ar ina leith a rinne Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise 134 tionscadal a fhorbairt, dar luach €5,557,492.21.
- Cuireadh tús le clár idirthréimhseach LEADER 2021/2022 ar an 1 Aibreán 2021 agus bronnadh €1,092,976 ar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise le haghaidh tionscadal. Amhail an 31 Nollaig 2022, rinne an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta 47 tionscadal a fhorbairt dar luach €1,982,597.66. Tá an méid seo le laghdú ag díchimithe agus ag tionscadail chomhoibríthe LEADER/Bia, rud a fhágann iarmhéid tionscadail de €0.02 amhail an 31 Nollaig 2022.
- Leithdháileadh maoiniúcháin de €485,767 ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) don chlár LEADER. Amhail an 31 Nollaig 2022, rinne an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta 13 tionscadal a fhorbairt dar luach €484,302.56, rud a d'fhág iarmhéid tionscadail de €1,592.48.
- Ciste Gníomhaíochtaí Pobail – Leithdháileadh suim €237,048 ar 132 grúpa (€106,185 i maoiniú caipitil agus €166,863 i maoiniú reatha)

### Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Laoise

Bunaíodh PPN Laoise i mí an Mhárta 2015 agus is é an príomhnasc trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil ceangal le grúpaí Pobail agus Deonacha, Ionchuisithe Sóisialta agus Comhshaoil laistigh de Chontae Laoise. Cuireann an PPN é ar chumas na ngrúpaí ionadaithe PPN a ainmniú do chomhlachtaí cinnteoireachta agus ceaptha beartais sa chontae, amhail an LCDC, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus an Comhchoiste Póilíneachta. Leanann PPN Laoise le méadú a líonra. Tá 660 grúpa cláraithe leis faoi láthair.

Chuir PPN Laoise, i gcomhar le Comhairle Contae Laoise fáilte roimh na céadta toscaire ainmnithe ó 31 PPN a ionadaíonn 18,000 ballgrúpa ó fud fad na hÉireann, don Chomhdháil Náisiúnta PPN 2022 a reáchtáladh sa Midlands Park Hotel ón Aoine an 21 Deireadh Fómhair go dtí an Satharn an 22 Deireadh Fómhair 2022. Thacaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leis an imeacht. Ag labhairt dó leis an gcomhdháil, leag an tAire Joe O'Brien, T.D. béim ar thábhacht na Líonraí PPN, maidir le tacú le Pobail trí Phaindeim COVID-19. D'fhreastail toscairí ar réimse leathan turas, inar léiríodh obair iontach mheithleacha oibre PPN Laoise.

D'oibrigh PPN Laoise i gcomhar le Comhairle Contae Laoise ar roinnt tionscnamh agus tionscadal a thacaigh le Pobail i Laois amhail – Fóram Freagartha Pobail don Úcráin, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain na Sábháilteachta Tine, Dámhachtainí Pobail agus Deonacha agus Laois Connects.

Thacaigh PPN Laoise le ballgrúpaí PPN sa bhliain 2022 trí imeachtaí éagsúla oiliúna agus forbartha acmhainní agus ba mhol faisnéise é maidir le deiseanna maoiniúcháin agus comhairliúcháin phoiblí.



### Dámhachtainí Pobail agus Deonacha Laoise 2022

Reáchtáladh Searmanas Dhámhachtainí Pobail agus Deonacha Laoise 2022 ar an 28 Deireadh Fómhair 2022 sa Midlands Park Hotel, Port Laoise, arna óstáil ag Comhairle Contae Laoise in éineacht le PPN Laoise agus bhí sé urraithe ag People First Credit Union. Bronnadh onóir ar ainmnithe i 7 gcatagóir as a rannchuidiú do shaol an phobail i Laois. Ina measc bhí Dámhachtain an Laoich Neamhaitheanta agus Dámhachtain Spóirt nuabhunaithe, An Limistéar Cónaithe is Fearr Coimeádta agus Dámhachtain d'Oibrí Deonach Sóisearach na Bliana. Gach bliain ag na Dámhachtainí, léirítear an obair iontach a bhíonn ar bun go háitiúil ag na hearnálacha pobail/deonacha, ionchuisithe sóisialta agus comhshaoil i gContae Laoise.

### Comhpháirtíocht Oideachais

Tá clár “Domhan na hOibre” de chuid Chomhpháirtíocht Ghnó na Scoileanna dírithe ar dhaltaí na dara bliana mar go bhfuil sé léirithe go bhfuil an idirghabháil seo níos éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar cheist na ndaoine a fhágann an scoil go luath nó chun é a sheachaint. Reáchtáiltear an clár seo le Coláiste Phort Laoise agus bíonn seisiún tosaigh, forbhreathnú ar an gcuideachta, Lá sa Saol ina gcastar baill foirne na Comhairle le cúlraí éagsúla oibre agus oideachais ar scoláirí, cuairt ar an láthair agus seisiún clabhsúir i gceist. Reáchtáiltear Comhpháirtíocht Ghnó na Scoileanna Náisiúnta agus an Roinn Oideachais agus Scoileanna an clár in éineacht le Comhairle Contae Laoise.

### Laois Comhairle na nÓg

In 2022. Bhí 35 comhalta ar Chomhairle na nÓg Laoise agus reáchtáil sí 31 cruinniú. Ba é an tionscadal a bhí acu don bhliain 2022 ná Feasacht Meabhairshláinte. D'éagraigh siad imeacht fíor-rathúil Rith Spraoi Ildaite a reáchtáladh ar an 13 Bealtaine 2022, a raibh díreach faoi bhun 500 duine i láthair aige ó gach cearn de Laois.



Ghlac comhaltaí Chomhairle na nÓg páirt i roinnt comhairliúcháin agus imeachtaí freisin. Ar cheann de na himeachtaí sin, bhí seoladh an chárta taistil i mBaile Átha Cliath. Ghlac 2 chomhalta de Chomhairle na nÓg páirt i gcainteanna TEDx i nDún Laoghaire. Reáchtáladh CGB Chomhairle na nÓg Laoise sa Midlands Park Hotel ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 agus bhí gach meánscoil i Laois ann, chomh maith le Ógtheagmháil, Ionad Acmhainní Teaghlaigh, Scoil San Proinsias agus Club Óige Bhaile an Bhiocáire.





### Pride of Place 2022

Agus é 20 bliain faoi bhláth, is comórtas bliantúil é Pride of Place, arna eagrú ag an gcarthanacht cothaithe síochána Co-operation Ireland agus tá sé urraithe ag IPB Insurance. Is comórtas uile-oileáin é, ina n-ainmníonn údaráis áitiúla ar fud oileán na hÉireann grúpaí ina bpobail a chreideann siad a chuir go mór le feabhsú a gcomharsanachta, ag obair lena chéile. Sa bhliain 2022 rinne Baile na Coille ionadaíocht ar Laois i gcatagóir Daonra 300-1000 saoránach.

Ar an 16 Bealtaine 2022, fógraíodh Coiste na mBailte Slachtmhara Mhainistir Laoise mar bhuaiteoirí a gcatagóire ag dámhachtainí IPB Pride of Place 2021 a réachtáladh san INEC i gCill Airne. Ghlac Mary White, Betty Whelan agus an Comhairleoir John Joe Fennelly leis an dámhachtain.



### Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise

Chruinnigh Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise faoi 4 sa bhliain 2022. Glacadh Plean Straitéiseach na Comhchoiste Póilíneachta 2022-2027 ag cruinniú mhí Mheán Fómhair 2022 de chuid Chomhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise a réachtáladh ar an 12 Meán Fómhair 2022. Bíonn cruinnithe Mheitheal Oibre na Comhchoiste Póilíneachta in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh fós ann i ngach ráithe.

### Ciste na dTionscadal Pobail (Comhaltaí Tofa) 2022

Tugadh maoiniú do níos mó ná 101 grúpa/tionscadal pobail faoi Chiste na dTionscadal Pobail (Comhaltaí Tofa) sa bhliain 2022, €102,256 san iomlán.

### Tionscadail Chomhoibríocha/Ionchuimsiú Sóisialta

Chuaigh Comhairle Contae Laoise i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara i ndáil le tionscadail le linn na bliana 2022, lena n-áirítear:

- Clár Cóitseála Pobail
- Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine Faoi Mhíchumas Clár
- Lónra Laoise um Lánpháirtíú
- Lá na hAfraice i Laois
- Tacaíochtaí lánpháirtithe do phobail nua
- Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLD)
- Lá Fágála Bealaigh (Make Way Day)

### Lá Fágála Bealaigh 2021

Thacaigh Comhairle Contae Laoise le #makewayday22 ar an Aoine 30 Meán Fómhair 2022 trí fheasacht a ardú, maidir le saincheisteanna rochtana a bhíonn roimh phobal Laoise, fad agus a théann siad i mbun a gcuid oibre laethúla. Bhí an Disability Federation of Ireland i gceannas ar an lá agus is comhoibriú uathúil ar fud na hÉireann agus na n-earnálacha deonacha agus rialtais áitiúil. Ach thar aon rud eile, is iad na daoine faoi mhíchumas an rud is tábhachtaí.

Is feachtas é an Lá Fágála Bealaigh a tharraingíonn an pobal faoi mhíchumas agus an pobal i gcoitinne le chéile, chun riachtanais na ndaoine ata faoi mhíchumas a mheas sna spásanna poiblí a roinnimid lena chéile.



I gcomhar le IWA, NCBI, NLN, Rehabcare Port Laoise Comhar Spóirt Laoise, PPN Laoise agus le tacaíocht ó Obair Dheonach Laoise, rinne Comhairle Contae Laoise roinnt Iníúcháireachtaí Insiúltachta maidin Dé hAoine an 30 Meán Fómhair sna láithreacha seo a leanas mar chuid den *Lá Fágála Bealaigh 2022*:

- Port Laoise
- An Sráidbhaile
- Ráth Domhnaigh

Ba é cuspóir na n-iníúcháireachtaí seo a shainithint cad is féidir linn a dhéanamh chun ár sráideanna a dhéanamh níos inrochtana.

### Laois Connects 2022 Ag Cur Meabhairshláinte Dhearfach & Folláine Chun Cinn

Reáchtáladh Laois Connects 2022 ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022. Ba í seo an dara bliain as a chéile a ritheadh Laois Connects don mhí. Bhí cláir ar líne ann mar chuid den chlár chomh maith le cláir agus imeachtaí laistigh agus allamuigh. Chuir an fear grinn ó Dharú Bernard O Shea agus réalta Fhoireann Idirnáisiúnta na hÉireann agus Laighean James Lowe físeáin ar fáil chun tacú le feasacht meabhairshláinte mar chuid dár margaíocht. Bhí agallamh sa tionscnamh freisin le Michelle McCormick ó GROW, a leag béim ar a turas meabhairshláinte pearsanta féin.



### An Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta maidir le Míchumas

Sa bhliain 2021, d'éirigh le hiarratas Chomhairle Contae Laoise faoin gCiste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais agus bronnadh €75,000 uirthi chun sraith tionscadal a sheachadadh a leanadh lena seachadadh sa bhliain 2022. I measc na n-oibreacha, bhí oibreacha inrochtaineachta ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise, Tionscnamh Scannáin Gan Radhairc, Seachtain Rochtana do Chách/Cuimsithe Sóisialta agus oiliúint Feasachta Míchumais don fhoireann.

### Clár Aois-Bháúil Chontae Laoise

Chruinnigh an Comhaontas Aoisbhá agus Comhairle na nDaoine Scothaosta faoi 5 sa bhliain 2022. Díriodh don bhliain ar Straitéis nua Aoisbháúil a ullmhú do 2023-2027. Reáchtáladh ceardlann straitéise i mí an Mhárta 2022 a raibh baint ag na páirtithe leasmhara léi- rinneadh suirbhéanna ina dhiaidh sin i gcóip chrua agus trinár dtairseach comhairliúcháin araon-fuarthas tuairimí ionadaíochta 155 duine. Cuireadh na réamhthorthaí i láthair ag ócáid Chomhairliúcháin Aoisbháúil i gCeanncheathrú Bloom, Maighean Rátha an 26 Iúil 2022, a raibh 100 duine i láthair aige. Bhí an méid sin ó bhformáid plé comhcheime a éascaíodh ar 8 dTéama na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Ansin, chuir gach cruinniú achoimre ghairid i láthair maidir leis na saincheisteanna a pléadh agus leis na gníomhartha a iarradh maidir le gach téama. Rinneadh anailís ar an aiseolas ó gach cruinniú agus ullmhaíodh dréachtstraitéis. Táthar ag súil go mbeidh an straitéis nua réidh lena seoladh go luath sa bhliain 2023.

Bhí coinbhinsiún Chomhairle na nDaoine Scothaosta ar siúl den chéad uair ón mbliain 2019 i gContae na Mí i mí Bealtaine 2022. Ócáid thar a bheith dearfach lán le heolas a bhí ann ar fhreastail Bainisteoir an Chláir Aoisbháúil agus dhá chomhalta de Chomhairle na nDaoine Scothaosta uirthi.

Tá ionadaíocht ag Laois Aoisbháúil ar mheitheal oibre an FSS maidir le Clár Comhtháite Cúraim do Dhaoine Scothaosta agus tá an próiseas seo ar siúl go leanúnach agus é mar aidhm aige dul in aois go maith sa bhaile a éascú.

I mí na Samhna 2022, seoladh tionscnamh an Chárta ICE. Úsáidtear an cárta seo go príomha 'I gCás Éigeandála' agus tugann sé an deis do shealbhóirí an chárta an cárta a líonadh lena gcuid sonraí pearsanta, a chabhródh le céad fhreagróirí agus le foirne leighis i gcás den sórt sin.

### Lá na hAfraice i Laois

Ceiliúradh Lá na hAfraice i Laois Dé Sathairn 28 Bealtaine 2022, ar fhearann Laois Leisure i bPort Laoise. Lá breá a bhí ann agus bhí slua maith i láthair. Léirigh sé radhairc fuaimeanna, ceardaíocht agus bia na hAfraice agus rinne sé ceiliúradh ar an méid a chuir pobal na hAfraice le Contae Laoise. D'fhreastail Ambasadóir na Polainne agus Ambasadóir na Brasaíle, Anna Sochanska agus Marcel Fortuna Biato, a labhair leis an slua ollmhór. Bhí an Cathaoirleach Conor Bergin agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Laoise John Mulholland, an Fear Ionaid Charlie Flanagan agus an tAire Seán Fleming i láthair freisin. Labhair an Comhairleoir Yemi Adenuga ó Chomhairle Contae na Mí, atá ina réalta Gogglebox agus a bhí ar an gcéad ionadaí mná gorm tofa in Éirinn leis an slua freisin.



### Éire Shláintiúil

Tá sé mar aidhm ag Ciste Éire Sláintiúil tacú le tionscadail, cláir agus tionscnaimh nuálacha earnála, atá bunaithe ar fhianaise, a thacaíonn le príomhbheartais náisiúnta i réimsí amhail an mheabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiciúil, cothú, agus sláinte ghnéis, a chuireann Éire saor ó thobac chun cinn agus a laghdaíonn tomhaltas alcóil, agus spásanna agus áiteanna don tsláinte agus don fholláine á bhforbairt ag an am céanna. Sa bhliain 2022, cuireadh réimse leathan clár chun feidhme le trasghearradh comhpháirtithe.

- **Múrmhaisiú LADT+**

Rinne Tionscadal LADT+ Lár na Tíre, seirbhís atá lonnaithe i Laois a thacaíonn le laghdú iargúlacht i measc daoine LADT+ i Lár na Tíre, múrmhaisiú nua a nochtadh ar théama an Bhróid i bPort Laoise ar an 28 Feabhra 2022. Sheol an tAire Roderic O’Gorman, a tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, go oifigiúil é, agus tá an múrmhaisiú álainn suite taobh thiar den Leabharlann, díreach in aice le Meehan Court, Port Laoise. Mhainigh Laois Shláintiúil an múrmhaisiú chun feachtas agus infheictheacht an phobail LADT+ a chur chun cinn agus chruthaigh an t-ealaíontóir áitiúil ADW é. Is léiriú iontach dlúthpháirtíochta agus láidreachta é don Phobal LADT+.

- **Páirceanna Gníomhacha**

Cuireadh cúig Chlár Fógraí Pobail Éire Shláintiúil ar fáil i bpáirceanna poiblí/limistéir taitneamhacha i gCúil an tSúdaire, i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus Móinteach Mílic agus Ráth Domhnaigh. Le maoiniú ó Laois Shláintiúil, i gcomhar le Roinn Spóirt agus Fóillíochta Chomhairle Contae Laoise, cuireann na cláir fógraí sin ardán ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí áitiúla chun gníomhaíochtaí áitiúla a chur chun cinn. Rinne Roinn Spóirt agus Fóillíochta Chomhairle Contae Laoise sraith ranganna saor in aisce amuigh faoin aer i spásanna glasa poiblí a sholáthar in ocht láthair ar fud an chontae, Cúil an tSúdaire, Mainistir Laoise, An Sráidbhaile, Tigh Mochua, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus 2 shuíomh i bPort Laoise. Baineann na seisiúin seo úsáid as ár spásanna poiblí, agus ag an am céanna bíonn trasghearradh den phobal páirteach in aclaíocht allamuigh.

- **An Chéad Chonair Fitstick in Éirinn**

Tá an rian nua-shuiteáilte seo ina stráice 2km in aice le seanlíne iarnróid an phortaigh i nDoire Fhionn, Cúil an tSúdaire, Contae Laoise. Tá an rian seo deartha chun leas a bhaint as Cuailí/ Bataí Aclaí ACTIVATOR™ agus tá sé oiriúnach freisin do chathaoireacha rothaí. Nuair a shiúltair le Cuailí ACTIVATOR™, feabhsaítear cobhsaíocht, laghdaítear an tionchar ar na cromáin/na glúine, forbraítear láidreacht chabhach, feabhsaítear staidiúir agus cuirtear patrún géata níos fearr chun cinn. Trí mhaoiniú ó Laois Shláintiúil, ceannaíodh cuailí ACTIVATOR™ agus chuir Comhar Spóirt na Laoise cláir ar fáil ar fud Chontae Laoise.



- **Aer Glan Mórthimpeall Orainn**

Is bealach nuálaíoch é an clár Aer Glan Mórthimpeall Orainn i Laois chun Clóis Súgartha saor ó thobac a fhorbairt don chéad ghlúin eile de leanaí sa chontae. Cuidíonn an feachtas Aer Glan Mórthimpeall Orainn agus an chomharthaíocht a ghabhann leis daoine a threorú chuig seirbhísí tacaíochta QUIT agus cuireann sé spás ar fáil a thacaíonn leo siúd atá ag iarraidh éirí as ach iarrann sé freisin ar dhaoine fásta a bheith aireach ar a gcuid iompraíochta agus an tionchar a bhíonn aici sin ar dhaoine eile. Dhear an rang Beochana in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir Laoise an chomharthaíocht agus díriodh ar dhaoine óga go háirithe.



- **Musical Memories**

Mar chuid de Musical Memories, tugadh isteach seisiúin seachtainiúla ucailléile i Scioból na bhFear Mhóinteach Mílic agus i Scioból na bhFear Phort Laoise. Ba chúis mórtais do na fir scil nua a fhoghlaim lena cairde agus lena bpiaraí, i dtimpeallacht shóisialta spreagúil. D'oibrigh siad ar shraith comóna amhrán a bhí oiriúnach dá leibhéal scile. Bhí tionchar sárluachmhar ag Musical Memories ar na rannpháirtithe ar go leor bealaí, go háirithe i réimse na folláine agus na meabhairshláinte.

- **Cuairt an Aire Feighan**

Thug an tAire Frank Feighan, T.D, Aire Stáit don tSláinte Phoiblí, don Fholláine agus don Straitéis Náisiúnta Drugaí, cuairt ar roinnt tionscnaimh arna maoiniú ag Éire Shláintiúil i Laois Dé Máirt an 3 Bealtaine 2022, chun féachaint ar chláir éagsúla comhpháirtíochta sláinte agus ar thionscnaimh folláine a bhfuil Éire Shláintiúil ina mbun sa chontae.

- **Seachtain Shláinte na bhFear**

Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain Shláinte na bhFear i mí an Mheithimh 2022, reáchtáil Cumann Sciobóil na bhFear na hÉireann siúlóid thart ar Phortach Mhainistir Laoise, a bhí faoi stiúir Chomhar Spóirt na Laoise i gcomhar le Laois Shláintiúil. Thaistil baili Scioból na bhFear ón Uaimh, ó Bhaile Sláine agus ó Phort Láirge chun páirt a ghlacadh san imeacht, lenar ceiliúradh Seoladh na hacmhainne 'an tSiúlann' do bhaill de Sciobóil na bhFear in Éirinn.

- **Pobail Shláintiúla**

Cruthaíodh an comhoibriú seo le Comhpháirtíocht Laoise mar fhreagra ar an ardú ar chostais mhaireachtála agus go háirithe maidir le fillleadh ar scoil. Le Maoiniú Éire Shláintiúil, cuireadh pacáistí scoile ar fáil do leanaí ar fud Chontae Laoise agus tacaíochtaí bia úra ar fáil do theaghlaigh, rud a mhaolaigh an brú ar thuismitheoirí agus a chuir ar chumas na leanaí sin fillleadh ar an scoil le muinín.

- **Cuir Solas faoin Meabhairshláinte**

Reáchtáladh Ceardlann Gníomhaíochta Meabhairshláinte in Áitreabh Obair d’Ógra Éireann Laoise i bPort Laoise Dé Luain a 10 Deireadh Fómhair 2022, áit inar maisigh daoine óga prócaí gloine chun lóchrainn a chruthú agus siúlóid 3km ina dhiaidh sin, i measc gníomhaíochtaí folláine eile. Tháinig sé sin chun críche ag Áras an Chontae, áit ar cuireadh lóchrainn i gcruth croí chun aontacht agus dlúthpháirtíocht a léiriú. Léirigh an clár seo go leor bealaí cruthaitheacha chun dul i ngleic leis an meabhairshláinte agus spreag sé na déagóirí chun taitneamh a bhaint as siúlóid agus as aclaíocht amuigh faoin aer. Tar éis rath na hócáide sin, reáchtáladh clár eile i mí na Nollag 2022 le Grúpa Gníomhaíochta na dTaistealaithe Laoise.

- **Ceardlann Laois Shláintiúil Mhí na Samhna**

Reáchtáladh Ceardlann Comhairliúcháin ar an Déardaoin 24 Samhain 2022 in Ionad Barr Feabhais LOETB, Páirc Uí Mhórdha, Port Laoise. Thug an cheardlann trasghearradh leathan de Ghrúpaí agus de ghníomhaireachtaí Pobail Laoise le chéile, chomh maith le húsáideoirí seirbhíse, chun cabhrú le heolas a thabhairt do Straitéis nua Laoise Shláintiúil 2023-2025. Reáchtáladh sraith comhairliúcháin comhchéime agus seisiún aiseolais. Leis an gceardlann, fuarthas an deis ar chomhoibriú bríoch le grúpaí agus eagraíochtaí agus thug an plé spriocdhírthe léargas ar na saincheisteanna a imríonn tionchar ar shaoránaigh Chontae Laoise.

### Cláir Phobail/Chomhshaoil

Ag leanúint den chomhpháirtíocht iontach le hionadaithe tofa, le pobail áitiúla, le scoileanna agus le gníomhairí, socraíodh na tacaíochtaí, tionscnaimh agus tionscadail seo a leanas:

- Tacaíocht leanúnach do Chónaidhm na mBailte Slachtmhara Laoise trí cheardlanna ar líne, seimineáir agus dámhachtainí, agus comhairle ó shaineolaithe inmheánacha agus ón bhfoireann i réimse disciplíní. Reáchtáladh Dámhachtainí Chónaidhm na mBailte Slachtmhara Laoise den chéad uair ón mbliain 2017 i gcomhar le Searmanas na nDámhachtainí Pobail agus Deonacha 2022 ar an 28 Deireadh Fómhair 2022.
- Tá 75 scoil i gContae Laoise cláraithe le Clár na Scoileanna Glasa. Tacaíonn Comhairle Contae Laoise lena n-íarrachtaí trí cheardlanna téamacha, seimineáir do mhúinteoirí agus comhairle a chur ar fáil- bronnadh an Brat Glas ar 8 scoil sa bhliain 2022.
- Sheol Comhairle Contae Laoise agus 2GoCup feachtas ollmhór nua comhshaoil chun cupáin caife aonúsáide a laghdú go mór i gContae Laoise ar an 15 Samhain 2022. Tá na gnólachtaí seo a leanas ag glacadh páirt sa chlár píolótach: The Pantry, Café Latte, The Bay Tree, Supervalu, Chocolate Brown agus Square Coffee. Tá tacaíocht ag an bhfeachtas seo ó Chomhairle Contae Laoise agus ó Choiste na mBailte Slachtmhara Phort Laoise.



### An Choill Bheag LEAF:-

Chuir na scoileanna Coillte Beaga ar dhátaí éagsúla agus seoladh iad i Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa ar an 28 Samhain 2022 agus i Scoil Bhríde ar an 7 Nollaig 2022, arna maoiniú ag LEAF i ngach campas bunscoile agus ag Ionad Oideachais Laoise do mhúinteoirí i mí na Nollag 2022. Is gnáthóg choillearnach dhúchasach bheag, dhlúth, bhithéagsúil ar thailte na scoile é Coill Bheag. Is seomraí ranga allamuigh iad, le spás cruthaithe le haghaidh suíocháin do ranganna chun am a chaitheamh a bheith ag foghlaim amuigh faoin aer. De réir mar a thagann An Choill Bheag in aibíocht, is féidir cosáin dúlra a fhorbairt agus is féidir le scoláirí na scoileanna riachtanacha a fhoghlaim chun an t-éiceachóras riachtanach agus álainn sin a chothabháil, agus monatóireacht agus staidéar a dhéanamh air ar thailte na scoile.

### Clár maidir le Múiríní i Scoileanna

D'fhreastail múinteoirí ó 10 scoil ar fud an chontae ar an gclár a bhí urraithe ag Ionad Oideachais Laoise thar 3 seachtaine i mí na Nollag 2022. Gheobhaidh gach scoil luach €250 de threalamh múirínithe agus dhá chuairt chun iniúchóireacht dramhaíola bia a dhéanamh agus chun córas saincheaptha múirínithe a bhunú.



Lorgaíodh iarratais ar thacaíocht maoinithe ó chomhlachtaí, grúpaí, coistí agus eagraíochtaí leasmhara a raibh sé beartaithe acu dul i mbun oibreacha comhshaoil/taitneamhachta le linn na bliana 2022. Áiríodh leo sin:

- **Scéim Deontais (Comhshaoil) Pobail**

Bronnadh deontais ar ghrúpaí bunaithe ar oibreacha taitneamhachta lena n-áirítear tírdhrechtú, forbairt spásanna oscailte (crann & toir, leapacha bláthanna srl) agus/nó ceannach trealaimh chun limistéir/spásanna oscailte a chothabháil/a fheabhsú/a ghlanadh suas. Fuair 95 grúpa ó fud fad an chontae maoiniú de €31,066 sa bhliain 2022.

- **Scéim Deontais na mBailte Slachtmhara**

Lorgaíodh iarratais ar thacaíocht maoinithe ó ghrúpaí na mBailte Slachtmhara ar aon dul le catagóirí na moltóireachta i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. I rith na bliana 2022, leithdháileadh €33,929 i ndeontais ar 23 grúpa faoin scéim seo.

### Athrú Aeráide

Le linn na bliana 2022, tugadh faoi réimse leathan tionscadal, de bhun na gcuspóirí seo. I measc na bpríomhthionscnaimh tá:

- Tá Comhairle Contae Laoise ina réamhtheachtaí le fada an lá maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus le dícharbónú.
- Foireann um Gníomhú ar son na hAeráide, a chruinníonn ar bhonn míosúil.
- Comhordaíonn Comhairle Contae Laoise Grúpa Forfheidhmithe Ísealcharbóin atá comhdhéanta de raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair le chéile i dtreo na sprioc choiteann maidir le lorg carbóin Bhaile Phort Laoise a laghdú. Leanadh leis an obair sin sa bhliain 2022 agus dearadh Lógó Baile Ísealcharbóin
- Pobail Fuinnimh Inmharthana (PFI): Tá obair tosaithe ag PFI Dharú agus PFI Chomhlachas Gnó Chúil an tSúdaire ar an aron ar Mháistirphlean Fuinnimh (MPF) ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Rinneadh PFI Phort Laoise 2040 a fhorghas don MPF agus tá siad dultha amach ar tairiscint le haghaidh sainchomhairleoirí.
- Thug An Taisce Staidéar Taistil Inbhuanaithe Scoile do Phort Laoise chun buntáistí agus bacainní ar fhorbairt chultúr rothaíochta i leanaí in aois scoile a aithint chun críche sa bhliain 2022. Tá go leor de na bearta a aithníodh sa tuarascáil á gcur i ngníomh sa bhliain 2023.
- Tá Cúrsaí Litearthachta Aeráide do dhaltaí na hIdirbhliana curtha ar fáil do na 10 Meánscoil i gContae Laoise. Ionchorpraítear leis sin gné oiliúna múinteoirí thar 8 modúl foghlama gníomh-bhunaithe seachtainiúla.
- Bhain Comhairle Contae Laoise amach méadú éifeachtúlachta measta de 46.8% a sháraíonn an sprioc náisiúnta de 33% don bhliain 2020 agus nach bhfuil rófhada ón sprioc 50% don bhliain 2030.

### Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre

Leanann Comhairle Contae Laoise de bheith ina príomhúdarás don Gníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre agus comhordaíonn an tOifigeach Fuinnimh cruinnithe míosúla do mheithleacha oibre agus cruinnithe do ghrúpaí stiúrtha idir na húdaráis áitiúla ar fad sa Gníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre.

### Trealamh Coigilte Fuinnimh Baile

Tá **Trealamh Coigilte Fuinnimh Baile** ó Codema ar fáil anois i ngach brainse leabharlainne dár gcuid. Tugann an trealamh seo duit tuiscint níos fearr a fháil ar an úsáid fuinnimh i do theach, réimsí fadhbanna a bhféadfadh d'aire a bheith ag teastáil uathu agus bealaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Tá an trealamh ar fáil i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire, i Móinteach Míllic, i Mainistir Laoise, i Maighean Rátha, i Ráth Domhnaigh agus i nDarú.



### Tailte Adhlactha

Tá an Rannóg Pobail freagrach as 27 talamh adhlactha ghníomhacha laistigh den chontae. Cuirtear cúnaimh deontais ar fáil do choistí deonacha reilige agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar roinnt reiligí sa bhliain 2022 mar chuid den chlár oibreacha bliantúil.

Sa bhliain 2022, tógadh dhá Bhalla Columbarium i Reilig Naomh Peadar agus Pól, Port Laoise. Tá na ballaí ann chun iarsmaí



créamtha a adhlacadh agus tá 40 nideog i ngach balla atá in ann dhá ghnáthphróca créamtha a choinneáil.




#### Athnuachan Baile agus Sráidbhaile

Sa bhliain 2022, bronnadh maoiniú €794,552 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile 2021 lenar gnóthaíodh tairbhe do 5 thionscadal ag 5 áit i gContae Laoise. Astu sin, tá 2 thionscadal ag druidim chun deiridh agus ba cheart don 3 thionscadal eile a bheith críochnaithe i rith na bliana 2023. Ag deireadh na bliana 2022, bronnadh maoiniú €917,496 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile 2022 lenar gnóthaíodh tairbhe do 5 thionscadal ag 4 áit i gContae Laoise. Tá gach thionscadal faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile 2019 críochnaithe anois agus tá 2 thionscadal fágtha faoin scéim 2020 le bheith críochnaithe i Ráithe 2 2023.

#### Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF)

**Tionscadal RRDF Teach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí** - Bronnadh maoiniú RRDF (Catagóir 2) de €212,332 sa bhliain 2022 agus cheap Comhairle Contae Laoise foireann chomhtháite deartha i Ráithe 4 de 2022. Forbróidh an tionscadal seo pleananna le haghaidh athchóiriú agus ath-úsáid fhoirgneamh stairiúil an tí cúirte i mBuiríos Mór Osraí. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal áiseanna cianoibre agus pobail a chur ar fáil agus foirgneamh feiceálach folamh a athnuachan ar mhaithe leis an bpobal áitiúil.




#### Mol Fiontraíochta Pobail Dharú

Fógraíodh maoiniú RRDF (Catagóir 1) de €1,456,983.00 sa bhliain 2022 don tionscadal seo. Leis an tionscadal, déanfar athfhorbairt ar an iar-Shéipéal Modhach agus Halla Isteach ina Láirionad Fiontraíochta le spás comhoibrithe chomh maith le spás cultúrtha / gailearaí agus taispeántais.

#### Itheachán Lasmuigh Fáilte Ireland

Tógadh ceannbhrait le haghaidh itheachán lasmuigh i nDará agus ar Hynd's Square i bPort Laoise le maoiniúchán deontais dar luach €164,596 faoi "Scéim na nÚdarás Áitiúil maidir le Bonneagar Cosanta Aimsire agus Itheacháin Lasmuigh" de chuid Fáilte Ireland.



**Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021**

Céatadán na scoileanna áitiúla atá páirteach i scéim áitiúil Comhairle na nÓg.	Céatadán na n-eagraíochtaí a áirítear sa Chláraitheoir Contae agus sciar na n-eagraíochtaí sin ar cuid den Choláiste um Ionchuimsiú Sóisialta leis an PPN iad
100%	12.88%

### MÍR NA N-EALAÍON

#### Teach Ealaíne Laoise, An Sráidbhaile

Chuir an Oifig Ealaíon ‘In Trust. In Gratitude. In Hope. 10 Years at the Laois Arthouse’, taispeántas ina raibh saothar breis agus 60 ealaíontóir atá mar chuid den chlár Teach Ealaíne Laoise ó bunaíodh é sa bhliain 2011 ar taispeáint. Chuir gach ealaíontóir a léargas uathúil ar dhán speisialta ‘The Window Seat’, de chuid an fhile a rugadh i Laois, Pat Boran, le sraith iontach de chruthuithe meán measctha le téamaí éagsúla. Mar chuid de thaispeántas 10 mbliana Theach Ealaíne Laoise, rinne plé painéil rathúil ‘Til Something Moves’ iniúchadh ar na coinníollacha is fearr chun obair chruthaitheach a chothú mar amharcealaíontóirí agus mar scríbhneoirí, agus ar ról Spásanna Stiúideo agus Cónaitheachtaí.



#### Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Ghlac deich scoil páirt sa scéim seo sa bhliain 2022. Leis an scéim, tugtar an deis do scoláirí taithí dhomhain a bheith acu le healaíontóir gairmiúil agus taithí a fháil ar mheán éagsúla ealaíne. I measc na scoileanna bhí: Maryborough NS, St Mary’s CBS, Scoil Bríde, Scoil Mhuire, Coláiste Breisoideachais Mhóinteach Mílic, Scoil Náisiúnta an Chnoic, Scoil Bhríde, St Colmcille’s NS, Pobalscoil Heywood & Castlecuffe NS.

#### Féile Bealtaine Laoise

Reáchtáladh roinnt tionscadail chruthaitheacha do mhí na Bealtaine d’Fhéile Bhealtaine Laoise. Chuig an Oifig Ealaíon i gcomhpháirtíocht le hIonad Ealaíon Dhún Másc, Comhpháirtíocht Spóirt Laoise agus Seirbhís Leabharlainne Laoise chun imeachtaí a chur i láthair, a bhí dírithe go sonrach ar dhaoine scothaosta chun Cruthaitheacht a cheiliúradh. Ba é ‘And catch the heart off guard’ téama 2022.



### Oíche Chultúir Laoise

Bhí an seachtú eagrán déag den Oíche Chultúir ar siúl ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus bhí clár spreagúil imeachtaí ann. Ba é téama Oíche Chultúir 'Oíche Dár Saol-One Night for All'. Bhí speictream leathan de 16 imeacht ag Laois – saor in aisce don phobal agus ina measc, bhí meascán saibhir de léirithe agus de thaispeántais. Buaicphointe an tráthnóna ab ea seoladh oifigiúil dealbhóireachta 'Protectour' leis an Ealaíontóir James Hayes i bPort Laoise. Rinne Comhairle Contae Laoise an saothar ealaíne seo a choimisiúnú faoi Chomórtas Oscailte agus maoinithe ag an scéim Céatadán don Ealaín. Seoladh an múrmhaisiú leis an téama Swift i Móinteach Mílíc tráthnóna freisin.



### Féile Litríochta agus Ceoil Leaves

Thug Féile Leaves 2022 an chuid is fearr de litríocht agus de cheol na hÉireann go Laoise i mí na Samhna. Chuir an fhéile fáilte roimh an údair gearrliostaithe don Ghradam Booker Claire Keegan mar an gcéad scríbhneoir cónaithe d'fhad na féile. Tháinig Claire isteach san fhéile le haghaidh ócáid phoiblí leis an úrscéalaí agus craoltóir Edel Coffey chomh maith le sraith ceardlann do mhic léinn, sna leabharlanna, sa phríosún agus in Ionad Ealaíon Dhún Másc. Rinneadh scannánú ar an scannán rathúil *An Cailín Ciúin* atá bunaithe ar scéal *Foster* de chuid Claire Keegan.

Rinne an fhéile ceiliúradh freisin ar 40 bliain de Salmon Publishing le himeacht ceoil agus filíochta agus chuir sí fáilte roimh an bhfile dúchais Pat Boran agus an cócaire Rory O'Connell (i gcomhrá le Katy McGuinness).

Bhí neart ceoil ann freisin le Harpanno, Alannah Murray agus The Messages i measc eile. Ar ócáid eile, bhí Ronán Hession i mbun comhrá leis an gcráoltóir Clare O'Brien agus bhí imeacht mic oscailte tráthnóna freisin le filíocht agus ceol. Seoladh freisin *The World of Words*, cnuasach gearrscéalta le scríbhneoirí nua Éireannacha atá mar bhuaic ar aistear scríbhneoireacht chruthaitheach a tosaíodh beagnach bliain ó shin i ndiaidh an ghlas faoi ghlas.



### Scéim Feidhmithe Beo Áitiúil Céim 3 agus 4

Le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus á riar ag an Oifig Ealaíon, tacaíonn an scéim le hearnálacha na n-ealaíon agus an chultúir trí léiriú beo a sholáthar, trí sheirbhísí ealaíontóirí, ceoltóirí, léiritheoirí, criú agus foireann eile gairmiúla a fhostú. Faoi chéim 3, ceadaíodh maoiniú do chúig iarratas déag ó dhaoine aonair/ghrúpaí/tionscnóirí sa chontae. Faoi chéim 4, faomhadh aon iarratas déag le haghaidh maoinithe. I measc na n-imeachtaí, bhí taispeántais, aithrisí, léirithe i suíomhanna cúraim agus sa phríosún, léiriú scannáin faoin aer, agus léirithe rince in go leor ionad agus láithreacha ar fud an chontae.

### Scannáin Gan Radhairc

Fógraíodh seoladh 'Scannáin Gan Radhairc' Laoise i mí an Mhárta - ceardlann drámaíochta raidió ar líne do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu chun ceardlanna drámaíochta raidió a chur i láthair do dhaoine a bhfuil lagú amhairc as Laois den chéad uair. Tionscadal maoinithe maidir le Feasacht agus Rannpháirtíocht um Míchumas a bhí anseo, dá bhfuarthas tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Laoise agus oifig Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) i Laois.



### Faoin Spéir & re:CENTRING Laois

Ag ceiliúradh filleadh lucht féachana/éisteachta ar na healaíona i ndiaidh na paindéime, léirigh Ionad Ealaíon Dhún Másc re:CENTRING Laoise, arna maoiniú ag Faoin Spéir/In the Open agus Comhairle Contae Laoise de chuid na Comhairle Ealaíon.

Tionóladh an t-imeacht sin i gcomhar leis an Oifig Ealaíon agus Music Generation Laois. Rinneadh tearmann de Phlás Fitzmaurice, Port Laoise do na healaíona inar cuireadh réimse leathan gníomhaíochtaí agus léirithe saor in aisce ar fáil do chách.

### Platform 31

Roghnaíodh an t-ealaíontóir Kate Heffernan mar fhaighteoir Laoise de scéim forbartha ealaíontóirí 'Platform 31' 2022 – deis náisiúnta d'ealaíontóirí lena gcleachtas a fhorbairt agus smaointe nua a thástáil maidir le comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana/éisteachta, comhfhorbairt áite agus a gcuid oibre a roinnt. Tá an clár deartha chun tacú le forbairt gairme agus forbairt gairme a thairiscint do 31 ealaíontóir atá i lár a ngairme (ealaíontóir amháin i ngach ceann de na 31 údarás áitiúil ar fud na hÉireann).

### Ionad Ealaíon Dhún Másc

Lean Comhairle Contae Laoise le tacú le hIonad Ealaíon Dhún Másc mar cheann de na príomhionaid ealaíon i Laois, agus leanann Oifig na nEalaíon ag obair i gcomhar le hIonad Ealaíon Dhún Másc ar a lán clár.

### Ionad Ceoil Laoise (LSM) agus Music Generation Laois

Bhí deireadh seachtaine d'imeachtaí ar siúl ina ceiliúradh oscailt Ionad Ceoil Laoise agus ceiliúradh 21 bliain Scoil Cheoil Laoise i mí Dheireadh Fómhair. B'imeacht thar a bheith stairiúil a bhí ann agus b'aoibhinn an tIonad Ceoil a fheiceáil i dtimpeallacht chomh pléisiúrtha ag seanáit Scoil Mhuire chomh maith le ceolchoirmeacha in Eaglais na hÉireann, Naomh Pól, thar an deireadh seachtaine inar ceiliúradh scoláirí an lae inniu, alumni atá ag tabhairt faoi ghairmeacha gairmiúla sa cheol chomh maith leis na hoideoirí ceoil cumasacha agus ar ndóigh na scoláirí.

### Tacaíochtaí do na hEalaíona

Leanadh le tacaíochtaí airgeadais do dhaoine aonair agus do ghrúpaí sa bhliain 2022 trí Scéim Dámhachtainí Deontas an Aichta Ealaíon agus Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie.

### Clár Laoise Éire Ildánach

Áiríodh leis an gclár sin lenar thacaigh Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Laoise réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí le linn na bliana, agus tá sampla beag leagtha amach thíos:

- Straitéis Laoise um Éire Ildánach 2023-2027- Tháinig daoine le chéile ó gach cearn den chontae le plé a dhéanamh ar Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta Laoise a chuirfear i bhfeidhm ón mbliain 2023 go 2027. Fuarthas comhairliúcháin poist agus ríomhphoist chomh maith.
- Lá cruthaitheachta is ea Cruinniú na nÓg 2022 do pháistí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois ina gceiliúrtar agus ina spreagtar rannpháirtíocht sa chultúr agus sa chruthaitheacht trí bheith 'ag déanamh', 'ag ceapadh', agus 'ag cruthú' idir na hamharcealaíona agus na taibh-ealaíona agus cheardlanna agus eachtraí san oidhreacht, i leabharlanna, sa chultúr, san eolaíocht, sa teicneolaíocht nó i ngníomhú ar son na haeráide.
- Tionscnamh ilghnéitheach is ea Cruthaitheacht na nDaoine Scothaosta lena bpléitear le daoine scothaosta i Laois trí chuir chuige éagsúla: Is tionscadal portráidíochta é Fadó Faces, is tionscadal forbartha acmhainne é 'Activations' agus is Clár Tuisceana Ealaíne é 'Talking Art'.
- Thacaigh Éire Ildánach Laoise le múrmhaisiú Thionscadal Swift Mhóinteach Mílic mar chuid de Chlár Éire Ildánach a seoladh ar Oíche Chultúir.
- Bronnadh Sparántacht Gearrscannáin Laoise €10,000 ar Songway Films as a ngearrscannán 'The Light Within'. Scéal osnádúrtha is ea an scannán a bhí suite i Ros Fhionnghlaise, Co. Laoise.
- Bronnadh deontais trealaimh, dar luach €5,178.17 ar an iomlán, ar 11 duine atá ag obair in earnálacha na n-ealaíon, na hoidhreacht agus na ceardaíochta.
- Bronnadh dhá dhámhachtain faoin Scéim Deontais 'Made in Laois' (comhchruthú) dar luach €3,940 ar an iomlán, ar dhá ealaíontóir as obair sa phobal.



### Seachtain na Gaeilge

Bhí ríméad ar Oifig Ealaíon Laoise i gcomhar le hIonad Ealaíon Dhún Másc comhrá Dátheangach a chur i láthair idir an scríbhneoir Rita Kelly agus Clíodhna Ní Anluain. Bhí comhrá séasúrach ag an scríbhneoir Rita Kelly le Clíodhna Ní Anluain ag labhairt faoin earrach ina cuid saothair agus faoina cairdeas luachmhar leis an bhfile iomráiteach Máirtín Ó Direáin a scríobh an dán An tEarrach Thiar.



### AN RANNÁN SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA

#### Soláthar Fóillíochta

Tá Ionaid Fóillíochta Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire á mbainistiú ag Fóillíocht Laoise agus rinneadh iad a athainmníodh mar Laois Leisure Portlaoise agus Laois Leisure Portarlinton. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an dá ionad chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil arís i ndiaidh na paindéime. Rinneadh oibreacha fairsinge uasghrádaithe ar an ionad i bPort Laoise chun athoscailt i mí Feabhra 2022 a éascú. Bhí na hoibreacha sin maoinithe i bpáirt tríd an gClár Caipitil Spóirt agus an scéim deontais um Pobal Fuinneamh Níos Fearr (SEAI) agus Deontas Míchumais.

Bhuaigh Fóillíocht Chúil an tSúdaire, Laoise an gradam 'An tIonad Fóillíochta is Fearr' ag Gradaim Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta bliantúla Chumann Fóillíochta, Sláinte agus Folláine na hÉireann, a réachtáladh in Óstán Slieve Russell i gCabán Dé hAoine, an 25 Samhain 2022 agus bhain Ionad Fóillíochta Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire, Laoise, amach 'Sármhaith' sna Caighdeán Cháilíochta Náisiúnta do 2022/23.

Leanann Comhairle Contae Laoise le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do Chumann Forbartha Pobail Bhaile na Coille, a oibríonn Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille. Chuidigh an Oifig Spóirt & Fóillíochta le Cumann Forbartha Pobail CLG Bhaile na Coille i rith na bliana. Chomh maith leis sin, thug an Chomhairle ranníocaíocht airgeadais i gcomhair na gcostas foirne agus sábháilteachta a bhain le hoibriú na saoráide, le linn shéasúr an-rathúil an tsamhraidh sa bhliain 2022 agus bhí an linn snámha mar chuid mhór i moladh an Mhórtais Ceantair i mí Mheán Fómhair 2022.



### Saoráidí Súgartha

Bhainistigh Comhairle Contae Laoise aon shaoráid súgartha pobail is fiche sa bhliain 2022, rud ar theastaigh clár suntasach cothabhála agus deisiúcháin bliantúil ina leith, ag freagairt do mhéadú suntasach ar an úsáid i ndiaidh na paindéime agus aosú trealaimh clóis.

Chuir an Chomhairle spás súgartha inrochtana nua i gcrích ag clós súgartha Ionad Fóillíochta Phort Laoise, a osclaíodh go hoifigiúil i Meitheamh 2022. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú fairsing ar chlós súgartha an Dúnáin i mí Mheán Fómhair 2022. Lean Comhairle Contae Laoise le feabhsuithe inrochtaineachta agus bithéagsúlachta a chur ar roinnt spásanna súgartha le linn na bliana 2022.

Leanann Comhairle Contae Laoise le cuidiú a thabhairt do ghrúpaí áitiúla maidir le clóis súgartha pobail a fhorbairt. D'oscail an Cathaoirleach Conor Bergin MCC clós súgartha Bhaile na Coille go hoifigiúil i mí an Mhárta 2022. Cuireadh tús le suiteáil chlós súgartha agus MUGA Bhuiríos Mhór Osraí i mí Iúil 2022 agus beidh sé ar oscailt don phobal in Earrach 2023. Bronnadh maoiniú ar Ionad Pobail Thromra faoin gclár CLÁR sa bhliain 2022.

### Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirceanna

D'oibrigh an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta le rannóga eile chun gradam an Bhrait Ghlais a choinneáil ag Páirc an Phobail, Port Laoise agus ag Páirc an Phobail i gCúil an tsúdaire sa bhliain 2022.





### Seachtain na Rothar

Is clár náisiúnta é Seachtain na Rothar 2022 a spreagann daoine lena rothair a úsáid le haghaidh taistil agus fóillíochta agus bhí sé comhordaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus maoinithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Fuair Comhairle Contae Laoise maoiniú dar luach €22,500 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Clár Sheachtain na Rothar 2022 a sholáthar. Chomhordaigh Comhairle Contae Laoise breis is 58 imeacht le cúnamh ó scoileanna agus ó chomhpháirtithe pobail ar fud an chontae, agus bhí na himeachtaí sin ar siúl ó mhí na Bealtaine. I measc na n-imeachtaí, bhí rothaíocht spráúil teaghlaigh, imeachtaí rothaíochta scoile agus rothair san ionad oibre, lena n-áirítear Comhairle Contae Laoise.

### CLÁR GNÍOMHAÍOCHTA DO PHÁISTÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

#### An tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Súgartha

#### An tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Súgartha

Is comhthionscnamh é an tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Súgartha idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na hÚdaráis Áitiúla. Sholáthair Rannóg Spóirt & Fóillíochta Chomhairle Chontae Laoise sraith ceardlann i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla ar fud an chontae i mí Iúil 2022. Díríodh na himeachtaí sin ar Phobail Spráúla a Chruthú, chun tabhairt ar pháistí agus ar dhaoine óga i limistéir spriocdhíríte dul amach faoin aer ag súgradh.

#### Tionscadail Speisialta 2022

##### Tionscadail CLÁR

Leanadh le hobair ar thionscadail chothabhála agus forbartha i gcaitheamh na bliana 2022. Fuarthas maoiniú i gcomhair aon déag tionscadal caithimh aimsire déag breise faoin gclár CLÁR 2022.

Osclaíodh Limistéar Caitheamh Aimsire Taobh na Canálach i mBaile an Bhíocáire agus saoráidí páirce i gCamros an 30 agus an 31 Deireadh Fómhair 2022, a bhfuarthas maoiniú ina leith faoin gclár CLÁR.

##### Clár Bonneagair Tuaithe Allamuigh (ORIS)

Leanadh le hobair ar thionscadail chothabhála agus forbartha i gcaitheamh na bliana 2022. Fuarthas maoiniú i gcomhair seacht dtionscadal eile faoin gclár ORIS 2022.

##### Tionscadail Éire Shláintiúil 2022

Lean Comhairle Contae Laoise le Clár na bPáirceanna Gníomhacha a sholáthar sa bhliain 2022, lena n-áirítear le linn sheachtain Feasachta Meabhairshláinte 'Laois Connects' i mí Dheireadh Fómhair, agus soláthraíodh cláir i gceantair/páirceanna poiblí i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire, i Móinteach Mílic, i mBaile an Chaisleáin, i Mainistir Laoise agus sa Sráidbhaile. D'éirigh thar barr le soláthar an chlár ina soláthraítear seisiúin ghníomhaíochta saor in aisce do dhaoine fásta agus do ghrúpaí de gach aois agus de gach cumas agus glacadh go maith leis sna pobail ar fad. Fuaireamar aiseolas gan fasach inar cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis na seisiúin sin do rannpháirtithe agus fuarthas iarratais le haghaidh tuilleadh acu.

### Tacaíocht do Chlubanna/do Ghrúpaí Pobail

Le linn na bliana 2022, lean an Oifig Spóirt & Fóillíochta ag obair go rathúil le clubanna, scoileanna agus grúpaí pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus é a tharraingt anuas lena saoráidí a fhorbairt lena n-áirítear;

- Scéim Deontas Caipitil Spóirt
- Scéim um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála
- An Clár CLÁR
- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Scéim Bonneagair Caitheamh Aimsire Lasmuigh (ORIS)

### Moil Pobail Ghníomhaigh

Leanann an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise agus le pobail áitiúla chun tacaíocht a sholáthar do Mhol an Sráidbhaile/Bhaile an Bhíocáire/Thigh Mochua agus Mol Ráth Domhnaigh/Eiríil. Is é aidhm an Mhoil Phobail gníomhaigh deiseanna gníomhaíochta coirp inbhuanaithe a chur chun cinn i bpobail áitiúla.

### Operation Transformation

In éineacht le Mol Ghníomhaíochta agus Folláine SVT, chuidigh Comhairle Contae Laoise leis An Sráidbhaile a chinntiú mar phríomhshuíomh do scannánú Operation Transformation a thosaigh i mí na Nollag 2022. Taispeánfar ar an gclár íomhánna agus gníomhaíochtaí pobail ó áiteanna éagsúla sa chontae.



### URBACT

Sa bhliain 2022, ghlac Port Laoise páirt, in éineacht le cúig bhaile comhpháirtíochta eile, Ráth Droma, An Ros, Baile Dhún na nGall, Sligeach agus Cathair Chorcaí páirt i dtionscnamh Eorpach comhroinnte eolais agus é mar aidhm líon tionscnamh a chur chun cinn agus a sholáthar go dtí deireadh na bliana 2022 chun feabhas a chur ar dheiseanna súgradh do gach aois i bPort Laoise.

### SÁBHÁILTEAGHT UISCE LAOISE

#### Feasacht ar Shábháilteacht Uisce, 2022

Sholáthair Comhairle Contae Laoise i gcomhar le Coiste Limistéir Sábháilteachta Uisce Laoise líon príomhimeachtaí chun Feasacht ar Shábháilteacht Uisce a chur chun cinn sa bhliain 2022. Tugadh cuairteanna ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail inar ndearnadh cainteanna ar fheasacht bunaidh ar shábháilteacht uisce agus inar soláthraíodh taispeántais ar bhaoithe tarrthála.

Tugadh chun suntais sna himeachtaí a thábhachtaí agus atá sé an seaicéad tarrthála cuí/áis snámhachta cuí a chaitheamh agus tú in uisce oscailte.

### Ranganna Sábháilteachta Uisce, 2022

Sábháilteacht UISCE Éireann – Sholáthair Laois Ranganna Sábháilteachta Uisce an Earraigh agus an Fhómhair go rathúil le linn na bliana 2022 ag Fóillíocht Laoise, Port Laoise. Reáchtáladh Seachtain Snámha 2022 i Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille i mí an Mheithimh 2022. Ghlac 125 duine fásta agus páiste ar an iomlán páirt i Ranganna Sábháilteachta Uisce na hÉireann i gCo. Laoise i rith na bliana.

### An Clár ‘Paws’

I gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise agus Ionad Fóillíochta Phort Laoise, lean Comhairle Contae Laoise ag tacú go rathúil leis an gClár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS) agus á sheachadadh. Thug Sábháilteacht Uisce Éireann - teagascóirí Laoise cuairt ar bhunscoileanna i Laois le linn na bliana 2022.

### An Comórtas Domhanda Treabhdóireachta 2022

D’oibrigh oibrithe deonacha ó Shábháilteacht Uisce Éireann – Laoise an seastán ag an gComórtas Domhanda Treabhdóireachta in Ratheniska ar feadh trí lá agus d’éirigh leo faisnéis agus ábhar poiblíochta a dháileadh thar ceann Shábháilteacht Uisce Éireann.

### Baoithe Tarrthála

Le linn na bliana 2022, lean Comhairle Contae Laoise le hiniúchadh, cothabháil, tógáil agus ag athsholáthar baoithe tarrthála ag suíomhanna oscailte uisce ar fud an chontae. Rinne an Chomhairle sa bhliain 2022 ordú le haghaidh 26 braiteoir baoithe i ndiaidh maoiniú a fháil ón tionscnamh SMART Solutions atá faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Suiteálfar na braiteoirí go luath sa bhliain 2023.



### SEIRBHÍS LEABHARLAINNE

#### LEABHARLANNAÍ CONTAE:

**Bernie Foran**

Soláthraíonn na Leabharlanna Poiblí seirbhís tosaigh éifeachtach don phobal agus dár mbaill fós sa bhliain 2022, agus soláthraítear rochtain saor in aisce iontu ar leabhair leabharlainne agus ilmheáin, faisnéis rialtais agus Comhairle, seirbhísí ar líne agus saoráidí idirlín/wifi/printing. Athosclaíodh Leabharlanna Poiblí go hiomlán ar fud an chontae i mí Eanáir 2022 i ndiaidh treoirilínte sláinte poiblí leibhéal 5 ón rialtas agus tairgeadh siad seirbhísí iomlána. Leanann an tseirbhís Leabharlainne le seachadtaí leabhar a sholáthar do dhaoine atá gafa sa teach agus do dhaoine atá ag cocúnú mar aon le seirbhís “glaog agus bailiú” a chiallaíonn gur féidir le custaiméirí aon leabhair nó acmhainní leabharlainne a ordú roimh ré agus teacht isteach sa leabharlann chun iad a bhailiú.

#### Leabharlann Nua Phort Laoise

Táthar ag leanúint le hoibreacha ar an leabharlann nua ar an tSráid Mhór i bPort Laoise agus is é R2, 2023 an dáta aistrithe atá beartaithe, rud a éascaíonn tús a chur le troscánú, seilfeáil lena n-áirítear stoc agus feistiú TF, agus is é mí na Bealtaine/an Mheithimh 2023 an dáta atá beartaithe lena hoscailte. Tá Comhairle Contae Laoise tiomanta d'fhorbairt na leabharlainne nua agus éascóidh sí soláthar faisnéise oideachais agus cultúrtha don phobal agus dár gcuaríteoirí. Tá an leabharlann suite i suíomh lárnach ar an tSráid Mhór, agus beidh sí ina gné shuntasach d'fhorbairt na Ceathrún Cultúrtha i gcroílár stairiúil Phort Laoise ina bhfuil an Dúnfort Cosanta agus Phlás Mhic Mhuiris ar taispeáint. Dearadh an leabharlann ionas go mbeidh sí inrochtana do chách, fáilteach agus cuimsitheach do gach pobal chomh maith le spás staidéir, seomraí cruinnithe, seirbhísí leabharlainne céadfacha agus seomra tagartha agus léitheoireachta tiomnaithe don Stair agus don Staidéar Áitiúil a sholáthar.

#### Mála Beag Leabharlainne Saor in Aisce

Chuir Seirbhís Leabharlainne Chontae Laoise mála leabhar “My Little Library” ar fáil do gach páiste a bhí ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair 2022 ag spreagadh páistí páirt a ghlacadh ina leabharlann áitiúil. Bhí na málaí leabhar a bailíodh ón Leabharlann ar fáil i nGaeilge nó i mBéarla agus bhí sé mar aidhm acu cuidiú le páistí a mbealach a dhéanamh tríd an scoil.

#### Cuntais Dhíomhaoine agus Maoiniú Deontais Oidhreachta

Bronnadh maoiniú cuntas díomhaoine dar luach €27,035 ar an tseirbhís leabharlainne i gcomhair ceithre thionscadal leabharlainne: Tionscadal Leabharlainne Tearmainn; Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí (cainteanna, ceardlanna, ranganna agus acmhainní tuismitheoireachta); Tionscadal Leabharlainne Céadfaí (Trealamh agus Acmhainní) agus bogearraí Litearthachta don léitheoireacht. Bronnadh €8,614 ar an tseirbhís leabharlainne freisin faoi “Scéim Maoirseachta Oidhreachta” na Comhairle Oidhreachta chun rochtain ar dhá bhailiúchán grianghraf stairiúil a bhaineann le Contae Laoise a chaomhnú agus a sholáthar: Bailiúchán Ivo De Vesci ar le Bíocunta De Vesci agus Bailiúchán Uí Bhriain a bronnadh ar an tseirbhís leabharlainne le déanaí. I mBailiúchán Ivo De Vesci taifeadtar clann De Vesci agus ar eastát talún i Laois ó 1900-1957. Is bailiúchán lena mbaineann tábhacht stairiúil áitiúil, shóisialta agus náisiúnta é.

#### Dúshlán Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh [Summer Stars] 2022 agus an tSiúlóid Scéalaíochta [Storystroll] 2022

Chláraigh an tseirbhís leabharlainne os cionn 1,200 páiste sa chontae lena clár léitheoireachta bliantúil Réaltaí an tSamhraidh le linn mhí an Mheithimh, mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus bhí an-áthas orthu fáilte ar ais a chur roimh léitheoirí níos óige. Reáchtáladh clár imeachtaí ar fud an chontae inar óstáladh os cionn 170 imeacht aonair, chun léitheoirí óga a spreagadh le páirt a ghlacadh sa leabharlann. Don bhliain 2022, chruthaigh agus d'óstáil an tseirbhís leabharlainne Turas Siúlóide Scéalaíochta Leabharlainne i bpáirceanna poiblí lasmuigh inar atáirgeadh an leabhar do pháistí “Wee Donkeys Treasure Hunt” le Erika McGann ina iomláine ionas go bhféadfadh páistí agus teaghlaigh léamh leo agus cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil ansin chun taisce, fiach agus tráth na gceist a dhéanamh. Cruthaíodh agus bailíodh os cionn 1,700 mála ceardaíochta saor in aisce do léitheoirí óga agus do theaghlaigh a tháinig isteach sa leabharlann.

### Tionscnamh na Leabharlainne Tearmainn

Mar chuid de Chlár na Leabharlainne Tearmainn, fuair an tseirbhís leabharlainne rochtain ar mhaoiniú na gcuntas díomhaoin chun treoir a chruthú do sheirbhísí laistigh den phobal, a dhírítear go príomha ar dhaoine a bhog go Laois nó go hÉirinn le déanaí. Is comhartha an-bheacht é an leabhrán eolais chuig seirbhísí agus chuig roinnt rannpháirtíocht pobail sa chontae. Clúdaítear ann réimsí amhail seirbhísí éigeandála, teidlíochtaí sóisialta agus sláinte, rochtain ar scoil, taisteal agus lóistín. Moltar bealaí ann freisin d'aon duine ar mian leis nó léi a bheith páirteach sa phobal. Tá an leabhrán ar fáil san Úcráinis. Cheannaigh an tseirbhís Leabharlainne leabhair Úcráinise freisin do pháistí agus do dhaoine fásta lena gcur le stoc na leabharlainne chomh maith le rochtain ar nuachtáin ar líne, ríomhleabhair agus cineálacha eile faisnéise agus acmhainní san Úcráinis agus i dteangacha eile. Agus pobail nua ag teacht chun na Laoise, tá súil againn go smaoinoidh siad ar an tseirbhís leabharlainne mar acmhainn chun an t-aistriú go saol sa Laois a dhéanamh beagán níos fusa.



### Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí

Le maoiniú faoi scéim na gcuntas díomhaoin, reáchtáil an tseirbhís leabharlainne sraith de chlár agus imeachtaí Tacaíochta do Thuismitheoirí ó mhí Mheán Fómhair go Nollaig 2022, i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí. I measc na n-imeachtaí, bhí meascán de chainteanna agus de sheimineáir ar líne ar Zoom agus ceardlanna agus imeachtaí pearsanta a bhí ar siúl i mbrainsí leabharlainne sa dá chontae. Clúdaíodh réimse leathan ábhar, a bhí dírithe ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí páistí nuabheirthe go déagóirí agus áiríodh leo cainteoirí aitheanta amhail an Dr John Sharry, an Dr Mary O’Kane agus Fiona Ferris ó ‘As I Am’. Chomh maith leis sin, ceannaíodh leabhair tacaíochta do thuismitheoirí do gach brainse chun cur leis an stoc atá ar fáil cheana féin.

### Fearais Coigilte Fuinnimh Baile - Scéim iasachtaithe leabharlainne atá tacaíte ag Comhshaol Chomhairle Chontae Laoise

Sheol an Cathaoirleach an Comhairleoir Thomasina Connell an scéim iasachtaithe le haghaidh Fearais Coigilte Fuinnimh Baile go hoifigiúil ag 12 meán lae Dé Céadaoin, an 12 Deireadh Fómhair i Leabharlann Phort Laoise.

Tá cúig uirlis agus sé chleachtadh phraiticiúla i ngach foireann uirlisí chun cuidiú leis an bpobal fuinneamh a choigilt sa bhaile agus is féidir iad a fháil ar iasacht saor in aisce ó 7 mbrainse leabharlainne i **Leabharlanna Laoise**.

Is í gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath Codema a d'fhorbair an scéim. Feidhmíonn Codema mar ghníomhaireacht fuinnimh do na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath agus tá sé mar aidhm leis éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Tá lámhleabhar úsáideora céim ar chéim agus fiseán taispeána ag gabháil leis na fearais, mar aon le Treoir ar Choigilt Fuinnimh sa Bhaile ina bhfuil réimse leideanna chun fuinneamh a choigilt i ngach áit sa teach.

Tá na hacmhainní seo ar fad ar fáil ar [www.codema.ie/thinkenergy](http://www.codema.ie/thinkenergy) agus tá tuilleadh eolais faoi na Fearais Coigilte Fuinnimh Baile ar fáil ag [www.codema.ie/energysavingkit](http://www.codema.ie/energysavingkit)



### Aon Chontae Aon Leabhar

Bhí ríméad ar na Seirbhísí Leabharlainne comhoibriú agus páirt a ghlacadh le rannóg na nEalaíon ar Fhéile na nDuilleog 2022. Bhí an tionscnamh “One County One Book” ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna bhí an leabhar *Small Things Like These*, leis údar a bhuaigh duaiseanna, Claire Keegan ina ghné ann. Tugadh cóipeanna den leabhar ar iasacht do scoileanna áitiúla, d’úsáideoirí ginearálta agus do chlubanna leabhar leabharlainne brainse. Bhí deis ag ranganna na hidirbhliana ó scoileanna áitiúla i bPort Laoise agus i Móinteach Mílíc bualadh leis an údar go pearsanta agus an leabhar agus na téamaí a phlé. Ba dheis iontach a bhí ann do gach duine a bhí páirteach ann. I Leabharlann Mhóinteach Mílíc, bhí an club leabhar áitiúil ina chuid de rang scríbhneoireacht aonuaire do dhaoine fásta le Claire Keegan freisin.



### Oideachas Pobail BOOLUF sa Leabharlann

Sa bhliain 2022, i gcomhar le BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, chuir an tseirbhís leabharlainne ranganna saor in aisce ar fáil do dhaoine fásta sna leabharlanna sna réimsí Ealaíne, Scileanna Digiteacha, Scríbhneoireachta Cruthaithí agus Grianghrafadóireachta. Reáchtáladh os cionn 180 seisiún ranga agus d’fhreastail os cionn 1,141 orthu i Leabharlanna Dharú, Mhóinteach Mílíc, an tSráidbhaile, Phort Laoise, Chúil an tSúdaire, Mhainistir Laoise agus Mhaighean Rátha.

Taispeántar sa phictiúr thíos seoladh chúrsa BOOLUF sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach bailiúchán gearrscéalta *Scribblers to Scribes* i Leabharlann Phort Laoise. Léigh deich n-údar áitiúil sleachta as a gcuid saothair a bhí mar thoradh ar Thionscnamh scríbhneoireachta an teagascóra de chuid BOOLUF, Ryan Dunne agus Sheirbhísí Leabharlainne Chontae Laoise.

### Deich mBliana na gCuimhneachán

D'éascaigh seirbhísí Leabharlanna Chontae Laoise na clár thíos mar chuid de Chlár Deich na gCuimhneachán agus tacaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Comhairle Contae Laoise leo faoin Snáithe Pobail de Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2022.

### Clár um Staraí Cónaithe

Ag baint leas as acmhainní agus cartlanna Leabharlann Chontae Laoise, d'fhorbair an Staraí Cónaithe clár taighde agus rannpháirtíochta ina ndearnadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de stair Laoise sa tréimhse réabhlóideach. Chuaigh an staraí i bpáirt le pobail áitiúla agus le grúpaí stairiúla ag baint leas as acmhainní na Leabharlainne, as leabhair agus as cartlanna an Chontae chun cuidiú leis an gcónaitheacht. Bhí baint ag na haidhmeanna leis na tionscadail sin le haidhmeanna náisiúnta Dheich mBliana na gCuimhneachán agus baineadh amach na torthaí seo a leanas leo:

- Cainteanna sa leabharlann ar líne agus go pearsanta
- Rinneadh taighde agus scríobh ar bhlagphoist agus ailt a bhaineann le Laois sa tréimhse, agus tá na sonraí ar fáil ag an nasc seo: <https://laoislocalstudies.ie/articles>

### Ceannach stoic Leabharlainne

Le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán tugtar tacaíocht do leabharlanna chun ábhar léitheoireachta Gaeilge a cheannach, lena n-áirítear ábhair do dhaoine óga. Cuimsítear sa chuid sin stair, beathaisnéis, ficsean na hÉireann, cultúr, spórt agus litríocht nua-aimseartha na Gaeilge agus ábhar léitheoireachta. Is seirbhís inrochtana saor in aisce iad na seirbhísí do gach cuid den phobal. Cuideoidh an tacaíocht airgeadais ó dheontas leabhar Dheich mBliana na gCuimhneachán le bailiúcháin leabharlainne a fhorbairt agus a nuashonrú do dhaoine fásta agus do pháistí araon. Is iad na haidhmeanna leis na tionscnaimh sin stoc d'ábhar foilsithe d'ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú amhail stair, cultúr na hÉireann agus ábhar ginearálta Gaeilge agus a chinntiú go mbeidh sé ar fáil don phobal lena fháil ar iasacht agus le brabhsáil inár leabharlanna poiblí.

### Léachtaí Staire

D'óstáil seirbhísí Leabharlanna Chontae Laoise sraith léachtaí staire a thóg téamaí ó Aguisín A – Treoirínte Náisiúnta 2021 [“Significant historical events and broad themes”](#), ag baint úsáid as cainteoirí agus éascaitheoirí áitiúla agus náisiúnta araon.

Reáchtáladh réimse leathan cainteanna éagsúla Leabharlainne ar líne agus go pearsanta le linn na bliana 2022, lena n-áirítear:

- De Valera 1922 agus teacht an Chogaidh Chathartha leis an Dr David McCullagh
- The Press in Troubled Times: caint staire le Teddy Fennelly
- Irish is a foreign language”: caint ar an nGaeilge le linn bhlianta na réabhlóide, 1912-1923
- Ceardlanna idirghníomhacha ceardaíochta traidisiúnta Gaeilge do Pháistí
- Cainteanna agus taispeántas Chumann na mBan -féach thíos

Oslaíodh taispeántas ar Chumann na mBan Laoise i Leabharlann Mhóinteach Mílic Dé Máirt an 5 Iúil ag 7.30 pm. Ba í Bernadette Dunne ó Mhóinteach Mílic ó dhúchas a choimeád an taispeántas le tacaíocht ó Leabharlann Chontae Laoise mar chuid dá clár Deich mBliana na gCuimhneachán.

Tiomsaíodh scéalta mhná Laoise a bhí sa taispeántas ó thaifid oifigiúla sa Chartlann Mhíleata agus ón stair ó bhéal a bhailigh Bernadette. Tá taispeántas Chumann na mBan agus imeachtaí gaolmhara ina gcuid de rannpháirtíocht fhadtéarmach agus leanúnach Léann Áitiúil Laoise i dtionscadail lena dtugtar chun suntais arís eispéireas na mban sa tréimhse réabhlóideach. Táthar ag súil go spreagfaidh an taispeántas an pobal chun níos mó scéalta a bhaineann le mná réabhlóid na Laoise atá ligthe i ndearmad a roinnt agus a thaifeadh do na glúnta a thiofadh inár ndiaidh.

### Digitíú

Fuair Comhairle Contae Laoise bailiúchán cartlainne an staraí Ronnie Mathews as Cúil an tSúdaire sa bhliain 2021. Bhailigh Ronnie Mathews, staraí clúiteach agus údar roinnt leabhar ar Chúil an tSúdaire, doiciméid, léarscáileanna agus déantáin a bhain leis an mbaile i rith a shaoil, agus tá roinnt míreanna a bhailigh a athair sa bhailiúchán freisin. Fuarthas ceannachán Chartlann Mathews i ndiaidh fógra um maoiniú a fháil tríd an gCiste Athnuacha agus Forbartha Tuaithe Cearnóg stairiúil an Mhargaidh i gCúil an tSúdaire a chaomhnú agus a athnuachan, agus tá plananna ann chun Theach an Mhargaidh sa Cearnóg, atá ar léas ag Comhairle Contae Laoise a chaomhnú agus a athúsáid.

Rinne Seirbhís Leabharlainne Chontae Laoise cuid den bhailiúchán cártaí poist a bhaineann leis an tréimhse 1920-1930 den bhaile atá mar ina gcuid den bhailiúchán thuas a dhigitíú.

### Coiste Comórtha an Coirnéil James Fitzmaurice - Ag Ceiliúradh Stair Shaibhir na hÉitilte i Laois: Cartlann d'Eitleáin Fitzmaurice de chuid Phort Laoise agus Féile Eitilte Phort Laoise.

Píolótach ó Laois ab ea an Coirnéal James Fitzmaurice. I mí Feabhra 1922, chuaigh an Coirnéal Fitzmaurice isteach in Aersheirbhís Arm Náisiúnta na hÉireann nuair a bunaíodh Saorstát Éireann. I dtús na bliana 1923, tugadh ardú céime dó agus rinne Captaen dó, agus sa bhliain 1928, d'éitil sé an chéad eitleán trasatlantach soir-siar. Mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán, forbraíodh suíomh gréasáin agus cartlann tiomnaithe chun an pobal a chur ar an eolas faoin ngné uathúil sin den eitlíocht agus faoin nasc áitiúil le Port Laoise agus í a thaifeadadh.

### Na Meáin Shóisialta

Tá láithreacht ghníomhach ag an tseirbhís leabharlainne ar na meáin shóisialta thar raon ardán lena n-áirítear Facebook, Instagram, Twitter agus TikTok. Leanann foireann bheag ina bhfuil baill foirne ó gach brainse leabharlainne clár ama postála rialta chun imeachtaí atá le teacht a fhógairt, stoc nua leabharlainne a thaispeáint, cláir ghailearaí agus cláir phobail a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar thionscnaimh éagsúla leabharlainne. Tá os cionn 10,000 leantóir ag an tseirbhís leabharlainne ar gach ardán agus tá sí ag fás i gcónaí.

### Acmhainní Ar Líne

Soláthraíonn an tseirbhís Leabharlainne rochtain ar réimse leathan acmhainní ar líne saor in aisce mar chuid de bhallaíocht na leabharlainne, lena n-áirítear:

- ríomhleabhair agus ríomh-Chlosleabhair tríd an aip Borrowbox
- irisí ar líne tríd an app Libby
- nuachtáin laethúla idirnáisiúnta tríd an aip Pressreader
- Cúrsaí ríomhfhoghlama tríd an aip Universal Class
- leabhair phictiúr do pháistí i mbreis agus 50 teanga le LOTE4Kids
- ailt agus aistí in irisí acadúla le JSTOR
- rochtain ar thaifid stairiúla nuachtáin na hÉireann i mbrainsí leabharlainne le Cartlann Nuachtán na hÉireann



**Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021**

Líon na gcuartheanna Leabharlainne in aghaidh an duine den daonra de réir dhaonáireamh 2016	1
Líon na míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe i rith na bliana	125,766
Baill Ghníomhacha Leabharlainne in aghaidh an duine den daonra sa bhliain 2021	0.08
Baill atá Cláraithe sa leabharlann	15,368

Bhí an dlíáithriú ba mhó daoine ó bhí an dara Cogadh Domhanda ann mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. In éineacht lena comhpháirtithe Eorpacha chuir Éire tús lena hiarracht freagartha. Mar chuid den fhreagairt náisiúnta fhoriomlán ar an ngéarchéim dhaonnúil sin, iarradh ar an gComhairle roinnt rudaí a dhéanamh láithreach, agus cloíodh leo sin:

- Roghanna oiriúnacha cóiríochta atá ar fáil sa chontae a aimsiú agus cuidiú leis an tSeirbhís Cóiríochta Idirnáisiúnta um Chosaint (IPAS) le cóiríocht a chur ar fáil do roinnt daoine nuathagtha go héirinn.
- “Fóram Freagartha Ilghníomhaireachta do Ghéarchéim na hÚcráine” a bhunú agus a threorú, rud éigin an-chosúil leis an bhFóram Freagartha Pobail Covid-19 a bhí ar bun sna blianta 2020 agus 2021.
- Liostaí a chur le chéile d’áitribh fholmha oiriúnacha sa chontae a d’fhéadfaí a mheas mar chóiríocht do dhídeanaithe, chun freagairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt a chomhlíonann oibleagáidí ár dtíre faoin Treoir maidir le Cosaint Shealadach.
- Sonraí a sholáthar maidir le suíomhanna atá oiriúnacha lena mbreithniú le haghaidh réitigh chóiríochta sa meántearma agus san fhadtéarmacha.

Chuir Stát na hÉireann a fhreagairt chun feidhme de réir Threoir 2001/55/CE, lenar suíodh go mairfidh fad na cosanta sealadaí arna tabhairt ag stáit AE do shaoránaigh na hÚcráine a bhí ag teitheadh ón gcoinbhleacht ar feadh tréimhse tosaigh bliana i.e go dtí mhí an Mhárta 2023, agus féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin, I mí Dheireadh Fómhair 2022, fógraíodh ag cruinniú de chuid na Comhairle Eorpaí gur chinn an Coimisiún gur cheart síneadh bliana eile a chur leis an tréimhse cosanta sealadaí i.e. go dtí mí an Mhárta 2024.

Tacú leis an soláthar mear a mholadh maidir le cóiríocht éigeandála chuir an Rialtas rialachán Pleanála ar leithligh i bhfeidhm freisin, a tháinig i bhfeidhm an 23 Meitheamh 2022. Foráladh leis sin go mbeidh aicmí áirithe forbartha sealadaí, lena n-áirítear cóiríocht chónaithe, a dhéanann údarás Stáit nó a dhéantar thar ceann údarás Stáit, chun cosaint a chur ar fáil do dhaoine easáitithe ón Úcráin, díolmhaithe ó fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt (seachas cúinsí comhshaoil) ar feadh tréimhse thosaigh 1 bhliain agus tréimhse iomlán sínte 3 bliana ar a mhéad ón 4 Márta 2022.

Bunaíodh Foireann thiomanta Freagartha don Úcráin laistigh den Chomhairle chun na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn, le héifeacht ón 1 Iúil 2022.

Treoraíonn agus comhordaíonn Comhairle Contae Laoise seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí áitiúla trí **“Fhóram Freagartha Pobail Laoise don Úcráin”**. Bunaíodh an Fóram, ar a bhfuil 23 ballghrúpa/gníomhaireacht, i mí an Mhárta 2022, tháinig siad le chéile 11 uair le linn na bliana 2022, agus tagann siad le chéile fós ar bhonn míosúil. Tacaíonn an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, FSS, Cosaint Shíbhialta, an Chuideachta Forbartha Áitiúil, BOOLUF, TUSLA agus grúpaí deonacha áitiúla éagsúla, agus eagraíochtaí pobail leis na hiarrachtaí uile.

Agus iad ag teacht isteach sa chontae i rith na bliana, bhí na saoránaigh as an Úcráin á n-óstáil ag ionaid ar conradh IPAS i nDarú, Mainistir Laoise, Port Laoise, Móinteach Mílíc, agus Cluain na Slí. Rinne daoine eile socrúithe príobháideacha, d’fhan siad le cairde nó le gaolta, bhí siad ina gcónaí le teaghlaigh aíochta, bhí siad i gcóiríocht trí na paróistí éagsúla agus i gcóiríocht príobháideach ar cíos freisin.

Le héifeacht ó lár mhí Iúil 2022, ghlac Foireann Freagartha na hÚcráine de chuid na Comhairle ceannas ar bhainistíocht liosta cóiríochta geallta Chrois Dhearg na hÉireann, agus d’oibrigh siad chun teaghlaigh áitiúla ón Úcráin a athlonnú go dtí réadmhaoine folmha geallta agus go dtí socrúithe cóiríochta roinnte le teaghlaigh áitiúla aíochta.

Seoladh glao náisiúnta nua ar réadmhaoine fholmha, an Scéim ‘Tairg Teach’, i mí na Samhna 2022, agus cuireadh tús le meaitseáil teaghlach Úcránach le réadmhaoine oiriúnacha i Laois faoin scéim sin.

Ag teacht le rolladh amach an chláir náisiúnta agus i ndiaidh imscrúduithe ar shuíomhanna ag deireadh na bliana 2022, measadh go raibh suíomh i Ráth Domhnaigh oiriúnach d’fhorbairt tithe modúlacha. Cuireadh comhaltaí na gCeantar Bardasach ar an eolas agus tá an tionscadal 42 teach á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhar leis an Roinn Leanáil, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ag a bhfuil an próiseas áitiúil rannpháirtíochta poiblí á chur chun cinn.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí 789 saoránach Úcránach easáitithe lonnaithe i Laois. Bhí thart ar 300 acu sin sna hionaid chóiríochta a shonraítear thuas, agus bhí an chuid eile i gcóiríocht a fuarthas go príobháideach nó i gcóiríocht a gealladh. Tá na

FREAGAIRT DHAONNÚIL DO DHÍDEANAITHE ATÁ AG TEITHEADH Ó CHOINBHLEACHT NA hÚCRÁINE

Íonta sin ag méadú agus meastar go leanfaidh an plódú isteach. Dá réir sin, leanfaidh an Chomhairle ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí agus ag tacú leis an iarracht freagartha daonnúla isteach sa bhliain 2023 agus chomh fada agus a mheasann an Rialtas go bhfuil gá leis.

AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Simon Walton

INNEALTÓIR SINSEARACH:

Adrian Barrett

<u>Comhaltaí</u>	<u>Earnála</u>
<i>Cllr. Paddy Bracken (Cathaoirleach)</i>	<i>John Killeen, Forbairt/Tógáil</i>
<i>Cllr. John Joe Fennelly</i>	<i>John Talbot, Talmhaíocht/Feirmeoireacht</i>
<i>An Comhairleoir William Aird</i>	<i>Deirdre O'Connell Hopkins, Ceardchumann</i>
<i>An Comhairleoir Ben Brennan</i>	
<i>An Comhairleoir Noel Tuohy</i>	

Fuair Roinn na mBóithre deontais bóithre agus maoiniú buiséid os cionn €27 milliún don bhliain agus fuarthas cistí breise sa bhreis ar an méid a glacadh leis sa scéim oibreacha bóthair arb ionann é sin agus €28m ar an iomlán. Cuireadh Clár Oibreacha Bóthair 2022 chun cinn ar fud na dtrí Cheantar Bhardasacha agus tá sé críochnaithe.

Fuarthas maoiniú breise suntasach ó mhí Lúnasa ar aghaidh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Cultúir faoin Scéim Feabhsuithe Áitiúla. Cuireadh oibreacha ar na scéimeanna i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022.

#### Dearadh Bóthair

Chuir Comhairle Contae Laoise líon mór scéimeanna cothabhála agus feabhsúcháin i gcrích sa bhliain 2022, lena n-áirítear críochnú an N80 Choillte Laoise go Móinteach Mílíc Céim 1 Deisiúchán agus Athnuachan Sócmhainní Cosán agus oibreacha feabhsúcháin dromchla pábhála HD 28, feabhsuithe ar chomharthaíocht, marcanna líne, oibreacha caipitil pábhála mar aon le mullaird, soilsiú poiblí, agus oibreacha feabhsúcháin ar acomhail a shuiteáil. Léirítear leis an méid seo a leanas na hoibreacha a cuireadh i gcrích agus an maoiniú gaolmhar.

#### Cothabháil Chaipitil Chill Ógáin Ard N78 – Caiteachas €200,000

500 méadar d'athchóiriú dromchla ar an N78, ó thuaidh ó de Bhaile Uí Laigheanáin agus gar do theorainn Chill Dara.

#### Láithreáin Athdhromchlaithe Cosán HD28 – Caiteachas €1,000,000.00

Rinneadh na hoibreacha seo a leanas faoin scéim sin:

- N80 na Gráige
- N80 Gharbhaigh
- N80 Ascaill James Fintan Lalor
- An Sráidbhaile, Bearna Gaoithe

#### Scéim um Athshlánú agus um Fheabhsú N77 Bhóthar Mhainistir Laoise –

Cheadaigh na Comhaltaí Tofa Cuid VIII ag an gcruinniú i mí na Bealtaine agus tá an dearadh mionsonraithe críochnaithe agus tá an Chomhairle i mbun conraitheoir a cheapadh faoi choinne na n-oibreacha faoi láthair.

#### N80 Choillte Laoise go Móinteach Mílíc Céim 1 Deisiúchán agus Athnuachan Sócmhainní Cosán – Caiteachas €2.4 milliún

Sa bhliain 2022, chuir Roadstone Ltd Deisiúchán Sócmhainní Cosán Céim 1 N80 Choillte Laoise go Móinteach Mílíc i gcrích. Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí an Mheithimh 2022 agus tugadh chun críche iad i mí na Nollag 2022 nuair a críochnaíodh pleanáil, athchóiriú agus neartú 2.5 km de bhóthar.

#### Caipiteal Choillte Laoise go Doire Cluana Céim 2 – Caiteachas €450,000

Cuireadh dearadh mionsonraithe chun cinn don chuid sin den N80 agus táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha ar an gcuid sin den bhóthar i samhradh 2023.

#### Scéim Phíolótach Fianna N77- Caiteachas €70,000

Tugadh faoi obair glanta fásra ar an N77 ó dheas de Mhainistir Laoise chun an infheictheacht a fheabhsú do thiománaithe a thaistealaíonn feadh na coda sin den bhóthar. Bhain an obair a rinneadh ag an suíomh sin leis an leibhéal ard fianna a bhíonn ag trasnú an bhóthair.

#### Soilsiú Poiblí

Tá 9,500 solas poiblí san iomlán i Laois agus rinneadh 65% de na soilse sa chontae a uasghrádú go LED.

#### Cothabháil an Gheimhridh

Rinneadh oibríochtaí glao amach 45 uair le linn shéasúr an Gheimhridh 2021/2022 agus cóireáladh 458km den ghréasán saille i Laois. Go dtí seo bhí 40 glao amach le linn shéasúr an gheimhridh 2022/2023.

#### Ceantar Bardasach Phort Laoise (Lárcheantar)

Sa Lárcheantar, cuireadh feabhas ar fhad iomlán bóithre de 8.5Km faoi Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe (Neartú).

Rinneadh fad iomlán bóithre de 8.2km a athshéalú agus feabhsaíodh an fhriotaíocht in aghaidh sciorradh faoi Scéimeanna Oibreacha Athchóirithe Cothabhála (Cóiriú Dromchla).

#### Clár Cosán lena n-áirítear Athnuachan Uirbeach

Rinneadh oibreacha cosáin dar luach os cionn €195,00 i mbailte Phort Laoise, Mhainistir Laoise agus Bhaile an Ruáin sa bhliain 2022.

### **Plandú Bhaile Phort Laoise**

Coinníonn an Ceantar Bardasach seo coimeádáin, ceapacha agus bláthchiseáin ar crochadh ag níos mó ná 300 ionad timpeall Bhaile Phort Laoise. Cuirtear plandaí ceapaí geimhridh ar na láithreacha sin i mí na Samhna agus plandaí ceapaí samhraidh i mí na Bealtaine gach bliain.

Oibríonn Oifig an Cheantair Bhardasaigh go dlúth freisin le Bailte Slachtmhara Phort Laoise chun na bláthchiseáin sin ar chrochadh a chur agus a chothabháil ar an tSráid Mhór agus ar Chearnóg an Listearaigh sa bhaile. Bíonn na bláthchiseáin ar chrochadh ar taispeáint ó mhí an Mheithimh go mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

### **Tionscadail Bhithéagsúlachta Phort Laoise**

Bainistíonn Oifig Cheantar Bardasach Phort Laoise 36,000m<sup>2</sup> de mhóinéir ghearrtha bhliantúil agus ghearra i gceantar máguaird Phort Laoise. Bunaíodh Móinéar Coinníní corra ar Ascaill JFL gar do Lárionad Shráid an Droichid.

I gcomhar le Bailte Slachtmhara Phort Laoise, forbraíodh an Straitéis Timpealláin “Port Laoise – Baile i nGairdín” sa bhliain 2021. Sa bhliain 2022, uasghrádaíodh Timpeallán Chearnóg an Mhargaidh agus Timpeallán Ascaill Father Browne trí shoilsiú, deilbh agus cur a thacaíonn le pailneoirí a sholáthar.

Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise próiseáil ar **62** iarratas ar deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán agus **55** iarratas ar cheadúnúchán ón gCúirt Chuarda sa bhliain 2022. Rinneadh iniúchadh ar **25** áitreabh faoi Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 agus rinneadh **44** iniúchadh lárfeidhmíochta ar áitribh ar fud an Chontae. (Is measúnuithe sábháilteachta iad na hIniúchtaí Lárfeidhmíochta ar áitribh ina dtagann an pobal le chéile nuair atá siad ar oscailt don phobal lena n-áirítear láithreacha áitíochta móra, hallaí biongó, tithe ósta, clubanna oíche agus ócáidí faoin aer srl)

Ghlac Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae Laoise páirt in **168** comhairliúchán sábháilteachta dóiteáin le daoine den phobal agus comhairleoirí sábháilteachta dóiteáin le linn na bliana 2022. Chomh maith leis sin, tugadh faoi chruinnithe pleanála agus idirghabhálaithe agus cuairteanna suímh ar roinnt imeachtaí ceadúnaithe agus neamh-chedúnaithe lena n-áirítear Feis Cheoil Electric Picnic agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tugadh faoi iniúchtaí lárfeidhmíochta freisin le linn na n-imeachtaí faoin aer seo.

Thug Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae Laoise faoin obair seo a leanas faoi Alt III d'Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.

- A) Eisíodh **5** Fhógra Dúnta ar an bpointe faoi Alt 20A den Acht ar fhoirgnimh a d'fhéadfadh a bheith dainséarach ar fud an Chontae.
- B) Eisíodh **1** Fhógra Sábháilteachta Dóiteáin faoi Alt 20 den Acht,
- C) Iarradh ar **5** Mheasúnú Sábháilteachta Dóiteáin, a bhí ceadaithe faoi Alt 18(6) den Acht, a raibh le tógáil faoi ar áitribh ar tugadh faoi deara go raibh easpa sábháilteachta dóiteáin iontu ach nár éiligh siad gníomhú láithreach de réir míreanna a agus b thuas,
- D) Sholáthair an tUdarás Dóiteáin litreacha comhairle maidir le sábháilteacht dóiteáin, atá ceadaithe faoi Alt 18 (4) agus 18 (5) den Acht, do **57** áitreabh ar fud an Chontae.

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

### TIONSCADAIL UM BONNEAGAR, SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA & TIONSCADAIL SPEISIALTA

Tugadh faoin gClár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna ar fud an Chontae idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2022. Bhí na hocht stáisiún dóiteáin ar fad bainteach leis an gclár seo. Fuair breis is 1800 daltaí bunscoile i rang 3 eolas maidir le sábháilteacht dóiteáin.

Seachtain na Sábháilteachta Dóiteáin Náisiúnta (17ú - 23ú Deireadh Fómhair 2022). Sholáthair pearsanra Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae Laoise, sna hocht stáisiún dóiteáin, cuir i láthair ar shábháilteacht dóiteáin sa bhaile ar fud an Chontae. Dhírigh na cuir i láthair go sonrach ar an déimeagrafach ar bhain an riosca is mó leo i.e. daoine níos sine ná 65. Reáchtáil Grúpa Sábháilteachta Dóiteáin Pobal Laoise (i measc bhail an ghrúpa áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae Laoise, Nasc Áitiúil TFI Laoise Uíbh Fhailí, Líonraí Rannpháirtíochta Phobal Laoise agus Aoisbhá Laoise) comórtas le brathadóir deataigh a bhuaich sna nuachtáin áitiúla, raidió, facebook, twitter agus ar ár leathanach [www.laois.ie](http://www.laois.ie). Tá pearsanra Seirbhíse Dóiteáin, ó na hocht stáisiún, ag suiteáil brathadóirí deataigh i dtithe na n-iarrthóirí a bhuaigh ar fud an Chontae faoi láthair. Suiteáladh brathadóirí deataigh i níos mó ná 500 teach ar fud an Chontae ó tosaíodh an comórtas bliantúil seo sa bhliain 2018. Lena chois sin, sholáthair Grúpa Sábháilteachta Dóiteáin an Phobail teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht dóiteáin go gníomhach chun díriú ar an déimeagrafach ar bhain an baol is mó le linn Sheachtain na Sábháilteachta Dóiteáin agus ag Oíche Shamhna. Bhain an Grúpa úsáid as téacsanna, teachtaireachtaí WhatsApp, nuachtáin áitiúla agus na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht dóiteáin a sholáthar agus d'áirigh an clár nua seo comhfhreagras de na 650+ grúpa pobail ar fad atá ar fáil trí Líonraí Rannpháirtíochta Phobal Laoise).

Rinneadh cothabháil ar na saoráidí Mórghainistíochta Éigeandála uilig, agus rinneadh uasdátú ar gach plean, fo-phlean agus nós imeachta cuí le linn na bliana.

#### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021

An meánam a thóg sé i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a ghríosú i dtaca le heachtraí dóiteáin sna stáisiúin dóiteáin (am iomlán)	An meánam a thóg sé i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a ghríosú i dtaca le heachtraí dóiteáin sna stáisiúin dóiteáin	An meánam a thóg sé i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a ghríosú i dtaca le gach eachtra neamh-dhóiteáin eile (iomlán)	An meánam a thóg sé i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a ghríosú i dtaca le gach eachtra neamh-dhóiteáin eile (coinnithe)
N/A	5.49	N/A	5.19

% de chásanna dóiteáin ar freastalaíodh den chéad uair orthu laistigh de 10 nóiméad	% de chásanna dóiteáin ar freastalaíodh den chéad uair orthu i ndiaidh 10 nóiméad ach faoi 20 nóiméad	% de chásanna dóiteáin ar freastalaíodh den chéad uair orthu i ndiaidh 20 nóiméad	% de gach eachtra éigeandála eile ar freastalaíodh den chéad uair orthu laistigh de 10 nóiméad	% de gach eachtra éigeandála eile ar freastalaíodh den chéad uair orthu i ndiaidh 10 nóiméad ach faoi 20 nóiméad	% de gach eachtra éigeandála eile ar freastalaíodh den chéad uair orthu i ndiaidh 20 nóiméad
31.10	56.10	12.80	31.82	53.18	15.0

Costas in aghaidh an Duine

€44.65

## COISTE POLASAITHE STRAITÉISIGH DO THITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

## STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Angela McEvoy

## A/INNEALTÓIR SINSEARACH:

Trevor Hennessy

## ARDOIFIGEACH FEIDHMEANNACH:

Georgina Ireland

## ARDOIBRÍ SÓISIALTA:

Fionnuala Daly

**Comhaltaí***Cllr. Thomasina Connell**Cllr. Barry Walsh**Cllr. Caroline Dwane Stanley (Cathaoirleach)**Cllr. Paschal McEvoy**Cllr. Catherine Fitzgerald***Earnála***Michael Kelly Jr, (Forbairt/Tógáil)**Bobby Fitzpatrick (Gnó/Tráchtáil)**Michael Cobbe (Pobal/Deonach)**Sheelagh Coyle (Ionchuimsiú Sóisialta)*

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Is é an Príomhchuspóir don Tithíocht ná cinntiú go bhfuil caighdeán lóistín chónaithe sásúil ag gach saoránach atá oiriúnach dá riachtanais, agus chomh fada agus is féidir, in áit agus i seilbh a rogha agus chun seirbhís tithíochta freagrúil agus tacúil a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cúnamh á lorg acu.

## Tuairisc ar SPC

Bhuail an Coiste um Bheartais Straitéiseacha don Tithíocht 4 huairé - i mí an Mhárta, an Mheithimh, Dheireadh Fómhair agus na Nollag 2022, inár pléadh roinnt mhaith saincheisteanna agus rinne comhaltaí nóta díobh.

## Tithíocht Do Chách 2022 — 2026

I ndiaidh fhoilsiú an Achta um Thithíocht Inacmhainne 2021, Ciorclán DHLGH 28/2021 ar Thithíocht Inacmhainne - Leasuithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus “*Tithíocht do chách, Plean Tithíochta Nua d’Éire*” i mí Mheán Fómhair 2021, d’ullmhaigh Comhairle Contae Laoise **Plean Gníomhartha Soláthair Thithíochta** maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar i gContae Laoise don tréimhse 2022-2026. Féadtar teacht ar an bplean ag <https://laois.ie/wp-content/uploads/LCC-Housing-Delivery-Action-Plan-2022-2026.pdf>

## Soláthar Tógáil Tithíocht Shóisialta 2022

Mar aon le bainistíocht na 2322 aonad, tá sé de chúram na Comhairle 534 aonad tithíochta sóisialta nua a sholáthar faoin mbliain 2026.

## Spriocanna Soláthair Tithíocht Shóisialta Bliantúil 2022-2026

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Aonaid	200	79	80	87	88	534

Ba iad líon na n-aonad iomlán a soláthraíodh sa bhliain 2022 ná 216. Soláthraíodh iad seo trí thógáil dhíreach an údaráis áitiúil, Cuid V, tionscadail lándéanta agus i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.



#### Sean Doire Darú - forbairt de 22 teach - Tógáil Chomhairle Contae Laoise

Tá dul chun cinn 22 scéim chaipitiúil tógála agus lándéanta dhíreacha á ndéanamh faoi láthair sa Sráidbhaile, Darú, Ráth Domhnaigh, Eiréil, Móinteach Mílíc, Baile an Ruáin, Buiríos Mór Osraí, An Cillín, Baile Uí Laigheanáin, An Dúnán, Maighean Rátha, Cúil an tSúdaire, Port Laoise trí phróiseas Faofa Céim Chaipitiúil na Roinne.

#### Tithíocht Inacmhainne

Leagann an tAcht um Thithíocht Inacmhainne 2021 agus Rialacháin lena bhaineann an mheicníocht amach le haghaidh an tsoláthair de thithíocht inacmhainne agus cíos costais. Tá íos-sprioc leagtha amach ag an Roinn Tithíochta de 38 aonad inacmhainne le bheith soláthartha faoin mbliain 2026. Tá Comhairle Contae Laoise ag déanamh iniúchta ar roinnt roghanna maidir leis seo.

#### Tithe Folmha

Bunaíodh Oifig do Thithe Folmha lánaimseartha i gComhairle Contae Laoise sa bhliain 2022. Tá ról comhairleach ag Oifig Thithe Folmha le haghaidh foirne údaráis áitiúil go himheánach agus go seachtrach mar phointe teagmhála araon do dhaoine den phobal agus páirtithe leasmhara ar thithe/réadmhaoine díomhaoine chun cabhair, eolas agus comhairle a thabhairt ar conas réadmhaoine a chur ar ais in úsáid arís.

Aithníonn an Oifig do Thithe Folmha réadmhaoine folmha i gContae Laoise agus oibríonn sí le húinéirí réadmhaoine chun na réadmhaoine a chur ar ais in úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta agus phríobháideach. Féadtar tuairisciú a dhéanamh freisin ar thithe folmha don Oifig do Thithe Folmha ar [www.vacanthomes.ie](http://www.vacanthomes.ie) nó trí rphost a sheoladh chuig [vacanthomes@laoiscoco.ie](mailto:vacanthomes@laoiscoco.ie).

Is iad seo a leanas cuid de na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an Oifig do Thithe Folmha.

- Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe faoin gCiste Croí Cónaithe (Bailte)
- Scéim Athchóirithe & Léasaithe
- Orduithe Ceannaigh Éigeantacha (CPO) ar réadmhaoine folmha chun úsáid chónaithe sa todhchaí a chinntiú

#### Suirbhéanna Folúntais

Rinneadh Suirbhéanna Folúntais i Móinteach Mílíc agus i Maighean Rátha sa bhliain 2022. Tá an Chomhairle ag déanamh a díchill chun teagmháil a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine cónaithe a sainiú agus folamh sna suirbhéanna chun achoimre a thabhairt ar na roghanna atá ann chun na réadmhaoine seo a chur ar ais mar áiteanna cónaithe. In áiteanna nach féidir teacht ar úinéireacht, rachaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh fiosruithe áitiúla maidir leis an úinéireacht, an stair fholúntais, srl. agus déanfar machnamh ar úsáid a bhaint as próiseas an CPO chun réadmhaoine atá ceaptha le bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta a fháil nuair a bhaintear triail as gach bealach eile chun na réadmhaoine

a chur in úsáid.

Tá tuilleadh eolais ar an Oifig do Thithe Folmha agus na scéimeanna thuas ar fáil ag [www.laois.ie/departments/housing](http://www.laois.ie/departments/housing)

#### **Bainistíocht agus Cothabháil Tithíochta**

Sa bhliain 2022, rinne Comhairle Contae Laoise dul chun cinn ar 4846 ordú oibre cothabhála agus d'iarfheistigh sí 165 dár stoc tithíochta mar chuid den Chlár Iarfheistithe Láir Tíre.

Thosaigh oibreacha iarfheistithe in O'Moore Place, Port Laoise agus leanfaidh siad ar aghaidh le linn na bliana 2023. Ceadaiódh faomhadh buiséid le haghaidh iarfheistiú do 47 teach breise ar fud an chontae sa bhliain 2023.

Thugamar faoi áiteanna a athligean amach ar cíos do 74 dár réadmhaoine a tugadh suas i gcaitheamh na bliana 2022.

#### **Measúnú ar Riachtanais Tithe**

Ar an 31<sup>ú</sup> Nollaig 2022, bhí 1805 iarratas ar liosta feithimh na Comhairle le haghaidh tithíocht shóisialta.

Sa bhliain 2022, mhol Roinn na Tithíochta go mba cheart an tairseach ioncain a mhéadú i dtaca le cáilitheacht le haghaidh tithíocht shóisialta ó €25,000 go dtí €30,000 le héifeacht ó 1<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2022. Méadaíodh an tairseach sin ina dhiaidh go dtí €35000 le héifeacht ó 1<sup>ú</sup> Eanáir 2023.

#### **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta**

Tosaíodh an HAP i gContae Laoise ar an 1<sup>ú</sup> Nollaig 2016. Bhí 865 tionóntacht gníomhach ann faoin 31<sup>ú</sup> Nollaig 2022, agus aistríodh 332 díobh ó fhorlíonadh cíosa. Caithfear iniúchadh a dhéanamh ar gach réadmhaoin HAP laistigh de 8 mí ón gcéad uair a íocadh an chéad íocaíocht don tiarna talún. Rinne 540 iniúchadh san iomlán sa bhliain 2022.

Tugann Aimsitheoir Áite do Dhaoine gan Dídean an HAP tacaíocht do theaghlaigh gan dídean agus iad ag iarraidh tionóntacht HAP a fháil. Sa bhliain 2022, freastalaíodh ar 48 teaghlach gan dídean trí HAP.

#### **Cóiríocht don Lucht Siúil**

Leag Clár Cóiríochta Don Lucht Siúil Chomhairle Contae Laoise 2019-2024 sprioc amach do 37 aonad de ghnáth-thithe údaráis áitiúil a sholáthar. Sholáthair Comhairle Contae Laoise 61 ghnáth-theach údaráis áitiúil go dtí seo. Sholáthair an Clár sprioc freisin chun láithreán stad Oak Park a athchóiriú, agus soláthrófar trí bhá bhreise. Tá oibreacha tógála ag leanúint ar aghaidh ar an láthair.

#### **Bainistíocht Eastáit**

Fanann bainistíocht eastáit mar phríomhfheidhm na Rannóige Tithíochta. Sholáthair an Rannóg Tithíochta réimse tacaíochtaí do roinnt ghrúpaí cónaitheoirí, lena n-áirítear deontais agus clár péinteála.

Sa bhliain 2022, d'oibrigh na cúig eastát i gCnoc Maí leis an Rannóg Bhainistíochta Eastáit agus thug siad faoi oibreacha feabhais fairsinge i gcomhpháirtíocht le hIonad Treo Nua.

Reáchtáil Comhairle Contae Laoise Comórtas don Ghairdín is Deise sa cheantar agus reáchtáladh searmanas bronnta i Halla an Chontae i mí na Samhna.



#### **Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Laoise do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 — 2026**

Glacadh le Plean Straitéiseach na Comhairle do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 - 2026 i mí na Nollag 2021. Tá ról lárnach ag an Straitéis seo do Phleananna Soláthair Seirbhíse Tithíochta agus cuirfidh sé soláthar cóiríochta chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus tabharfaidh sé tacaíocht dó ag baint úsáide as gach meicníocht chúí chun tithíocht a sholáthar.

Sa bhliain 2022, thug Comhairle Contae Laoise agus na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta iomadúla sa chontae teach do 67 teaghlach a raibh duine (daoine) le míchumas iontu. Seasann an figiúr seo do 31.16% de na leithdháilte ar fad a rinne Comhairle Contae Laoise sa bhliain 2022.

#### **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean/Cóiríocht Éigeandála**

Lean Comhairle Contae Laoise ar aghaidh ag soláthar cóiríocht éigeandála sa bhliain 2022, más cuí, do theaghlaigh gan dídean. Baintear úsáid as gach meicníocht soláthair thithíochta nuair atáthar ag iarraidh cóiríocht a thabhairt dóibh siúd atá measta le bheith gan dídean.

Léirigh 244 teaghlach go raibh siad gan dídean sa bhliain 2022 (bhí 24 acu ann roimhe), is é sin 69 clann agus 175 duine singil.

Chuir Comhairle Contae Laoise 89 teaghlach isteach in B&Banna éigeandála sa bhliain 2022, i.e. 63 duine singil agus 26 clann agus tugadh cóiríocht do 63 teaghlach, 44 clann agus 19 duine singil a bhí gan dídean.

Seasann an figiúr seo do 29.30% de leithdháilte Chomhairle Contae Laoise san iomlán sa bhliain 2022.

Chuir Comhairle Contae Laoise bac ar 48 teaghlach ó bheith gan dídean mar gheall ar idirghabháil Aimsitheoir Áite an HAP.

Soláthraíonn an Chomhairle cóiríocht agus tacaíochtaí do dhaoine gan dídean le riachtanais chasta, i gcomhréir le Tithíocht ar dtús Plean Forfheidhmithe Náisiúnta 2022-2026. Sa phlean seo, áirítear sprioc chun 35 aonad cóiríochta a sholáthar thar thréimhse cúig bliana, i.e. 7 in aghaidh na bliana. Sháraigh an Chomhairle an sprioc seo sa bhliain 2022, trí 8 n-aonad de chuid na Tithíochta ar dtús a sholáthar do 8 nduine singil i gcomhpháirtíocht le hIonataobhas Peter Mc Verry.



**Iasachtaí agus Deontais**

Tá **Scéim Iasachta um Cheannach Tí De Chuid an Údaráis Áitiúil (LAHL)** ar fáil anois ar fud na tíre. Tháinig sí ar an saol ar an 4ú Eanáir 2022 in áit Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil na hÉireann

Tá na hiarratais le haghaidh ceannach réadmhaoine cónaithe nua nó ar athlámh agus le haghaidh féintógálacha. Chomh maith leis sin, áiríonn sé ceannach tithe trí scéimeanna an Stáit cosúil le Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí agus Scéim Tithíochta Inacmhainne. Faomhadh 28 Iasacht Tithíochta sa bhliain 2022 agus diúltaíodh 21.

**Deontas Príobháideach**

Íocadh Deontais Phríobháideacha sa bhliain 2022 de €1,244,990 san iomlán le haghaidh Scéimeanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas.

**Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Tugadh faoi oibreacha le luach €747,716.22 chun cabhair a thabhairt do thionóntaí i 57 réadmhaoín. D’áirigh an uimhir seo an tógáil de 3 shíneadh.

**Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta**

Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) tithíocht shóisialta do dhaoine a cháilíonn do thithíocht agus atá ainmnithe ag an údarás tithíochta. Tá dea-chaidreamh oibre ag an gComhairle leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta atá gníomhach sa Chontae.

**Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021**

Stoc i leith Tithíocht Shóisialta

Líon na n-áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar 01/01/2021	2,222
Líon na n-áiteanna cónaithe curtha leis an stoc faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil le linn na bliana 2021 (cé acu a tógadh nó a fuarthas)	61
Líon áiteanna cónaithe an Údaráis Áitiúil ar díoladh sa bhliain 2021	9
Líon áiteanna cónaithe an Údaráis Áitiúil ar leagadh sa bhliain 2021	2
Líon na n-áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar 31/12/2021	2,272
Líon na n-áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil atá socraithe le leagan faoi scéim faofa ag an DHLGH.	1

Folúntais Tithíochta

% de líon na n-áiteanna cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil san iomlán a bhí folamh ar 31/12/2021 1.72

Meánam chun áiteanna a Athligean amach ar cíós agus meánchostas: Costas Cothabhála de réir an Aonaid

Meánam ó fágadh an áit chónaithe go dtí an dáta sa bhliain 2021 nuair a tosaíodh tionóntacht nua seachtaine 23.52

Meánchostas caite ar ullmhú áiteanna cónaithe atá faoi thionóntacht chun iad a athligean amach ar cíós (€) 20,265.57

Meánchaiteachas in aghaidh an aonaid sa bhliain 2020 maidir le hathchóiriú agus cothabháil Tithíocht LA (€) 835.33

Iniúchtaí ar Thithíocht ar Cíós san Earnáil Phríobháideach

Líon na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an LA ag deireadh mhí an Mheithimh 2021. N/A

Líon na n-áiteanna cónaithe a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2021 246

% de na háiteanna cónaithe sa bhliain 2021 a ndearnadh iniúchadh orthu nár chomhlíon rialacháin chaighdeánacha 99.59

Líon na n-áiteanna cónaithe comhlíontacha agus neamh-chomhlíontacha a bhí comhlíontach le linn na bliana 2020 8

Líon na n-iniúchtaí ar thug an t-údarás áitiúil fúthu sa bhliain 2021 247

Daoine fásta atá gan dídean go fadtréimhseach

Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtréimhseach mar % de líon na ndaoine fásta gan dídean a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2020. 0

**PLEANÁIL**

**ARDPHEANÁLAÍ:**

**David O’Hara**

**ARDPHEANÁLAÍ FEIDHMEANNACH:**

**Donal Kiely**

Is é cuspóir ginearálta na Roinne Pleanála ná forálacha na n-Achtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus céimeanna tacaíochta cuí a sholáthar ionas go gcuirfí folláine fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae chun cinn chun caighdeán mhaireachtála a chosaint agus a ardú, agus deiseanna oibre a chothú agus a chruthú, le meas ar phrionsabail inbhuanaitheachta.

Féadtar an Roinn Pleanála a bhriseadh anuas in 5 chuid dhifriúla:

- i) Bainistíocht Forbartha
- ii) Pleanáil Chun Tosaigh
- iii) Forfheidhmiú Pleanála
- iv) Rialú Tógála
- v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

**(i) Bainistíocht Forbartha**

Is é 840 líon na n-iarratas pleanála a fuarthas sa bhliain 2022. É sin ráite, bhí 225 de na hiarratais phleanála ar fad a fuarthas neamhbhailí agus bhí sé de dhíth ar an iarratasóir iarratas nua a chur isteach. Ba iad na príomhchúiseanna neamhbhailithe na gcomhad pleanála ná cáipéisí pleanála agus fógraí poiblí a bheith as dáta nó nach raibh curtha suas ar an suíomh, ceadanna roimhe seo a bheith as dáta, ainmneacha gníomhairí nach raibh curtha ar na léarscáileanna/líníochtaí, an pointe thuaidh gan a bheith léirithe ar léarscáileanna ná faid nach raibh léirithe ar leaganacha amach na láithreacha.

Méadaíodh neamhbhailí comhad pleanála mar thoradh ar thabhairt isteach an tionscadail ePleanála sa bhliain 2022

**Feidhmíocht 2022**

Chuaigh ePleanáil beo ar an 11<sup>ú</sup> Samhain 2022. I measc na 144 iarratas a fuarthas ón dáta seo go dtí deireadh na bliana, bhí 65 díobh ar an gcóras ePleanáil nua. Is córas ar líne é an Tionscal ePleanáil trínár féidir iarratais pleanála a dhéanamh agus trínár féidir le hiarratasóirí a uasdátú ar dhul chun cinn a n-iarratais. Tá sé mar chuspóir an tionscadail seo éifeachtúlacht a fheabhsú, féidearthacht d’iarratais neamhbhailithe a laghdú, agus straitéis an rialtais a sholáthar agus níos mó seirbhísí poiblí a chur ar líne.

Tugann an tábla seo a leanas briseadh síos na n-iarratas pleanála a fuarthas agus na cinní a rinneadh le linn na bliana 2022:

Líon Iomlán na nIarratas Pleanála	840
Líon na n-iarratas Bailí a fuarthas	618
Iarratais neamhbhailí seolta ar ais go dtí an t-iarratasóir	225 (36%)
Líon na gcinntí a rinneadh	626
Líon na n-iarratas a ceadaíodh	582
<b>Líon na n-iarratas a diúltaíodh</b>	44
Atreoruithe go dtí Oifigí Áite (moilleanna oibre)	Curtha i gcartlann laistigh de 14 lá
<b>Líon na n-iarratas a ndearnadh achomharc orthu go dtí An Bord Pleanála sa bhliain 2022</b>	24

#### Forbairtí Móra Cónaithe (LRD)

Reáchtáladh comhairliúchán réamh-iarratais foirmeálta nó cruinniú LRD amháin le hiarratasóir féideartha d'fhorbairt 249 aonad cónaithe, naíolann agus 1200 méadar cearnach de spás urláir tráchtála ar láthair lárphointe i bPort Laoise.

#### Tionscnaíochtaí Seirbhíse Custaiméara

Leanadh ar aghaidh ag scanadh iarratas pleanála sa bhliain 2022 de réir mar a fuair an tÚdarás Pleanála iad. Le linn na bliana 2022, bhí rochtain ag an bpobal ar gach iarratas pleanála ar líne **laistigh de choicís**, mar sin féin, bhí sé seo indéanta den chuid is mó laistigh de 5 lá i ndiaidh go bhfuair an tÚdarás Pleanála iad.

Reáchtáladh 352 cruinniú réamh-phleanála sa bhliain 2022, ina raibh an deis ag an bpobal ceisteanna pleanála a phlé le pleanálaí sula gcuireann siad iarratas pleanála isteach. Thug na Pleanálaithe cabhair don phobal trí roinnt chruinnithe réamh-phleanála a reáchtáil ar an láthair.

Phríosáil Comhairle Contae Laoise 44 iarratas Alt 5 sa bhliain 2022.

Is uirlis rannpháirtíochta an-choitianta é suíomh gréasáin na Pleanála fós agus fuarthas 137,503 amharc leathanaigh anuraidh.

#### Ócáidí faoin Aer a Cheadúnú

Is éard is ócáid faoin aer ná léiriú poiblí a tharlaíonn faoin aer go hiomlán nó den chuid is mó nó i struchtúr gan díon nó díon páirteach, sealadach nó in-aistarraingthe, puball nó struchtúr sealadach cosúil leis ina bhfuil ceol, damhsa, léirithe siamsaíochta poiblí ann nó aon ghníomhaíocht cosúil leo. Tá sé de dhíth ar na heagraithe ceadúnas a fháil ón Údarás Pleanála má tá 5,000 nó níos mó mar chuid den lucht féachana.

Sa bhliain 2022, mheall ócáid faoin aer amháin i gContae Laoise - an fhéile cheoil bhliantúil "Electric Picnic" 70,000 duine i mí Mheán Fómhair 2022.

Reáchtáladh comhairliúchán réamh-phleanála le haghaidh na dara féile faoin aer in loma i mí Iúil 2023.

#### (ii) Pleanáil Chun Cinn

Tá ról ríthábhachtach ag Pleanáil Chun Cinn i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíoch agus shóisialta Chontae Laoise. Soláthraíonn Plean Forbartha Chontae Laoise 2021-2027 creat straitéiseach agus comhthéacs polasaithe laistigh den Údarás Áitiúil agus déanann sé cinntí pleanála.


#### Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027

Ghlac an Chomhairle le Plean Forbartha Chontae Laoise 2021-2027 ar an 25<sup>ú</sup> Eanáir 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 8<sup>ú</sup> Márta 2022. Is cáipéis reachtaíochta é Plean Forbartha Chontae Laoise a d'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála i gcomhréir le riachtanais an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú). Cuirfidh Mapaí Zónála i gCnuasach 2 den Phlean na LAPS ar an eolas do Phort Laoise agus Móinteach Mílic.

D'éisigh an tAire dréacht-Treoir Alt 31 do Chomhairle Contae Laoise ar an 7ú Márta 2022 maidir le roinnt gnéithe den Phlean a bhí bainteach le spriocanna fuinnimh, polasaithe bainteach le hairdí agus zónálacha a thógáil. Chuir an tAire clabhsúr ar an bpróiseas agus thug sé an Treoraíocht le mionleasuithe uirthi ar an 28<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2022.

#### Pleanáil an Cheantair Áitiúil

##### **Comhphlean Ceantair Uirbigh Ceatharlach 2023-2029**



I gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Cheatharlach, thosaigh Comhairle Contae Laoise ar phróiseas athbhreithnithe ar an gComhphlean Ceantair Áitiúil do Cheatharlach/An Ghráig. Cuireadh páipéar saincheisteanna ar Fáil go Poiblí idir Meán Fómhair — Deireadh Fómhair 2022, trínar cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ón bpobal. Reáchtáladh lá Comhairliúcháin in Óstán Talbot, An Ghráig ar an 6<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2022. Táthar ag ceapadh go mbeidh Dréachtphlean ar fáil go poiblí Aibreán — Bealtaine 2023.

##### **LAP Port Laoise**



Thosaigh Comhairle Contae Laoise próiseas athbhreithnithe ar Phlean Ceantair Áitiúil Phort Laoise i mí na Samhna 2022. Cuireadh páipéar saincheisteanna ar Fáil go Poiblí idir Samhain — Nollaig 2022, trínar cuireadh fáilte roimh aighneachtaí ón bpobal. Reáchtáladh lá eolais phoiblí ar an 1<sup>ú</sup> Nollaig 2022. Táthar ag ceapadh go mbeidh Dréachtphlean ar fáil go poiblí Aibreán — Bealtaine 2023.

#### Máistirphlean Talamh ag Bóthar an tSráidbhaile 2022

Bhí comhairleoirí gníomhach ag ullmhú máistirphlean do bhanc talún Tyrrell ag Bóthar Stradbally, Port Laoise chun dul i ngleic le tithíocht, fóillíochtaí agus taitneamhachtaí agus nascacht le húsáid na talún máguaird. Luadh an Máistirphlean ag Cruinniú Cheantar Bardasach an Mhárta do Cheantar Phort Laoise. Is í an chéad chéim eile ná foirne Dearaidh a chruthú d'éilimintí tithíochta an mháistirphlean sa bhliain 2023 agus an scéim a bhreith go dtí Páirt VIII.

#### Plean Lár Bailte ar dTús Ráth Domhnaigh

Fuair Comhairle Contae Laoise maoiniú sa bhliain 2022 chun Plean Lár Bailte ar dTús a dhéanamh. Tá sé mar chuspóir tionscnaíochtaí Lár Bailte ar dTús láir bhailte inmhartana, bríomhara agus tarraingteacha a chruthú do dhaoine le cónaí agus oibriú iontu agus le dul ar cuairt chucu, agus feidhmiú mar mhol fóillíochta seirbhíse, sóisialta agus cultúrtha don phobal áitiúil.

Roghnaíodh Ráth Domhnaigh mar an mbaile don tionscadal seo. Tá dúshlán shuntasacha agus deiseanna a bhfuil freagairt chomhordaithe agus chuimsitheach ag teastáil uathu ag bailte cosúil le Ráth Domhnaigh. Beidh diagnóis shoiléir de láidreachtaí agus dúshlán áitiúla faoin bplean seo.

Bhí Comhairleoirí KPMG in úsáid ag an gComhairle chun an plean a ullmhú agus reáchtáil siad comhairliúcháin sa bhaile ar an 23<sup>ú</sup> agus 26<sup>ú</sup> Samhain 2022. Tá sé molta **Foireann Bhaile** a bhunú agus beidh sí tacaithe ag an údarás áitiúil chun gníomhartha an Phlean Lár Bailte ar dTús a sholáthar. Tá sé i gceist go gcríochnófar an plean faoi mhí Aibreáin 2023.

#### Cáin Talún Críosaithe Cónaithe

Mhol Plean Tithíochta Nua an Rialtais - Tithíocht Do Chách cáin nua chun talamh folamh a chur in úsáid le haghaidh feidhmeanna cónaithe mar chuid den Chonair chun Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú. Tugadh an Cháin Talún Críosaithe Cónaithe isteach leis an Acht Airgeadais 2021. Thosaigh an próiseas chun talamh a thiteann faoin gcáin seo a aithint sa bhliain 2022 agus beidh an cháin iníoctha ón mbliain 2024 ar aghaidh.

D'ullmhaigh Comhairle Contae Laoise dréachmhapa den talamh a bhí ceaptha le bheith sa scóip don RZLT ar an 1 Deireadh Fómhair 2022. Cuireadh fáilte roimh aon duine nó páirtí a bhí spéis acu aighneachtaí a chur isteach maidir le talamh a bhí ar an dréachtmhapa go dtí an 1<sup>ú</sup> Eanáir 2023. Fuair Comhairle Contae Laoise 20 aighneacht le linn na tréimhse comhairliúcháin seo,

Foilseofar mapa breise ar an 1 Bealtaine 2023, agus aithneoidh sé aon talamh breise atá ceaptha le bheith sa scóip mar thoradh ar athrú críosaithe, seirbhíse nó nuair a thugann an t-údarás áitiúil faoi deara nuair a chuirtear isteach na haighneachtaí, nach raibh talamh, a d'fhéadfadh critéir na scóipe a shásamh, curtha ar an dréacht-mhapa.

#### Forbairt Údaráis Áitiúil (Tionscadail cuid 8)

Ullmhaíodh tuarascálacha pleanála le haghaidh na dtionscadal seo a leanas de chuid an údaráis áitiúil Cuid 8 agus d'fhaomh an Chomhairle leo gacaitheamh 2022.

1. Stáisiún Dóiteáin an tSráidbhaile (Eanáir 2022)
2. Spás Léirithe agus Ócáide Faoin Aer Fort Protector (Bealtaine 2022)
3. Forbairt Tithíochta "Radharc Darach" ag Cúirt Hepburn (Meitheamh 2022)
4. Forbairt Tithíochta ag Clonrooske View (Meán Fómhair 2022)
5. Oibreacha Uasdátuithe Infreastruchtúr Rothaíochta Ascaill an Athair de Brún (Nollaig 2022)

#### (iii) Forfheidhmiú Pleanála

Tá an tÚdarás Pleanála, i gcomhréir leis na riachtanais reachtúla faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, ag iarraidh a chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála agus go seachnaítear forbairt neamhúdraithe freisin.

Lean an fhoireann fhorfheidhmithe ar aghaidh le hoibreacha sa bhliain 2022 lena chinntiú go ndéantar iniúchadh agus fiosrú ar aon chliseadh dlíthe pleanála.

D'fhreastail foireann na Comhairle ar na Cúirteanna 61 uair sa bhliain 2022 maidir le hionchúisimh fhorfheidhmithe agus bíodh is go bhfuil roinnt cásanna fós ar siúl, réitíodh 11 chás go rathúil i rith na bliana 2022. Chuir an tÚdarás Áitiúil 83 fógra fhorfheidhmithe, 435 litir rabhaidh ar fáil agus rinne siad iniúchadh ar 122 gearán nua, ina n-aibhsíonn siad ar fad tóraíocht ghníomhach ár Rannóige Forfheidhmithe ar phleanáil neamh-chomhlíonach agus forbairt neamhúdarhaithe.

#### (iv) Láithreáin Thréigthe

Tá an Chomhairle i mbun a cuid cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 a chur i ngníomh agus í ag díriú ar ionaid réadmhaoine atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Agus ag obair i gcomhar le húinéirí na n-ionad réadmhaoine sin, tá na saincheisteanna idir chamáin á réiteach agus baintear na hionaid réadmhaoine sin nach meastar iad a bheith 'tréigthe' a thuilleadh ó Chlár na Láithreán Tréigthe.

Líon lomlán na gComhad a osclaíodh sa bhliain 2022 43

Líon lomlán na gComhad a dúnadh i ndiaidh do dhul i ngleic leis an riocht thréigthe a bhí orthu sa bhliain 2022: 15

Líon lomlán na gComhad: 93

Líon lomlán na láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe: -13

Líon lomlán na gComhad: 65

#### (v) Láithreáin Fholmha

Cuireadh 10 láithreán ar chlár na Láithreán Folamh amháin an 1<sup>ú</sup> lá d'Eanáir 2022. Bhí na láithreáin seo suite laistigh de Phort Laoise, Cúil an tSúdaire, Móinteach Mílíc, agus An Ghráig. Fuarthas luachálacha i dtaca leis na láithreáin.

Íocadh tobhach €52,500 i leith láithreán amháin i bPort Laoise.

Bhí láithreán amháin sa Ghráig ina ábhar d'éisteacht bhinse luachála i mí Mheán Fómhair 2022.

Tugadh faoi deara go rabhthas tar éis tús a chur le tógáil ar 3 láithreán i rith na bliana 2022 agus bainfear iad de chlár dá réir.

Tháinig athrú úinéireachta ar 5 láithreán agus níorbh fhéidir aon tobhach a ghearradh ina leith sa bhliain 2022.

Suíomh na Láithreán	Líon na Láithreán ar Chlár Tobhaigh na Láithreán Folamh (TLF)
Port Laoise	6
Cúil an tSúdaire	3
An Ghráig	1
<b>Iomlán</b>	<b>10</b>

#### (vi) Rialú Tógála

Pléann an Rannóg Rialaithe Tógála leis na fógraí tosaithe go léir a fhaightear agus déanann sí iniúchtaí ar na foirgnimh lena chinntiú go gcloíonn siad leis na rialacháin Rialaithe Tógála éagsúla.

Sa bhliain 2022, seoladh 533 fógraí tosaithe faoi Fhoirgnimh Nua san iomlán chuig an Rannóg Rialaithe Tógála. Rinneadh iniúchadh ar 77 foirgneamh san iomlán (ag céimeanna éagsúla tógála) - líon arb ionann é agus ráta iniúchta de 14.4 %

**(vii) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe**

Tá Comhairle Contae Laoise freagrach as eastáit a ghlacadh faoina cúram. Glacadh 7 n-eastát faoina cúram sa bhliain 2022 agus liostaítear iad thíos. Is nós é le fada go dtarlaíonn sé seo nuair a fhaightear iarratas ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe san eastát.

Fós féin, aon uair ar theip ar fhorbróir le blianta beaga anuas eastát a chríochnú, ghlac Comhairle Contae Laois uirthi féin an t-eastát a chríochnú agus maoinítear an obair seo, nuair is féidir, as an mbanna. Leantar den bheartas seo an dlí a chur ar an bhforbróir agus ar an sealbhóir bannaí sa bhliain 2022.

Glacadh na heastáit seo a leanas faoi chúram sa bhliain 2022 -

- Páirc Thomáis Uí Mhurchú, an Ghráig
- Heathfields, Port Laoise
- Broomville, Port Laoise
- Clós Broomville, Port Laoise
- Broomville, Plásóga, Port Laoise
- Cúirt Fieldbrook, Port Laoise
- Heathfield, Port Laoise

Déanann an Rannóg Pleanála iarracht idirchaidreamh a dhéanamh le daoine ina gcónaí ar eastáit neamhchríochnaithe le hiad a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoi dhul chun cinn maidir lena n-eastáit.

**Ligean ar Cíos Gearrthéarmach**

I measc na mbeart chun dul i ngleic leis na brúnna ar an margadh cíosa tithíochta príobháidí, tháinig athchóirithe reachtacha pleanála nua chun an earnáil ligean ar cíos gearrthéarmach a rialáil - dá bhforáiltear dóibh san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019 agus Rialacháin fhorlíontacha arna ndéanamh ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dar teideal Rialacháin an Achta Pleanála agus Forbartha, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2) 2019 - i bhfeidhm an 1 Iúil 2019.

Bíonn feidhm aige seo i gcás ionaid réadmhaoine i gCriosanna Brú Cíosa. Baineann na huimhreacha seo a leanas leis na cinn a tuairiscíodh sa bhliain 2022 :-

<b>Foirm 15 (2020 ar aghaidh)</b>	Fógra Bliantúil. Ba cheart an fhoirm seo a chur ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine ó thús gach bliain i gcás úsáidí atá ann cheana nó 2 sheachtain roimh an gcéad chás den athrú úsáide atá beartaithe i gcás úsáidí nua
<b>Foirm 16</b>	Ní gá an fhoirm seo a chomhlánú ach amháin má bhaintear amach an uasteorainn 90 lá i gcaitheamh na bliana. Ba cheart é a chur ar ais tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an teagmhais.
<b>Foirm 17</b>	Fógra dheireadh na bliana. Ba cheart é a chur ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis deireadh gach bliana féilire.



Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021

Foirgnimh Nua a nDearnadh Iniúchadh Orthu

Foirgnimh Nua a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh fógra ina leith chuig an údarás áitiúil	Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc chun an Bhoird Pleanála agus ar chinn an Bord iad sa bhliain 2021	% de na cinntí a dhearbhaigh (le hathrú nó gan athrú) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil
12.84	3	66.67

Cásanna forfheidhmithe dúnta toisc gur réitíodh iad

Líon iomlán na gcásanna pleanála ar chuir an t-údarás áitiúil tús leo le linn na bliana 2021 agus a ndearnadh imscrúdú orthu	Líon na gcásanna faoi imscrúdú a dúnadh le linn na bliana 2021	% de chásanna dúnta a caitheadh amach iad nó faoi urchosc reachta nó ina bhforbairt dhíolmhaithe	% de chásanna dúnta ar réitíodh trí idirbheartaíocht iad chun sástacht an údaráis áitiúil	% de chásanna a dúnadh de bharr imeachtaí forghníomhaithe	Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi imscrúdú amhail 31/12/2021
143	137	61.31	0	38.69	179

Costas per Capita den tSeirbhís Pleanála

Costas in aghaidh an Duine
€26.60

Iarratais ar Dheimhnithe Um Shábháilteacht ó Dhóiteán

% d'iarratais ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas le linn na bliana 2021 ar tugadh cinneadh ina leith faoi cheann 2 mhí de iad a fháil	% d'iarratais ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain 2021 ar tugadh cinneadh ina leith laistigh de thréimhse ar cuireadh síneadh ama léi le comhaontú ón iarratasóir
20.97	54.84

## OIDHREACTH

### Gníomhartha Phlean Oidhreachta an Chontae

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Phlean Oidhreachta Laoise le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta i rith na bliana 2022.

### Imeachtaí chun Oidhrecht a Chur i mBéal an Phobail

Reáchtáladh Clár um Oidhrecht a Chur i mBéal an Phobail i gcomhair Seachtain na Bithéagsúlachta agus Seachtain na hOidhreachta. Ag Gradaim na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2022, roghnaíodh Teddy Fennelly, Cumann Oidhreachta Laoise mar Laoch Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta don bhliain 2022. Maidir leis an imeacht “Sciatháin Leathair agus Préacháin Dhubha ar Scáth a Chéile” a reáchtáladh i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann agus Grúpa Ialtóga Chill Dara atá lonnaithe i bPort Laoise, bhuaigh sé an Gradam Bithéagsúlachta Náisiúnta, agus bhuaigh Coiste na mBailte Slachtmhara Eiréil Gradam Sheachtain Oidhreachta Chontae Laoise as a dtionscadal chun 175 bliain ón nGorta Mór in Eiréil a chomórath tré leac chuimhneacháin agus suíochán aolchloiche a chur suas, gar don suíomh ar a raibh teach anraith tráth, agus é de chúram ar lucht an tí anraith sin daoine dearóile an bhaile a bheathú le linn an drochshaoil.

Thacaigh Oifigí Oidhreachta Laoise agus Comhairlí Contae Uíbh Fhailí le podchraoladh nua de chuid Chairde Éanlaith Éireann “Sa Dúchas Agat” faoi éin agus fiadhúlra eile, ar íoslódáladh breis agus 40,000 uair go dtí seo é. Rinneadh dhá ghearrscannán faoi stair Rás Gluaisteán Gordon Bennett i Laois sa bhliain 1903. Agus é déanta le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus ó Oifigí Oidhreachta Chomhairlí Contae Laoise, Cheatharlach agus Chill Dara, tugtar léargas sna scannáin ar conas a tháinig an rás ar an bhfód in Éirinn, agus cén fáth ar tharraing ócáid nár tharla ach uair amháin aird phobal rásaíochta an domhain ar Éirinn. É ina rás cinniúnach atá beagnach imithe as cuimhne na ndaoine anois agus a mheastar fós faoi gurbh é an t-imeacht spóirt amuigh faoin aer is mó riamh i stair na hÉireann. Foilsíodh na scannáin ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus tá siad fós le fáil ann.

### Pobail a Nascadh le Chéile

#### Eitleán Phort Laoise agus Comórath ar Choirnéal Fitzmaurice

Reáchtáladh Féile Eitilte Laoise i mí Aibreáin 2022 agus bhí slua maith i láthair ag gach ócáid. Fuarthas aiseolas dearfach i dtaobh na gceardlanna eitilte sna scoileanna agus bhí go leor cainte orthu sna meáin. Bhí páirt lárnach ag Eitleán Phort Laoise ag seoladh an imeacht Gordon Bennett le linn an deireadh seachtaine saoire bainc i mí an Mheithimh.



#### Timahoe

Is den ríthábhachtach é go leanfar leis na hiarrachtaí chun aird an phobail áitiúil a tharraingt ar an láithreán seo. Chuige sin, thacaigh an Chomhairle le ceardlanna seandálaíochta leanaí arna reáchtáil ag Tochailt sa Phortach agus a cuireadh ar siúl ag Féile Oidhreachta Thigh Mochua i rith an deireadh seachtaine saoire bainc sa bhliain 2022, a raibh freastal maith uirthi agus a raibh daoine an-sásta léi. Leanadh leis na hiarrachtaí chun an fásra a bhainistiú ag Tigh Mochua i gcaitheamh na bliana, chun an rochtain ar an láithreán agus an bhithéagsúlacht le fáil ann a fheabhsú.

#### Foilseacháin

Ar na foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana 2022, bhí:

#### ***Plean chun Dúnfort Cosanta a Chaomhnú***

Plean chun Dúnfort Cosanta a Chaomhnú - agus tacaíocht á fáil aici ón gComhairle Oidhreachta, is Comhpháirtíocht é an plean seo idir Cumann Oidhreachta Laoise agus Comhairle Contae Laoise a seoladh i bPort Laoise i mí an Mheithimh 2022. Beidh an Plean mar threoir chun an Dúnfort Cosanta ón 16ú haois i gceartlár Phort Laoise a chaomhnú agus cuma chaoi a choimeád air agus an obair seo faoi stiúir an Ailtire Caomhantais Richard McLoughlin in éineacht leis an seandálaí Eoin Sullivan agus an Staráí Diarmuid Wheeler.



#### ***AN DÚN ARD: Treoirleabhar faoi Dhún Másc***

Seoladh foilseachán faoi Dhún Másc “AN DÚN ARD: Seoladh Treoirleabhar faoi Dhún Másc” i mí na Samhna 2022 i bPort Laoise.

Agus é ina tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Laoise arna tacú ag an gComhairle Oidhreachta - ba é Wordwell Books a d’fhoilsigh é agus ba Peigín Doyle a rinne eagarthóireacht air. I measc na ndaoine a scríobh alt don fhoilseachán bhí na seandálaithe Brian Hodkinson agus an Dr Sharon Greene, an staraí ar thús ré na Meánaoise an Dr Matthew Stout agus an geolaí agus an t-éiceolaí an Dr John Feehan.

Rinneadh athchló ar Gharraíodóireacht Ar Mhaithe le Bithéagsúlacht agus ar leabhar dathúcháin agus tá siad á ndáileadh go fóill. Tá an-tóir orthu i measc scoileanna agus grúpaí ar fud na tíre.

**Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm go daingean agus a chur chun cinn maidir le bainistiú agus caomhnú oidhreachta.**

#### **Tionscadail Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht**

##### ***Suirbhé Áitiúil faoin gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Bhogaigh***

Tá Céim II de Shuirbhé faoi Bhogach Laoise tugtha chun críche agus tá tuarascálacha ar Chéim I (2021) agus ar Chéim II (2022) ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Laoise. Reáchtáladh imeacht poiblí ag Droim na Ceapaí Airde le linn Sheachtain na hOidhreachta.

##### ***Ciste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil\_Tigh Mochua***

Bronnadh maoiniú breise ar thionscadal chun bithéagsúlacht a fheabhsú ag Tigh Mochua i gcomhpháirtíocht le Brainse Laoise Uíbh Fhailí d’Ontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Cuireadh boscaí neadaireachta éan, boscaí fara ialtóg agus léirmhíniú ar fhiadhúlra isteach san áit.

Tionscadal de chuid Chiste um Aistriú Cóir

Leanadh leis an tionscadal CAC le linn na bliana 2022, tionscadal a fhéachann le cur ina luí ar dhaoine go bhfuil oidhreacht ó ré na Meánaoise agus bithéagsúlacht fite fuaite lena chéile. Is iad seo a leanas an 3 láthair reilige i gContae Laoise:-

Cill na mBanbhán (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Leanfar le saoirseacht cloiche a chaomhnú agus pailneoirí a bhainistiú le linn na bliana 2023
Díseart Gailine (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Tugadh caomhnú saoirseachta cloiche agus bainistiú pailneoirí chun críche le linn na bliana 2022
Cloch an Phúca (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Tugadh caomhnú saoirseachta cloiche agus bainistiú pailneoirí chun críche le linn na bliana 2022

Agus í faoi stiúir Ailtirí Hayes Cooney, tá an seandálaí Colm Flynn ar an bhFoireann Dearaidh agus an t-éiceolaí Fiona MacGowan, chomh maith leis an Speisialtóir Ialtóg Tina Aughney, agus Innealtóirí Struchtúracha de chuid CORA.

Dar le Crannóg Media, tá siad tar éis dul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal i gcás gach suímh, lena n-áirítear scannánú a dhéanamh ar mhuintir na háite ar féidir úsáid a bhaint as chun an tionscadal a chur os comhair an phobail.

Tionscadail Athnuachana

D'oibrigh an Oifig Oidhreachta i gcomhar le rannóga eile i gComhairle Contae Laois agus i measc an phobail, ar na tionscadail athnuachana seo a leanas sa bhliain 2022:

*Tigh Mochua (Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte)*

Bhí sé i gceist iar-Eaglais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú le linn na bliana 2022 agus tabharfar an obair seo chun críche sa bhliain 2023. Feabhsófar áiseanna ar an láthair do chuairteoirí agus do mhuintir na háite dá bharr.

*TVRS an tSráidbhaile*

Tugadh oibreacha caomhantais ar an droichead chun críche. Cuireadh boscaí neadaireachta do ghabhláin ghaoithe isteach agus tugadh plean curtha plandaí ar mhaithe le bithéagsúlacht chun críche, i gcomhar le Cumann Forbartha an tSráidbhaile.

Ciste Séadchomharthaí Pobail

Leanadh leis an obair a bhí ar siúl mar chuid den scéim náisiúnta seo a dhíríonn ar shéadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú sa bhliain 2022, agus críochnaíodh 5 tionscadal a fuair maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Struchtúr	Iarratasóir	Méid
Séipéal Dhíseart Aonghais	Rinneadh obair chaomhantais ar fhuinneoga agus ar áirse an tsaingil	€34,556
Séipéal Bhaile Uí Laigheanáin	Obair chaomhantais ar shaoirseacht cloiche bhallaí an tséipéil	€85,000
Caisleán Bhaile Adaim	Plean Caomhantais	€29,784
Caisleán Chluain Reithir	Plean Caomhantais	€29,108
Séipéal Bhábhún Eachra	Plean Caomhantais	€12,093
		€190,541

Aird a tharraingt ar oidhreacht Chontae Laoise agus daoine a spreagadh chun taitneamh a bhaint aisti

#### Bratach Choirnéal Fitzmaurice

Bratach Fitzmaurice - ar an 20<sup>ú</sup> lá de Lúnasa 2022, bhronn an tUasal Ross Mac Mahon ar Chomhairle Contae Laoise an bratach Mheiriceá a bronnadh ar Choirnéal James Fitzmaurice ar a shiúlta dó i Meiriceá tar éis dó an chéad eilt a dhéanamh ó Éirinn go Meiriceá. Cuireann sé seo leis an stór ríluachmhar de dhéantúsáin a bhaineann le stair na heitilte agus na taiscéalaíochta.



#### Tionscadail Éireann Ildánach

*Oiliúint maidir le hOidhreacht agus le Tírdhreach “Bíodh Eolas Agat ar do Cheantar Féin”*

Tugadh an dara cúrsa cumaisc ar líne maidir le taighde a dhéanamh ar d'oidhreacht áitiúil chun críche i mí an Mhárta 2022, agus cuireadh clabhsúr leis an gcúrsa le turas allamuigh chuig Dún Másc, turas a maoiníodh le tacaíocht ó Éire Ildánach Chontae Laoise.

#### Féile Eitilte Laoise

Cuireadh an chéad Fhéile Eitilte riamh ar siúl chun an oidhreacht shaibhir d'eitlíocht agus thaiscéalaíocht a bhaineann le Laois a cheiliúradh. Bhí an t-imeacht seo ar siúl ón 7<sup>ú</sup> go dtí an 10<sup>ú</sup> lá d'Aibreán agus i measc na rudaí a bhí ar siúl ann bhí ceardlanna eolaíochta agus ealaíne do scoileanna agus do theaghlaigh, imeacht ceoil agus filíochta, imeachtaí líonraithe do lucht teicniúla aerárthaí, turais, scannáin mar aon le searmanas comórtha a mheall cuairteoirí chuig an gcontae ó cheann ceann na tíre. Ba é Coiste Cuimhneacháin Choirnéal Fitzmaurice i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Laoise a reáchtáil an Fhéile Eitilte i gcomhpháirtíocht le Cumann Oidhreachta Laoise, Seinm Ceoil Laoise, Ionad Ealaíon Dhún Másc agus Eolaíocht Lár na Tíre, agus tacaíocht á fáil ón gComhairle Oidhreachta, Éire Ildánach mar chuid den Chlár Éire Ildánach 2017-2022, Clár Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliain de chuid na Roinne Turasoíreachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

#### Múrphictiúr Mhóinteach Mílic

Cuireadh saothar ealaíne poiblí isteach i Móinteach Mílic d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar an meas atá ag an mbaile ar an ngabhlán gaoithe, éan uirbeach atá faoi bhagairt, i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann. Chum an t-ealaíontóir James Kirwan múrphictiúr agus nochtadh é ar Oíche Chultúir.

#### Caomhantas

Agus maoiniú á fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta ina leith, reáchtáil Comhairle Contae Laoise dhá scéim um dheontais caomhantais oidhreachta ailtireachta ar leith (do Struchtúir atá faoi Chosaint) sa bhliain 2022.

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

### TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

#### Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha 2022

Baineann an Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha le tionscadail ar scála níos lú agus díríonn sí ar struchtúir atá faoi chosaint a bheadh go leor oibre i gceist chun iad a chaomhnú agus cothabháil a dhéanamh orthu. Bronnadh maoiniú ar 11 thionscadal san iomlán

Uimh. Thag. Thionscadail	Struchtúr	Deontas
BHIS/02	Teach Uí Chonaill, Cearnóg Uí Chonaill, Móinteach Mílic	€ 7,180.00
BHIS/03	Eaglais na hÉireann Lé, Coill an Aird, Cúil an tSúdaire	€15,000.00
BHIS/04	Teach Preston Boutique Ltd, An tSráid Mhór, Mainistir Laoise, Co Laoise	€10,060.00
BHIS/05	Teach Phort Reachrann, Bóthar an tSráidbhaile, Port Laoise	€11,296.00
BHIS/06	Séipéal Naomh Pól, "Teampall na bhFrancach", Sráid Theampall na bhFrancach, Cúil an tSúdaire	€10,500.00
BHIS/07	Teach Thigh na Coille, Tigh na Coille, An Ráithín, Port Laoise	€15,000.00
BHIS/09	Teach Cónaithe an Ghoirtín, Baile Cholla, Contae Laoise	€11,750.00
BHIS/10	Teach Ceann Tuí, Ráth Liag	€ 9,114.00
BHIS/11	Teach Ceann Tuí, An Sián Beag, Ros Fhionnghlaise, Contae Laoise	€ 5,650.00
BHIS/12	Teach Feirme Ceann Tuí, An Ráithín Liath, An Chúlchoill	€ 450.00

#### Ciste um Struchtúir Stairiúla 2022

Díróinn an Ciste um Struchtúir Stairiúla ar thionscadail ar scála níos mó agus ar fhoirgnimh a bhfuil tábhacht pobail ag baint leo. D'éirigh linn maoiniú a fháil do na tionscadail seo a leanas sa bhliain 2022

Uimh. Thag. Thionscadail	Ainm & Seoladh an Struchtúir	Deontas
1	An Sean Teampall i Mainistir Laoise	€50,000
2	Teach Lár Tíre, Port Laoise	€20,000
3	Teach Bhaile Uí Ghamhdáin Mór, Baile Cholla	€44,590
4	An Sean Cheárta, Baile Thaidhg Dhuibh	€10,000

### LEATHANBHANDA

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Straitéis Digiteach Laoise 2020-2024 le tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) Leanann an t-Oifigeach Leathanbhanda de leas a bhaint as tionscnaimh rialtais chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an chontae.



### Soláthar Céimneach de Leathanbhanda in Éirinn

Tá suirbhéireacht beagnach críochnaithe sa chontae agus soláthar céimneach de bhonneagar nua agus leathanbhanda snáthoptaice ar siúl anois. Tá breis agus 200 custaiméir nasctha leis an tseirbhís agus ba sa Mhóin Bhuí / Crochta Ard a nasc an chéad chustaiméir i mí an Mheithimh 2022. Is féidir gach uasdátú maidir le háitribh a fháil ach Éirchód a úsáid ar shuíomh gréasáin Leathanbhanda Náisiúnta Éireann.

Thaifead Vodafone fógra i gcomhar leis an Ailtire Dermot Bannon i nDomhnach Mór chun aird a tharraingt ar nascacht faoin tuath in Éirinn agus is féidir féachaint air ar a suíomh gréasáin.

### WiFi4EU

Is tionscadal é WiFi4EU a d'fhorbair an tAontas Eorpach agus é mar aidhm aige WiFi saor in aisce a thabhairt do phobail áitiúla. Aon bardas a chuir isteach air, fuair siad deontas chun moil wifi a chur isteach in áiteanna faoi dhíon agus amuigh faoin aer ina mbíonn tarraingt mhór orthu de ghnáth, amhail cearnóga poiblí, institiúidí cultúrtha, foirgnimh bardasacha, nó saoráidí sláinte. Is é an aidhm atá ag an tionscnamh WiFi4EU ná rochtain ar WiFi saor in aisce a chur ar fáil in áiteanna nach bhfuil teacht air go fóill ach go bhfónfadh a leithéid don phobal.



Tá WIFI poiblí saor in aisce curtha ar fáil ar bhonn céimneach i 10 mbaile i gContae Laoise i bhfoirm 46 pointe nasctha a chosain €115,000 san iomlán. Tá an tseirbhís á cur ar fáil do na ceantair bhardasacha seo a leanas i gContae Laoise:

<b>BAILE PHORT LAOISE</b>	An Cearnóg Uachtarach, An tSráid Mhór, Cearnóg Hynd, Cearnóg Mhic Mhuiris, Cearnóg Lyster agus Plás Chomhairle Contae Laoise.
<b>BUIRÍOS MÓR OSRAÍ / MÓINTEACH MÍLIC CEANTAR BARDASACH</b>	Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Camros agus Buiríos Mór Osraí.
<b>CEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE</b>	Mainistir Laoise, Baile na Coille agus Baile an Ruáin.
<b>CEANTAR BARDASACH CHÚIL AN tSÚDAIRE/ NA GRÁIGE</b>	Cúil an tSúdaire, An Sráidbhaile

#### Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna)

Mar chuid den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, tá Comhairle Contae Laoise fós i mbun soláthar céimneach a dhéanamh de **Phointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna)** i gceantair tuaithe i gContae Laoise agus leathanbhanda curtha ar fáil ag na háiteanna seo a leanas le déanaí: -

1. Ionad Pobail Sheangánach Mhór, Teach na Bearú
2. Ionad Pobail Bhaile an Ruáin

Is iad sin na hionaid phoiblí ar roghnaíodh iad chun nascacht ardluais a chur ar fáil iontu i rith na chéad bhliana den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus iad ar fáil chun obair nó staidéar a dhéanamh iontu. Tá siad mar chuid den tionscnamh um Pobail Nasctha.

#### Éirigh Nasctha.

Ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Laoise agus le pobail áitiúla, tá Cellnex tar éis bonneagar nua a chur isteach sa Bhaile Fionn, i mBaile an Chaisleáin agus i mBaile an Bhiocáire, agus athrú ó bhonn á dhéanamh ar an gcaoi seo acu ar na háiteanna is measa ó thaobh soláthair WIFI de go dtí seo, gan trácht ar chumarsáid shoghluaiste den chéad scoth a chur ar fáil sna sprioc-cheantair tuaithe. Tá Vodafone tar éis nascadh leis an mbonneagar agus táthar ag súil go nascfaidh 3 (soláthraí líonra) leis go luath.





### BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

#### CEANNASAÍ AIRGEADAIS:

Gerry Murphy

#### CUNTASÓIR BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS:

Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

Mótarcháin, Cuntas Iníochta, Bailiú Ioncaim (Rátaí, Táillí dóiteáin, Cíosanna, Iasachtaí, ranníocaíochtaí Forbartha), Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha, Iniúchadh Inmheánach, Buiséid Bhliantúla a Ullmhú, Ráitis Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais agus gach ábhar coimhdeach eile.

### Rátaí Tráchtála

Is ionann an Ráta Ginearálta Bliantúil ar Luacháil agus .2217 (buiséad 2023)

### Cuntais a Íoc go Pras

Cloíonn an Chomhairle le téarmaí an Achta um Íocaíochtaí Prasa arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála).

Líon iomlán na n-íocaíochtaí os cionn €250 a íocadh go déanach: nialas

### Scéim Um Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála 2022

Leagadh amach i gCiorclán Airgeadais 24/2021 arna dhátú an 14 Nollaig na treoirínthe don chéad ráithe de 2022 do chúrsaí gnó ar chuir srianta a bhain leis an bpaindéim Covid 19 isteach orthu. Cuireadh an tarscaoileadh ar cuireadh síneadh ama leis i bhfeidhm mar chreidmheas in ionad rátaí do ghnólachtaí incháilithe san earnáil fáilteachais don tréimhse 1 Eanáir 2022 go 31 Márta 2022. Chuir Comhairle Contae Laoise an tarscaoileadh i bhfeidhm ar 255 chuntas rátaí tráchtála agus luach €396,415 ag baint leis don 1 ráithe, 2022.

**Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021**

Achoimre 5 bliana ar iarmhéid an chuntas ioncaim

<b>2017</b>	<b>€-128,095.00</b>
<b>2018</b>	<b>€-68,333.00</b>
<b>2019</b>	<b>€5,009.00</b>
<b>2020</b>	<b>€70,614.00</b>
<b>2021</b>	<b>€145,274</b>

**Achoimre 5 bliana ar leibhéal bhailithe mar % de mhórfhoinsí ioncaim**

Figiúirí % ar leith i gcás (a) Rátaí, (b) Cíos & Blianachtaí agus © Iasachtaí Tithíochta, 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2020

	2017	2018	2019	2020	2021
Rátaí	75	76	80	71	85
Cíos & Blianachtaí	96	96	96	93	96
Iasachtaí Tithíochta	68	72	75	72	75

### MÓTARCHÁIN

Bailíonn an Chomhairle dleachtanna ceadúnais feithicle laistigh dá líomataíste feidhme thar ceann na Roinne Iompair, lena n-áirítear próiseáil tiontuíthe, ceadúnais leantóra, leabhair chlárúcháin & plátaí trádála. Pléann baill foirne freisin le saincheisteanna nach féidir iad a réiteach ar líne, is é sin, saincheisteanna a bhaineann le húnéireacht feithiclí, seilbh, scor de dhíolúintí, scaoileadh sonraí de réir an chreata reachtaíochta agus fiosruithe ad-hoc. Déanann an Rannóg seo Oifig an Airgid a bhainistiú freisin chun críche admhálacha a eisiúint i leith an airgid uile a fhaigheann an t-údarás áitiúil.

A oiread agus is féidir, spreagtar custaiméirí chun cáin a íoc ar líne más féidir in aon chor é ach tá a mhalaire de roghanna ar fáil freisin amhail seirbhís buail isteach idir 9.30 r.n. agus 1 i.n. Dé Luain - Dé hAoine, nó is féidir leas a bhaint as an tSeirbhís Poist nó an bosca caith isteach ag an bpríomhdheasc fáilte a úsáid. Is 22,497 líon iomlán na n-idirbheart a rinne an oifig seo le linn na bliana 2022.

### Ceadúnais Feithicle

Ba é €3,590,198 ioncam iomlán na hOifige Mótarchánach don bhliain 2022, méid arb ionann é agus méadú 37.6% ar an méid a bailíodh an bhliain roimhe. Bhíothas den tuairim go raibh cúpla cúinse taobh thiar den mhéadú: an tsraith eile slándála a thug institiúidí airgeadais isteach a d'fhág go raibh sé deacair ar roinnt daoine a gcuid gnó a dhéanamh ar líne más rud é nach raibh a gcuntas socruithe i gceart acu roimh ré. É sin agus is dócha go raibh fonn ar chustaiméirí a bheith amuigh i measc an phobail arís i ndiaidh dóibh a bheith sáinnithe sa bhaile le linn na paidéime.

Sonraí	2022	2021	2020	2019
Ioncam (€)	€3.5m	€2.6M	€3.4M	€5.8M
Líon na n-idirbheart	22.5K	16.2K	21.8K	39.5K

### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021

Táscaire (Dioscaí Mótarchánach bunaidh amháin)	Céatadán/Méid
% de na hidirbhearta Mótarchánach ar pléadh leo ag an gcuntar poiblí	12%
% de na hidirbhearta Mótarchánach ar pléadh leo tríd an bpost	9%
% de na hidirbhearta Mótarchánach ar pléadh leo ar líne	79%
Líon na n-uaireanta oscailte don phobal ar an meán in aghaidh na seachtaine	16 uair

Líon na n-iarratas ar cheadúnas feithicle /% na n-iarratas a tháinig sa phost san iomlán ar pléadh leo

A) ar an lá céanna	98.69%
B) Ar an 2ú nó an 3ú lá	1.01%
C) Ar an 4ú nó an 5ú lá	0.03%
D) Os cionn 5 lá	0.27%

### AN RANNÓG UM BAINISTIÚ MAOINE

Leanann an Rannóg um Bainistiú Maoine léi i gcónaí feidhm bhainistithe maoine na Comhairle a dhéanamh, Cuimsíonn sé seo comhordú a dhéanamh ar réadmhaoin a cheannach, a dhíol agus a léasú. Pléann an rannóg seo freisin le muirir a bhaint de phunanna réadmhaoine, teorainneacha a chearta, fiosruithe a bhaineann le Clárlann na Talún, fiosruithe ginearálta agus riaradh a dhéanamh ar aon rud a eascraíonn as na fiosruithe céanna. Úsáidtear an bogearra M.App Enterprise chun gach sócmhainn agus diúscairt a thaifeadh. Tá obair fós ar siúl chun Clár Bainistithe Maoine Sócmhainní a chur in oiriúint do Chlár Sócmhainní Seasta in Agresso MS7.

# Tuarascáil Bhliantúil 2022

## AIRGEADAS, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS TURASÓIREACTH

### Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022

Cuntas Ioncam	Ollchaitheachas 2022	Ioncam 2022	Glanchaitheachas 2022
Caiteachas in aghaidh na Rannóige	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	19,603,300	20,125,688	(622,305)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	28,864,413	22,745,881	6,180,877
Uisce & Séarachas	4,850,850	4,899,498	48,650
Dreasachtaí Forbartha & Rialuithe	10,614,337	6,823,457	3,562,518
Cosaint Timpeallachta	9,641,783	2,366,327	7,010,979
Áineas & Fóillíocht	6,006,050	1,273,495	4,374,292
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	972,950	424,914	490,344
Nithe Éagsúla	10,569,639	11,154,334	267,920
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>91,123,323</b>	<b>69,813,595</b>	
Glanhostas na gClár le maoiniú ó Rátaí agus ón gCiste Rialtais Áitiúil			21,309,727
Rátaí			14,103,225
Tobhach Pinsin			-
Ciste Rialtais Áitiúil—Deontas Ilchuspóireach			9,065,148
Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe			1,858,646
Aistrithe ó/(go) cúlchistí			(1,781,295)
Barrachas Foriomlán don bhliain			77,351
Cúlchiste Ginearálta@an 1 Eanáir 2022			145,274
Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2022			222,625
<b>Cuntas Caipitil</b>			
Iarmhéid amhail 01/01/2022			9,164,275
Deontais			40,018,659
Ioncam Eile			7,688,188
Aistriú ó/go hIoncam			1,136,145
Caiteachas			(49,356,735)
Iarmhéid amhail 31/12/2022			8,650,532

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

### AIRGEADAS, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS TURASÓIREACTH

#### COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA I LEITH FIONTRAÍOCHTA, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS CÚRSAÍ TURASÓIREACTHA

CEANNASAÍ AIRGEADAIS/STIÚRTHÓIR FORBARTHA GEILLEAGRAÍ

Gerry Murphy

CEANNASAÍ FIONTAIR ÁITIÚIL/ (Oifig Fiontair Áitiúil):

Evelyn Reddin

<u>Comhaltaí</u>	<u>Earnála</u>
<i>Cllr. Conor Bergin (Cathaoirleach)</i>	<i>Pat Hennessy (Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta)</i>
<i>Cllr. Aisling Moron</i>	<i>Pat Culleton (Forbairt/Tógáil)</i>
<i>Cllr. Seamus McDonald</i>	<i>Caroline Hoffman (Comhlachas Tráchtála Laoise)</i>
<i>Cllr. Aidan Mullins</i>	<i>P.J. Phelan (Deonach Pobail)</i>
	<i>Deirdre O'Connell Hopkins (Ceardchumann)</i>

Is lárionad teagmhála é Aonad Tacaíochta Gnó Comhairle Contae Laoise do ghnólachtaí atá i mbun gnó cheana féin agus gnólachtaí a bhfuil sé ar intinn ag daoine iad a chur ar bun. Is é an aidhm atá leis ná timpeallacht fhabhrach do ghnó a chothú i dtreo is go dtacaítear le fiontraíocht agus go gcuirtear Laois chun cinn go náisiúnta agus go domhanda mar áit atá tarraingteach do ghnólachtaí lonnú agus infheistiú a dhéanamh ann.

Ceann de na tosaíochtaí ba phráinní ag an Aonad sa bhliain 2022, ba ea tacú le gnólachtaí agus le fiontair agus iad ag treabhadh leo ag iarraidh dul in oiriúint do agus teacht chucu féin ó thimpeallacht gheilleagrach atá guagach, ó chur isteach ón mBreatimeacht, Covid 19 agus ó iarmhairtí na géarchéime san Úcráin atá ag titim amach go fóill.

Chun dul i ngleic leis na dúshlán seo, d'oibrigh an t-Aonad Tacaíochta Gnó i ndlúthchomhar leis an bpobal gnó, ag moladh dóibh leas a bhaint as tacaíochtaí ábhartha dá ngnólachtaí. Dearadh na tacaíochtaí le tacú le gnólachtaí bail sheasmhach a chur orthu féin agus dul in oiriúint do staid atá ag teacht chun cinn, mar ullmhú chun iad féin a chur ar ais ar a seanléim. Ba é an chloch ba mhó ar a phaidrín riamh agus choíche deimhin a dhéanamh de go raibh an bhail is fearr agus ab fhéidir ar ghnólachtaí Laoise i dtaca le dul i ngleic leis na dúshlán seo.

In ainneoin na ndúshlán seo, ba bhliain an-bhisiúil í 2022 don Aonad agus bhí an-tóir ar thacaíochtaí ó cheann ceann na bliana, i measc gnólachtaí fud fad na n-earnálacha. Is iad na dúshlán chéanna a bhí roimh a lán gnólachtaí, agus ba iad earcaíocht/coinneáil foirne agus an costas ard ar fhuinneamh na cinn is coitianta.

#### Scéimeanna Dreasachta Gnó

Bliain ghnóthach ab ea 2022 agus neart gnólachtaí ag cur isteach ar an Scéim Deontais um Aghaidh Siopa a Fheabhsú & an Scéim Deontais um Inrochtaineacht a Fheabhsú agus ar an Scéim Dreasachta Gnó. Chuir 17 gnólacht ó ar fud an chontae iarratas isteach ar an Scéim Deontais um Aghaidh Siopa a Fheabhsú, scéim a thugann deis do ghnólachtaí a n-aghaidh siopa a fheabhsú/a dheisiú. Is deis í do ghnólachtaí chomh maith na bealaí isteach dá siopaí a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine a bhfuil deacrachtaí luaineachta acu. Chuir 9 ngnólacht eile isteach ar an Scéim Dreasachta Gnó, scéim a thugann faoiseamh deontais ar rátaí tráchtála d'ionaid réadmhaoine fholmha incháilithe. Cuireadh an scéim dreasachta gnó chomh fada leis na bailte Baile Uí Laigheanáin agus Baile na Coille sa bhliain 2022.

### Scéimeanna um Aghaidh Siopa a Fheabhsú Phort Laoise & Chúil an tSúdaire

Níor tháinig aon laghdú ar an éileamh ar an scéim seo sa bhliain 2022 agus 19 iarratasóir i gCúil an tSúdaire ag cur isteach uirthi chomh maith le 21 i bPort Laoise. Tá an sráid-dreach sa dá bhaile feabhsaithe go mór de bharr na scéimeanna seo.



### Scéim Chun Sráid-dreacha Bailte agus Sráidbhailte a Fheabhsú 2021/2022

Dhírigh an Scéim seo ar thacú le hathchóiriú a dhéanamh agus feabhas a chur ar aghaidheanna siopa agus ar aghaidheanna tithe cónaithe laistigh de bhailte tuaithe / láir sráidbhailte.

Sa bhliain 2022, bronnadh deontais €116,400 san iomlán ar ghnólachtaí agus ar thithe cónaithe sna bailte Baile na Coille, Baile Uí Laigheanáin, Maighean Rátha, Móinteach Mílíc agus Ráth Domhnaigh. Leithdháil an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe €100,000 eile ar Mhainistir Laoise sa bhliain 2022 agus beidh an ATG ag dul i dteagmháil le ghnólachtaí agus le húnéirí réadmhaoine maidir leis an scéim seo sa bhliain 2023.

### Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

#### Ráth Domhnaigh

Bronnadh deontas €79,303 san iomlán ar Mhol Branda Lárnach Ráth Domhnaigh chun oibreanna athchóirithe a dhéanamh ar an ionad siopadóireachta seo atá folamh le tamall anuas. Is éard a bhí sna hoibreanna ná oifigí a thógáil mar aon le seomra cruinnithe, seomra teiripe agus spás inmheánach a dhéanamh le gur féidir margadh faoi dhion a chur ar siúl ann. A bhfuil leis an úsáid nua atá á baint as an aonad seo a bhí folamh le tamall anuas agus an spás mór inmheánach atá ar fáil ann, is áis luachmhar anois é do ghnólachtaí i Ráth Domhnaigh agus sa cheantar máguaird.

#### Cill Uisean

Sa bhliain 2022, bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail deontas de €500,000 ar **Ghrúpa Pobail Chill Uisean** faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun síneadh a chur leis an ionad pobail i gCill Uisean. Is éard a bheidh sa síneadh ná mol digiteach a fhreastalóidh ar suas le 20 duine, mar aon le spás do ghníomhaíochtaí pobail. Beidh saoráidí páirceála carr nua ag an ionad freisin. Oibreoidh an tAonad Tacáíochta Gnó i ndlúthchomhar le Grúpa Pobal Chill Uisean sa bhliain 2023 chun dlús a chur leis an tionscadal seo.



### Scéim Dreasachta um Ionaid Réadmhaoine Tráchtála Fholmha

Is scéim thrialach í an Scéim Dreasachta um Ionaid Réadmhaoine Tráchtála Fholmha ar seoladh i bPort Laoise í i gcomhar le Comhaontas Chomhlachas Laoise agus an Oifig Fiontair Áitiúil, Laois i mí an Mhárta 2022. Tá sé mar aidhm ag an scéim folús agus tréigean a laghdú i lár an bhaile trí phacáiste dreasachtaí a thairiscint do ghnólachtaí chun foirgneamh folamh atá folamh le 6 mhí anuas nó níos mó a fháil ar cíós/ar léas. Táthar tar éis 54 foirgneamh folamh a shainaitheint i lár bhaile Port Laoise. Tá spéis mhór á léiriú sa scéim agus osclaíodh siopa ar an tSráid Mhór go díreach de bharr na scéime. Táthar ag súil go leathnófar an scéim go dtí bailte eile sa Chontae sa bhliain 2023.



### Blas Laoise

Fuair an ATG maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara le haghaidh tionscadail chun obair le Blas Laoise sa bhliain 2022. Comhchistithe ag Comhairle Contae Laoise, bhí na nithe seo a leanas mar chuid den tionscadal seo:

- Athsheoladh na Scéime Bunaitíochta
- Uasdátú a dhéanamh ar [Eolaire Tháirgeoirí](#) Bhia agus Deochanna Bhlas Laoise
- Tacú le Blas Laoise ag roinnt imeachtaí a bhí go mór i mbéal an phobail
- Suíomh gréasáin nua a sheoladh do Bhlas Laoise - [www.laoistaste.ie](http://www.laoistaste.ie)

Bhí an-rath ar an tionscadal, rud is léir ón gcaoi inar chuir sé Blas Laoise go mór i mbéal an phobail agus ón gcaoi ar tharraing sé aird níos mó ar bhia Laoise go háitiúil agus ar fud na tíre. Chabhraigh sé seo go mór chun Laois a fhorbairt ina ceann scríbe bia agus deochanna, ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil ar an gcaoi seo agus ag cruthú post go háitiúil.





### Foireann Bhaile Phort Laoise

Lean an ATG lena obair i gcomhar le Foireann Bhaile Phort Laoise agus le morpháirtithe leasmhara eile chun tacú le gnólachtaí Laoise agus iad a chur chun cinn sa bhliain 2022. D'oibrigh fochoistí éagsúla den Fhoireann Baile go dian dícheallach ar thionscadail éagsúla- tionscnamh bus rothaíochta, tionscadail Choiste na mBailte Slachtmhara agus comharthaíocht is soilse nua tarraingteacha - gach ceann de na forbairtí seo dírithe ar Phort Laoise a chur chun cinn mar áit iontach le bheith i do chónaí, ag obair nó i mbun gnó ann. Ar na príomhthionscadail a raibh lámh ag an ATG ann bhí Féile na Nollag Phort Laoise, féile inar cuireadh scoth na soilse Nollag suas ar fud an bhaile, ina raibh margadh Nollag ar siúl agus eispéireas Nollag do theaghlaigh in Amharclann Dhún Masc. Gach ceann de na tionscnaimh seo dírithe ar chuirteoirí a mhealladh chuig an mbaile ag druidim leis agus i rith na Nollag.

### Páirc Fiontraíochta Náisiúnta J17

Leanadh le leathnú na Páirce Fiontraíochta Náisiúnta J17 i bPort Laoise sa bhliain 2022 nuair a díoladh láithreáin do dhá ghnólacht nua agus iad ag cur le líon na n-oibreoirí atá lonnaithe sa pháirc mhór fiontraíochta cheana féin agus í suite giota beag ón M7.

Tugadh faoi oibreacha sa bhliain 2022 chun feabhas a chur ar chuma na Páirce Fiontraíochta Náisiúnta agus chun gnéithe geata a chur ar na bealaí isteach chomh maith le tírdhreachú a dhéanamh ar fud na páirce. Is mór an chreidiúint don Chontae í an Pháirc Fiontraíochta Náisiúnta J17 agus roinnt fostóirí mór le rá tar éis a fhógairt le blianta beaga anuas go bhfuil rudaí beartaithe acu sa Pháirc Fiontraíochta, lena n-áirítear Glanbia, Greenfield Global, Kirby Group Engineering agus Soláthairtí de Cruach Atreisithe Lár Tíre.

### Tacaíochtaí Airgeadais

I rith na bliana, chuir an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) cúnamh deontais ar fáil do ghnólachtaí incháilithe i Laois chun íoc as costais a bhaineann le gnólacht nuathionscanta, pleananna um ghnó a leathnú a chur le chéile, agus dul isteach i margaid nua agus tuilleadh post a chruthú.

Faomhadh €319,515 de chúnamh deontais le bronnadh ar 14 ghnólacht i Laois sa bhliain 2022 agus an fhéidearthacht ann chun 51 post lánaimseartha eile a chruthú as seo. Faomhadh 7 ndeontas TAME (Easpórtála) chomh maith ar fiú €14,054 iad chun turas easpórtála cliant a fhorbairt.

### Oiliúint

Tá réimse leathan de chlár oiliúna idirghníomhacha ar líne fós á tairiscint ag OFÁ chun tacú le gnólachtaí. Reáchtáladh 85 cúrsa oiliúna ar ar fhreastail 979 rannpháirtí fad is a ghlac 135 gnólacht nuathionscanta ionchasacha páirt i gCúrsa Cuir Tús le Do Ghnó Féin.

### Meantóireacht

Reáchtáladh **260** seisiún meantóireachta idir meantóirí a bhfuil a lán taithí acu agus cliantchuideachtaí. Is réimsí ar leith amhail airgeadas, na meáin shóisialta srl, a bhí faoi chaibidil acu.

### Dearbháin chun Trádáil a Dhéanamh ar Líne

Agus iad ann chun cuidiú le gnólachtaí beaga dul i mbun trádáil ar líne, cuirtear oiliúint agus comhairle ar fáil do ghnólachtaí mar chuid den Scéim um Dearbháin chun Trádáil a Dhéanamh ar Líne, mar aon le cuidiú airgeadais suas le €2,500. Faomhadh **34** dearbhán chun trádáil a dhéanamh ar líne ar fiú €71,870 iad.

### Micreamhaoiniúchán Éireann

Cuireann Micreamhaoiniúchán Éireann iasachtaí beaga ar fáil trí bhíthin Chiste Iasachtaí do Mhiceaghnóthais de chuid an Rialtais d'fhonn teacht i gcabhair ar ghnólachtaí nuathionscanta is seanbhunaithe agus iad sa tóir ar an airgeadas atá de dhíth ar a gcuid gnólachtaí. Sa bhliain 2022, chuidigh OFÁ Laoise le **10** gcuideachta iasachtaí a fháil tríd an gciste MMÉ agus shocraigh siad meantóireacht leantach nuair is gá.

### Éirí Tíosach Más Miceaghnóthas Thú

Ghlac 8 gcuideachta páirt sa chlár Éirí Tíosach Más Miceaghnóthas Thú. Dearadh Éirí Tíosach Más Miceaghnóthas Thú le cliaint a spreagadh prionsabail gnó an tís a ghlacadh chucu féin ina gcuid eagraíochtaí ar mhaithe le héirí níos iomaíche. Tá an clár dírithe ar úinéirí/bainisteoirí, ar fud na n-earnálacha éagsúla le go bhfaighidís buneolas ar choincheapa an tís chomh maith le tuiscint phraiticiúil a fháil ar cad is tíos ann trí thasc gearr, dírithe ionchuideachta a dhéanamh fad is atá saineolas agus treoir á bhfáil acu ó shainchomhairleoirí.

### Éirí Éiceabhách Más Miceaghnóthas Thú

Ghlac 31 cuideachta páirt sa chlár Éirí Éiceabhách Más Miceaghnóthas Thú. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo cabhrú le gnólachtaí a lorg carbóin a laghdú, costais a bhrú síos agus próifíl chomhshaoil an ghnólachta sa mhargadh a fheabhsú. Déanann an Clár Éirí Éiceabhách Más Miceaghnóthas Thú pacáiste sainchomhairleoireachta dhá lá a thairiscint agus é á chur i láthair ag saineolaí neamhspleách ón tionscal a leagfaidh amach plean sainoiriúnaithe do na gnólachtaí a ghlacfaidh páirt ann. Ghlac na Moil Chomhoibrithe i Laois páirt sa chlár chomh maith.



### Clár um Thús Digiteach

Dearadh an clár seo le cabhair a thabhairt do chliaint OFÁ in earnáil na miceaghnóthas plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i dtreo uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh ar fud an ghnólachta. Ghlac 2 ghnólacht i Laois páirt sa chlár thrialach go dtí seo agus leanfaidh an OFÁ LEO den chlár seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach sa bhliain 2023.

### Clár Forbartha Bainistíochta Láir Tíre

Is é an Clár Forbartha Bainistíochta Láir Tíre an tairiscint is cuimsithí dár chuir an Oifig Fiontair Áitiúil ar fáil do ghnólachtaí beaga go dtí seo. Is é is cuspóir leis an gclár ná cur ar chumas cuideachtaí bail sheasmhach a chur orthu féin, a bheith réidh chun fáis agus chun a mbuntáiste iomaíoch a fheabhsú tuilleadh. Tá an clár seo dírithe ar úinéirí agus bainisteoirí seanchleachta atá i mbun pleanáil a dhéanamh don chéad chéim eile ina dtimthriall gnó. Dírionn sé ar ghnólachtaí atá i mbun gnó le 3 bliana ar a laghad i dtreo is go mbeidh an-mhianach sna rannpháirtithe agus go mbeidh a gcuid riachtanas gnó ar aon dul lena chéile. Chríochnaigh **10** ghnólacht an clár seo sa bhliain 2022.

### Clár um Do Ghnólacht a Mhéadú

Ghlac 11 ghnólacht i Laois páirt sa chlár sé seachtaine seo.

### Comharghnó Moil Laoise

Lean OFÁ d’obair le moil chomhoibrithe d’fhonn comhar nua a fhorbairt. D’óstálar roinnt clár oiliúna sna moil d’fhonn aird an phobail a tharraingt ar na saoráidí agus le go mbeadh tarraingt níos mó orthu.

### Clár Cnuasaigh Innealtóireachta “Engenuity” Láir Tíre

Is tionscnamh comhoibríoch é seo atá ag dul ar aghaidh go fóill agus é faoi scáth OFÁ Láir na Tíre chun caighdeán innealtóireachta a fhorbairt agus chun foghlaim comhroinnte agus comhoibriú a spreagadh i measc gnólachtaí atá ag gabháil don innealtóireacht i Láir na Tíre. Tá 9 mball foirne i gcuideachtaí i Laois mar chuid den líonra seo anois a dhíríonn ar réitigh a thabhairt do ghnólachtaí innealtóireachta i Láir na Tíre ar na dúshlán roimh an earnáil trí leas a bhaint as piarfoghlaim agus as na tacaíochtaí ón Rialtas atá ann cheana.

Cuid dár sainchúram sa bhliain 2022 ná cultúr fiontraíochta a chur chun cinn i gContae Laoise. Mar chuid den tsraith comh-ordaithe seo de chlár agus d’imeachtaí fiontraíochta faoi scáth an OFÁ a chuir fiontraíocht chun cinn fud fad gach earnáil, bhí:

### Seachtain Fiontraíochta Áitiúla

Eagraíodh i dteannta a chéile breis agus 300 imeacht fiontraíochta fud fad Líonra OFÁ agus go háitiúil i gCo. Laoise chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain Fiontraíochta Áitiúla 2022. Tharraing an tionscnamh seo aird an phobail ar an réimse iomlán de thacaíochtaí atá á dtairiscint ag OFÁ Laoise do ghnólachtaí beaga, agus thug sé deiseanna líonraithe agus oiliúna do níos mó ná 100 cuideachta i gContae Laoise.



### Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta

Bhuaigh an chuideachta Laoise, Saludem Insights Limited, ‘Gradam Réigiúnach an Lár-Oirthir’ ag an 23<sup>ú</sup> Gradam Náisiúnta Fiontraíochta a réachtáladh ag Teach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. Agus é ag fáil tacaíochta ón OFÁ, is cuideachta sláinte gheilleagrach agus rochtain ar an margadh é Saludem Insights, a thacaíonn leis an earnáil chúraim sláinte trí mion-anailís, léirmhíniú a dhéanamh agus sonraí cliniciúla agus sláinte geilleagraí a chur in iúl.



### Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan 2022

Reáchtáil OFÁ Laoise, i gcomhpháirtíocht le hOifigí Fiontair Áitiúil Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan 2022 ar an Déardaoin, an 13<sup>ú</sup> lá de mhí Dheireadh Fómhair i dTeach Cois Locha na nGlasán i gContae na hIarmhí. Déanann an t-imeacht seo mná san fhiontraíocht ón gceithre chontae seo a cheiliúradh agus tacú leo agus cuirtear ar siúl gach bliain é. Ba í Suzanne Jackson (atá ina blagálaí a bhfuil duaiseanna buaite aici agus ar tionchaire a d'iompaigh ina bean ghnó í) an príomhchainteoir ag an imeacht.

### Clár Fiontraíochta Mac Léinn 2022

Tacaíonn OFÁ Laois le fiontraíocht a fhorbairt i meánscoileanna ar fud Contae Laoise trí Chlár Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn. Ghlac os cionn 300 dalta meánscoile arb as 7 scoil i Laois iad páirt sa chlár 2021/2022 agus é mar aidhm aige daltaí a spreagadh chun taighde a dhéanamh faoi ghnólacht a bhunú, é a bhunú agus é a reáchtáil le cabhair ó chomhordaitheoir fiontraíochta daltaí. Agus tacaíocht á fáil acu ó OFÁ Laoise, bhí beirt dhalta ó Choláiste Phort Laoise i measc na mbuaiteoirí ag Féile Náisiúnta 2022. Bhí bua glan ag Oisín Grundy sa 'Comórtas Físeáin um Smaointe Cruthaitheacha Gnó' ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus bhronn an Tánaiste Leo Varadkar a ghradam air ag an Helix. Tháinig Mosa Hafeez sa 2<sup>ú</sup> háit ag an Leibhéal Idirmheánach sa 'Comórtas i dtaobh M'Aistear Fiontraíochta'.




### Cuairt ón Aire

Thug an tAire Damien English cuairt ar fhiontair i gContae Laoise i mí na Bealtaine 2022. Bhuail sé le príomhpháirtithe leasmhara i Halla an Chontae agus thug sé cuairt ansin ar Ionad Fiontraíochta Phort Laoise, áit ar bhuail sé leis an gCliaintchuideacht de chuid an OFÁ TSI Flowmeters Ltd. Thug sé cuairt freisin ar tháirgeoirí bia Chontae Laoise ag Cuideachta Grúdaireachta Bhaile Mhic Giolla Chaomhán sa tSráidbhaile.



**Comharghnó Moil Laoise**

D'oibrigh an t-Aonad Tacaíochta Gnó i gcomhar le Comharghnó Moil Laoise sa bhliain 2022 chun na deasca sealaióchta, na spásanna oifige agus na háiseanna oiliúna atá ar fáil sna 7 mol cianoibre suite ar fud an Chontae a chur i mbéal an phobail. Fuair Comhairle Contae Laois €50,000 de mhaoiniú faoin scéim athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun tuilleadh fógraíochta a dhéanamh i dtaobh úsáid na mol seo i measc cianoibrithe agus beidh an ATG ag obair ar an tionscadal seo sa bhliain 2023.



**Imeachtaí Ceiliúrtha na Nollag**

Agus maoiniú á fháil acu ó Chomhpháirtíocht Laoise agus Comhairle Contae Laoise, reáchtáil Croílár Phort Laoise Féile na Nollag chun daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar an mbaile aimsir na Nollag agus tacú le gnólachtaí áitiúla ar an gcaoi sin. Is éard a bhí san fhéile ná imeacht Nollag “Acadamh Náisiúnta na Lucharachán” in Ionad Ealaíon Dhún Masc mar aon le deireadh seachtaine mhargadh na Nollag agus soilse agus maisiúcháin Nollag níos fearr a chur suas ar fud an bhaile.

**Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2021**

Líon na bpost a cruthaíodh le cuidiú OFÁ i rith na tréimhse 01/01/2021 go 31/12/2021 in aghaidh gach 100,000 duine den daonra	Líon na n-iarratas ar dhearbháin chun trádáil a dhéanamh ar líbe ar fhaomh an OFÁ iad sa bhliain 2021 in aghaidh gach 100,000 duine den daonra	Líon na ndearbhán chun trádáil a dhéanamh ar líne sin ar tarraingíodh anuas iad sa bhliain 2021 in aghaidh gach 100,000 duine den daonra	Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht i rith na tréimhse 01/01/2021 go 31/12/2021 in aghaidh gach 100,000 duine den daonra
55.49	82.65	50.77	382.54

#### TURASÓIREACTH

Sa bhliain 2022, thug Comhairle Contae Laoise tacaíocht do réimse leathan de thionscnaimh agus d'oibrigh sí i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit chun Contae Laoise a chur chun cinn. Rinneadh cónascadh idir Comhlachas Tráchtála Laoise agus Turasóireacht Laoise d'fhonn Comhaontas Comhlachais Laoise a chruthú. Lean an Chomhairle uirthi ag tacú le Comhaontas Chomhlachas Laoise agus a gcuid iarrachtaí chun Laois a chur chun cinn. Cuireadh tús le bróisiúr bolscaireachta faoi thurasóireacht chomh maith. Agus iad faoi chonradh ag Turasóireacht Laoise, lean Sainchomhairleoirí Margaíochta O'Connell orthu i mbun Contae Laoise a phoibliú agus a chur i mbéal an phobail. Tá láithreach ar líne láidir saothraithe trí bhíthin Suíomh Gréasáin Turasóireachta agus cainéil ar na meáin sóisialta a oibríonn go dian dícheallach chun aird a tharraingt ar an gContae agus gach a bhfuil le fáil ann. Lean an Chomhairle léi ag obair i gcomhar le Fáilte Éireann freisin chun Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe i Réigiún Ársa an Oirthir de chuid na hÉireann.

#### Ionad Oidhreachta Thigh Mochua:

Fuarthas tairiscintí chun obair chaomhantais agus athchóiriú a dhéanamh ar an Ionad Oidhreachta faoi stiúir an Phobail atá san iar-Eaglais na hÉireann i dTigh Mochua. Rinneadh meastóireacht ar na doiciméid tairisceana agus tá sé beartaithe an conradh i leith na n-oibreacha seo a bhronnadh go luath i mí Eanáir 2023. I measc na n-oibreacha atá beartaithe, tá deisiúcháin ar dhíon an bheistrí agus ar na doirse seachtracha, péintéireacht, cistinéad agus ionad fáiltithe nua, córas téimh agus clúdaigh urláir.

#### Conairí Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma

I rith na bliana 2022, díródh ar fhoirgneamh thús na conaire a fhorbairt agus beidh sé suite sa Bhán Riabhach. Athdhearadh an foirgneamh thús na conaire atá beartaithe sa bhliain 2022 agus cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach ar an 8/12/2022, agus táthar ag súil le cinneadh go luath sa bhliain 2023.

#### Ciste um Bhailte a Fhorbairt Mar Chinn Scríbe Turasóireachta

Leanadh leis an obair ar an tionscadal um Port Laoise a Fhorbairt Mar Cheann Scríbe Turasóireachta. Mar chuid den obair seo tugadh chun críche i gcomhar leis na sainchomhairleoirí dearaidh moltaí maidir leis an script, agus pleanáil is dearadh chomharthaíocht eolas na slí agus léirmhínte don bhaile. Tá na comharthaí treo agus na cláir eolais is léirmhínte á ndéanamh faoi láthair. Tá soilse nua curtha isteach mar chuid den tionscadal seo ar Lána an Phiobaráin, Lána Lyster agus Lána an Tairbh.

#### Bealach Gorm na Bearú:

Rinneadh dul chun cinn seasta ar Bhealach Gorm na Bearú a chur ar bun sa bhliain 2022. Tá an stráice Laoise de críochnaithe anois. Táthar tar éis sainchomhairleoirí a choimisiúnú chun 'Plean Comhfhorbartha Áite' a chur le chéile ar mhaithe leis na cuir chuige a úsáidtear i leith saoráidí, taitneamhachtaí agus rochtana a bheith de réir a chéile. Tá áiritheoirí chun líon na gcuariteoirí a chomhaireamh curtha isteach i 5 áit (An Baile Íseal (Baile Riobaird), Ráth Daingean, Mainistir Eimhín, Baile an Bhiocáire, agus Baile Átha Í. Tá údar dóchas i líon na gcuariteoirí a comhaireadh go dtí seo.

#### Páirceáil Carr ag Dún Másc

Tá Comhairle Contae Laoise tar éis teacht ar aontú i leith suíomh a cheannach in aice le Dún Másc. Braitheann an comhaontú seo ar chead pleanála a fháil i leith na n-oibreacha (Cuid VIII). Táthar tar éis cruinnithe tosaigh a thionól le sainchomhairleoirí cheana féin.

#### Carrchlós Ghleann Bearú

Táthar tar éis teacht ar chomhaontú i bprionsabal le húnéir talún chun suíomh a fháil ar léas in aice leis an gcarrchlós atá ann cheana féin. Tá an léas deiridh á thabhairt chun críche faoi láthair, agus tá sé beartaithe ina dhiaidh sin tús a chur le hoibreacha chun áiteanna páirceála a sholáthar sa cheantar do suas le 70 feithicil.

#### An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2022

Tionóladh an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráth an Uisce arís sa bhliain 2022. D'fhreastail 277,000 cuairteoir ar an imeacht, agus bhí 1,700 taispeántóir i láthair chomh maith. Sholáthair Comhairle Contae Laois ollphuball inar chuir 24 taispeántóir áitiúil a gcuid gnólachtaí/seirbhísí os comhair an phobail. Ina measc, bhí soláthraithe bia agus deochanna, táirgeoirí ceirde agus soláthraithe eolais.



### Rás Rothaíochta Idirnáisiúnta na mBan

Tharla Céim 3 de Rás na mBan, an Rás Rothaíochta Idirnáisiúnta na mBan, ar Dé hAoine, an 9<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2022. Cuireadh tús searmanach leis nuair a d'fhág na 120 rothaí ó Áras an Chontae. Thosaigh an Rás i bPort Laoise agus ar aghaidh leis ansin trí Mhainistir Laoise, Maighean Rátha, Móinteach Míllic, Ros Fhionnghlaise, Cluain na Slí agus Cionn Eitigh, áit ar dhreap na rothaithe Sliabh Ghaiste na Mac Tíre chun an rás a chríochnú ag an nGearradh. Ba é Lieke Van Zeelst ó Acadamh Rothaíochta an Chnoic Ghlais a bhuaigh an chéim seo den rás. Chraol TG4 an rás agus rinne RTÉ tuairiscí faoi.



### Deontais Turasóireachta

Thug Comhairle Contae Laoise €78,000 de thacaíocht airgid chun féilte agus imeachtaí a réachtáil sa chontae sa bhliain 2022. Ina measc seo bhí Féile an tSeandúin Phort Laoise, Féile na mBabhdán Dhárú, Féile Bhaois na Cúlchoille, Railí Gaile Náisiúnta na Sráide Móire, Féile Dhá Chrann Bhaile na Coille, Lonraigh in Ioma, Féile na gCarr Seanré Gordon Bennett, Fleadh Laighean, Bród Laoise, Trí-atlan Laoise. Thug Comhairle Contae Laoise tacaíocht chomh maith d'Fhéilte na Nollag a réachtáil/Soilse na Nollag a chur suas i roinnt áiteanna ar fud an chontae.

### MY PAY, LÁRIONAD SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE NA nÚDARÁS ÁITIÚIL /PÁROLLA & AOISLIÚNTAS

#### A/STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

Dermot O'Loughlin

Tá an tionscadal seo de réir sceidil faoi láthair agus taobh istigh den bhuiséad. Tá 86 fostaí fostaíthe agus iad lonnaithe sa Lárionad Seirbhísí Comhroinnte. Tá Babhta 1, 2, 3,4 agus 5 críochnaithe de réir sceidil agus tá Comhairlí Contae Laoise, Uíbh Fhailí, Longfoirt, Ros Comáin, na hIarmhí, Liatroma, na Gaillimhe, Cheatharlach, Mhuineacháin, an Chabháin, Chill Dara, na Mí, Chill Chainnigh, an Lú, Bhaile Átha Cliath Theas, Tiobraid Árann, Chiarraí, Chill Mhantáin, Shligigh, Mhaigh Eo, an Chláir, Fhine Gall, Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin, Dhún na nGall, Chorcaí agus Loch Garman chomh maith le Comhairlí Contae agus Cathrach Luimnigh agus Phort Láirge, Comhairlí Chorcaí agus na Gaillimhe agus an GBRÁ beo anois.

Seo iad na staitisticí ar an tionscadal go dtí deireadh mhí na Nollag 2022:

Luach na nÍocaíochtaí	€6,264m
Líon na nÍocaíochtaí	7,181,737
Líon na nGrúpaí Pá a Íocadh	14,122
Líon na mBabhtaí Párolla	8,249

Bhíothas in ann Comhairle Contae Chorcaí a nascadh leis an gcóras MyPay le haghaidh párolla a riaradh i mí an Mheithimh 2022. Tá obair idir lámha i gcomhar le Comhairle Contae Átha Cliath faoi láthair chun iad a nascadh leis an gcóras MyPay sa bhliain 2023.

Tá an ghné Aoisliúntas den tionscadal seo fós idir lámha:

- Tá 20 údarás áitiúil beo i gcomhair seirbhísí pinsin faoi láthair agus tá sé beartaithe an chuid eile acu a nascadh leis an gcóras faoin mbliain 2023.
- Tá MyPay i mbun Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí a riaradh anois d'earnáil na nÚdarás Áitiúil.

D'éirigh le MyPay cloí leis an gcaighdeán ISAE 3402. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an gcaighdeán seo d'eagraíochtaí seirbhísí agus caithfear é a athnuachan go bliantúil.



TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ AR GACH COISTE AGUS AR GACH COMHCHOISTE AGUS LÍON NA gCRUINNITHE DE GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH

AN COISTE A THÁINIG LE CHÉILE I RITH NA TRÉIMHSE EANÁIR GO NOLLAIG 2022

Ainm an Choiste	Comhaltaí a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Pobal Áitiúil Coiste Forbartha	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir John King An Comhairleoir Conor Bergin	11
Comhchoiste Póilíneachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Seamus McDonald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran An Comhairleoir Conor Bergin	4
An Fóram Oidhreachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir William Aird	3
An Coiste Logainmneacha	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Noel Tuohy An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Aisling Moran	1
An Coiste um Ainmniú	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Noel Tuohy An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Ben Brennan	4
Coiste Iniúchóireachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Aisling Moran	5
An Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht do Thaistealaithe	An Comhairleoir B Walsh An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly	3

**gCRUINNITHE DE GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH  
AN COISTE A THÁINIG LE CHÉILE I RITH NA TRÉIMHSE Eanáir go Nollaig 2022**

Ainm an Choiste	Comhaltaí a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Coiste Monatóireachta Choillte Laoise	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran	0
Coiste Monatóireachta ar Uisce na Tuaithe	An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Conor Bergin	1
Coiste Imeachtaí Poiblí	An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran	1
An Coiste um Nascadh	An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Conor Bergin An Comhairleoir Thomasina Connell	0

**COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA—EANÁIR GO NOLLAIG 2022**

Ainm an Choiste	Comhaltaí a Toghadh
Cumann na hÉireann um Rialtas Áitiúil	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir John King An Comhairleoir Aisling Moran
Bord Oideachais & Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Pdraig Fleming An Comhairleoir Barry Walsh An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir John King An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley
Compántas Amharclannaíochta Ealaíon Laoise Teoranta	An Comhairleoir Barry Walsh An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Noel Tuohy
Bord d'Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae	An Comhairleoir Seamus McDonald
Tionól Réigiúnach an Oirthir & Lár Tíre	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Aisling Moran
Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise Teoranta	An Comhairleoir Pdraig Fleming An Comhairleoir P J Kelly
Laois Leisure Limited	An Comhairleoir Aidan Mullins An Comhairleoir Noel Tuohy
Ionad Fiontraíochta Phort Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Barry Walsh
Ionad Fiontraíochta Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Aidan Mullins An Comhairleoir P J Kelly
Bord Threo Nua Teoranta	An Comhairleoir Noel Tuohy
Fóram Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Laighin Láir	An Comhairleoir Pdraig Fleming An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Thomasina Connell
Tascfhórsa Drugaí Réigiún Lár na Tíre	An Comhairleoir Thomasina Connell
Ionad Nuálaíochta Chúil Phort Laoise	An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
Fóram Pobail Thionscadal Atreisithe Chill Chainnigh agus Laois de chuid Eirgrid	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Thomasina Connell

**ACHOIMRE AR SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ****Eanáir – Nollaig 2022**

	€
<b>Comhdhálacha</b>	<b>2,802.07</b>
<b>Oiliúint</b>	<b>9,714.83</b>
<b>Gutháin</b>	<b>707.21</b>
<b>Speansais Mhíosúla</b>	<b>93,162.82</b>
<b>Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha</b>	<b>24,000.00</b>
<b>Liúntas d'lonadaí</b>	<b>410,286.39</b>
<b>Liúntas an Chathaoirligh</b>	<b>20,237.18</b>
<b>Liúntas an Leas-Chathaoirligh</b>	<b>3,832.75</b>
<b>Liúntas Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh</b>	<b>17,960.65</b>
<b>Liúntas Ceantair Bhardasaigh</b>	<b>9,210.70</b>
<b>FORIOMLÁN</b>	<b>€591,914.60</b>

**LÍON NA gCOMHALTAÍ BOIRD A D'FHREASTAIL AR R-OILIÚINT LE LINN NA BLIANA 2022**

<u>Oiliúint</u>	<u>Láthair</u>	<u>Dáta</u>	<u>Toscairí</u>	<u>Caiteachas</u>
<b><u>Cumann na hÉireann um Rialtas Áitiúil (CÉRÁ)</u></b>				
CÉRÁ – Modúl 1	An Muileann gCearr Corcaigh	17 Feabhra 2022 19 Feabhra 2022	8	€1632.44
CÉRÁ—Imeacht Oiliúna Bliantúil	Bun Cranncha	23—24 Márta 2022	12	€8,000.79
CÉRÁ – Modúl 2	Muineachán Inis	14 Bealtaine 2022 12 Bealtaine 2022	10	€3,720.29
CÉRÁ – Modúl 3	Ros Comáin	16 Meitheamh 2022	4	€1,095.37
Cácas na mBan de chuid CÉRÁ	Sligeach	1 Meitheamh 2022	3	€1,239.94
CÉRÁ – Modúl 4	Bun Dobhráin	23 Iúil 2022	7	€3,632.98
CÉRÁ – Modúl 5	Sligeach Cill Airne	27 Deireadh Fómhair 2022 22 Deireadh Fómhair 2022	9	€5,093.26
CÉRÁ Modúl 6	Port Láirge An Uaimh	17 Samhain 2022 26 Samhain 2022	6	€1,404.74
CCÚA—Seimineár an Fómhair	Baile Átha Troim	14—16 Meán Fómhair 2022	8	€3,555.90
Institiúid Pleanála na hÉireann				€330.00
CCÚA an Earraigh	Cill Chainnigh	11—12 Aibreán 2022	2	€388.67
CCÚA an Fómhair	Muineachán	9—11 Samhain 2022	10	€5,569.34
Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann	Sligeach	19—20 Deireadh Fómhair 2022	5	€4,412.40
<b>Méid Iomlán:</b>				<b>€39,876.12</b>

**LÍON NA gCOMHALTAÍ BOIRD A D'FHREASTAIL AR CHOMHDHÁLACHA LE LINN 2022**

<u>Comhdháil</u>	<u>Láthair</u>	<u>Dáta</u>	<u>Toscairí</u>	<u>Caiteachas</u>
An tAcht Airgeadais, 2021	Cairlinn	7—9 Eanáir 2022	3	€1,738.29
Bealach Ghleann na Suca	Ros Comáin	27 & 28 Aibreán 2022	5	€1,637.32
Comhdháil Ghnóthaí Poiblí na hÉireann	Ar Líne	25 Bealtaine 2022	1	€250.00
Dearóilíú i nDún na nGall & Níos Faide Ó Bhaile	Leitir Ceanainn	22 Iúil 2022	1	€392.99
Scoil Dhomhnaill Uí Chonaill 2022	Cathair Saidhbhín	28 & 29 Deireadh Fómhair 2022	3	€2,028.85
An Ról atá ag Údarás Áitiúla i dtaobh freastal ar riachtanais daoine scothaosta	Cairlinn	11—13 Samhain 2022	2	€994.96
<b>Méid Iomlán:</b>				<b>€7,042.41</b>

[www.laois.ie](http://www.laois.ie)

R-PHOST: [corpaffairs@laoiscoco.ie](mailto:corpaffairs@laoiscoco.ie)

Áras an Chontae, Port Laoise	Guthán: (057) 8664000
Cuntas Iníoctha, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664061
Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664013
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674308
Ceannáras Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664106
Timpeallacht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674330
Tithíocht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664106
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664075
Láithreán Líonta Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Guthán: (057) 8620653
Ceanncheathrú na Leabharlanna, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8594982
Oifig Mótarchánach, Bloc 2, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664315
Pleanáil, Bloc 1, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664201
Clár na dTogthóirí, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664105
Bóithre, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664086
Spórt & Fóillíochta, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664077
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Guthán:(057) 8674355



